**An Teastas Sóisearach**

# OIDEACHAS REILIGIÚIN

## TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

### NA TREOIRLÍNTE SEO

aidhmeanna • OR a mhúineadh

### CLÁIR TRÍ BLIANA DON TEASTAS SÓISEARACH

cineálacha cur chuige éagsúla

### MODHEOLAÍOCHTAÍ MÚINTEOIREACHTA AGUS FOGHLAMA

- cás-staidéar • rólghlacadh
- gníomhaíocht • plé
  – agus go leor eile

### AG ÚSÁID NA MODHEOLAÍOCHTAÍ

- coincheapa a bhunú
- fadhbréiteach agus cinnteoireacht
- cluichí
- cur i láthair

### MEASÚNÚ

an réasúnaíocht atá leis an measúnú

### IRIS DON OIDEACHAS REILIGIÚIN

iris shamplach agus leideanna d'obair irise

**MÓIDE:**
leideanna cabhracha,
samplaí réadúla,
go leor, leor eile...

## CLÁR ÁBHAR


| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | **RÉAMHRÁ AR NA TREOIRLÍNTE** | | 4 |
| 2. | **TREOIR MAIDIR LE CLÁR TRÍ BLIANA DON TEASTAS SÓISEARACH A PHLEANÁIL** | | 6 |
| | a | Béim a leagan ar thaithí an dalta | 6 |
| | b | Béim a leagan ar Bhliain Liotúirgeach na Críostaíochta | 8 |
| | c | Béim a leagan ar úsáid an scrioptúir | 10 |
| | d | Béim a leagan ar chur chuige bíseach maidir leis na príomhchoincheapa | 12 |
| | e | Béim a leagan ar cheisteanna síochána agus ceartais | 15 |
| | f | Béim a leagan ar chur chuige téamach | 17 |
| 3 | **MODHEOLAÍOCHTAÍ MÚINTEOIREACHTA AGUS FOGHLAMA DON OIDEACHAS REILIGIÚIN** | | 20 |
| | 3.1 | Coincheap a Bhunú agus Cás-Staidéar | 20 |
| | 3.2 | Ceachtanna Fadhbréitigh agus Cinnteoireachta | 21 |
| | 3.3 | Cluichí Ionsamhlúcháin agus Rólghlacadh | 22 |
| | 3.4 | Samhlú | 24 |
| | 3.5 | Sonraí a Chur i Láthair agus Ciall a Bhaint Astu | 25 |
| | 3.6 | Gníomhaíochtaí Féin-mheasúnaithe | 26 |
| | 3.7 | Plé | 26 |
| | 3.8 | Obair Ghrúpa | 29 |
| | 3.9 | Foghlaim Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí | 30 |
| 4. | **AG ÚSÁID NA MODHEOLAÍOCHTAÍ – PLEANANNA CEACHTA SAMPLACHA AR RANNÓGA DEN SIOLLABAS** | | 31 |
| | 4.1 | Modheolaíochtaí chun Coincheap agus Cás-Staidéar a Bhunú plean ceachta samplach ar rannóg E | 32 |
| | 4.2 | Ceachtanna Fadhbréitigh agus Cinnteoireachta plean ceachta samplach ar rannóg F | |
| | 4.3 | Cluichí Ionsamhlúcháin agus Rólghlacadh plean ceachta samplach ar rannóg B | 36 |
| | 4.4 | Plean ceachta samhlaithe samplach ar rannóg C | 39 |
| | 4.5 | Sonraí a Chur i Láthair agus Ciall a Bhaint Astu plean ceachta samplach ar rannóg B | 45 |
| | 4.6 | Gníomhaíochtaí Féin-mheasúnaithe plean ceachta samplach ar rannóg D | 47 |
| | 4.7 | Plean ceachta samplach de Phlé ar rannóg A | 51 |
| | 4.8 | Plean ceachta samplach d’Obair Ghrúpa ar rannóg A | 54 |

4.9 Plean ceachta samplach d’Fhoghlaim Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí samplach ar rannóga F, E, A agus B 61

**MEASÚNÚ** 64

5.1 An réasúnaíocht atá leis an measúnú 64
5.2 Dréacht-cheisteanna samplacha 68
5.3 Critéir mheasúnaithe 80
5.4 Freagraí samplacha 86

**IRIS DON OIDEACHAS REILIGIÚIN** 87

6.1 Ag tabhairt faoi obair irise 87
6.2 Dréacht-iris shamplach 90
6.3 Freagraí samplacha irise 92

**ACMHAINNÍ ÚSÁIDEACHA** 97

## RÉAMHRÁ AR NA DRÉACHT-TREOIRLÍNTE

### Comhthéacs

De bhrí go bhfuil oideachas reiligiúin tugtha isteach le haghaidh teastais náisiúnta, aithnítear go bhfuil gá le treoirlínte le cabhrú le múinteoirí siollabas nua an Teastais Shóisearaigh a chur i bhfeidhm. Tá na treoirlínte seo á n-eisiúint ar scoileanna mar chuid de chlár tacaíochta níos leithne. Eisítear mar dhréacht ar dtús iad – bainfear leas as an taithí a bheidh ag múinteoirí an siollabas a chur i bhfeidhm chun na treoirlínte seo a ullmhú ina leagan deiridh ag deiridh na tréimhse tosaigh.

Níl na treoirlínte seo ordaitheach. Bainfidh múinteoirí úsáid as a dtuairim ghairmiúil maidir le straitéis múinteoireachta agus foghlama a roghnú a thacóidh le cuspóirí an tsiollabais Oideachais Reiligiúin don Teastas Sóisearach a bhaint amach. Tugann na treoirlínte seo roinnt moltaí a d’fhéadfadh cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí teacht ar an tuairim sin. Leagtar béim ar leith ar an eolas, an tuiscint, na scileanna, na coincheapa agus na dearcaí atá ar fáil sa siollabas.

## AIDHMEANNA NA nDRÉACHT-TREOIRLÍNTE

Tá roinnt aidhmeanna ag na treoirlínte seo:

- Tacú le múinteoirí chun clár staidéir trí bliana a phleanáil
- Spreagadh a thabhairt chun raon leathan modheolaíochtaí múinteoireachta agus foghlama a úsáid san oideachas reiligiúin
- Naisc oiriúnacha traschuraclaim a spreagadh
- Scileanna múinteoirí a fhorbairt ó thaobh measúnaithe de
- Tacaíocht a thabhairt do mheasúnú an oideachais reiligiúin sa Teastas Sóisearach trí bhíthin dréacht-cheisteanna samplacha, freagraí samplacha agus critéir i gcomhair measúnaithe.

### Oideachas Reiligiúin a Mhúineadh don Teastas Sóisearach

Tá sé mar aidhm ag oideachas reiligiúin an teastais shóisearaigh creatlach a chur ar fáil do dhaltaí le dul i ngleic leis na traidisiúin reiligiúin éagsúla in Éirinn agus in áiteanna eile. Tá sé mar aidhm ag an siollabas tuiscint agus meas a chur chun cinn ar cén fáth a mbíonn creideamh ag daoine, chomh maith le caoinfhulaingt agus ómós ar luachanna agus creidimh gach duine. Mar chuid den ullmhúchán do dhualgais na saoránachta, déanann an siollabas tagairt ar leith do thraidisiún na Críostaíochta, mar aitheantas ar ról sonrach an traidisiúin sin agus na sainaicmí a chleachtann é, i saol na hÉireann.

Agus an siollabas a mhúineadh ba chóir aird ar leith a thabhairt ar na haidhmeanna foriomlána:

- Tuiscint a chothú go mbaineann tóraíocht an duine ar bhrí na beatha leis an gcine daonna ar fad, is cuma cén aois iad nó cén ré lena mbaineann siad;
- Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh, agus a gcuirtear fós, an tóraíocht seo ar bhrí na beatha in iúl i reiligiún;

- A aithint go ndeachaigh tuiscintí ar Dhia, ar thraidisiúin reiligiúin, go háirithe traidisiún na Críostaíochta, chun leasa an chultúir ina mairimid agus go dtéann siad i bhfeidhm fós ar ár slí mhaireachtála phearsanta, ar chaidreamh idirphearsanta agus ar chaidreamh idir daoine aonair, a bpobail agus a mbaineann leo;

- Tuiscint ar shaibhreas na dtraidisiún reiligiúin a chothú, agus aitheantas a thabhairt do thuiscintí ar an mbeatha nach bhfuil bunaithe ar reiligiún;

- Forbairt spioradálta agus mhorálta an dalta a chur chun cinn.

Ba chóir an siollabas a mhúineadh ag déanamh tagartha comhfhiosaigh d'aidhmeanna foriomlána an oideachais. Tá go leor deiseanna ann i gcomhair naisc thraschuraclaim; is féidir leas a bhaint astu seo trí chomhphleanáil múinteoirí, trí thionscnamh múinteora aonair nó trí fhiosrú a dhéanfaidh daltaí.

Is tús nua don oideachas in Éirinn atá i gceist leis an siollabas don oideachas reiligiúin a thabhairt isteach don Teastas Sóisearach. Is deis stairiúil atá ann do gach duine a bhfuil baint acu leis – múinteoirí, daltaí, scoileanna agus tuismitheoirí – le cur le forbairt chóras oideachais na hÉireann i mblianta tosaigh na tríú mílaoise.

## Treoir maidir le clár oideachais reiligiúin a phleanáil thar thrí bliana

Tá sé phlean samplacha san áireamh sa rannóg a leanas. Cuirtear gach plean i láthair le ráiteas gairid a léiríonn an réasúnaíocht atá le hord na rannóg. Taispeánann raon na bpleananna cláir an cumas atá ag an siollabas tacaíocht a thabhairt do raon leathan béimeanna agus cineálacha cur chuige thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Cé go bhfuil ord difriúil ar rannóga an tsiollabais i gceist le gach clár, clúdáitear gach ceann de na cuspóirí i rith an chláir i ngach cás.

I ngach plean déanann an litir tagairt don rannóg, agus déanann an uimhir tagairt don chuid den siollabas

m.sh. D1 = Rannóg D, Cuid a hAon

**TREOIR MAIDIR LE CLÁR OIDEACHAIS REILIGIÚIN A PHLEANÁIL THAR THRÍ BLIANA**

**PLEAN A**

**RÉASÚNAÍOCHT**

Iarrann an cur chuige seo ar na daltaí fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a mhairtear agus a chleachtar reiligiún ina bpobal féin, ina dtír agus sa domhan. Nuair a bheidh tús curtha leis an gcuardach agus leis an bhfiosrú seo acu, dírítear a n-aird ar a gcreideamh féin ansin, i gcomhréir lena gcéim fhorbartha. Athdhéantar an méid seo ar feadh an chláir trí bliana a bhfuil cuntas air thíos.

| AN CHÉAD BHLIAIN | AN DARA BLIAIN | AN TRÍÚ BLIAIN |
|---|---|---|
| **Staid an Chreidimh sa Lá atá Inniu Ann**<br>D1<br>patrúin de chreideamh agus cleachtadh reiligiúnach<br>___<br>**Tús an Chreidimh**<br>D2<br>ceist/ceistneoir, tóraíocht, brí, machnamh, uamhan, ionadh, daonnachas<br>___<br>**Pobail Chreidimh**<br>A3<br>bunaitheoir, fís inspioráideach, foilsiú, scríbhinn dhiaga, soiscéal, creideamh, féiniúlacht, reiligiúin, eaglais, sainchreidimh, díograis chreidimh, glao, seanmóireacht, misean<br>___<br>**An Comhthéacs**<br>C1<br>suíomh, comhthéacs an chultúir<br>___<br>**Foinsí na Fianaise**<br>C2<br>fianaise, traidisiún béil, scríbhinn dhiaga, fáidh, inspioráid, foilsiú, bunaitheoir, fís/brionglóid | **Foinsí Moráltachta**<br>F2<br>fís, dlíthe, údarás, traidisiún<br>___<br>**Pobal**<br>A1<br>comhoibriú, roinnt, cumarsáid, róil, cliseadh pobail<br>___<br>**Fás an Chreidimh**<br>D3<br>muinín, creideamh, creideamh pearsanta/an linbh, céimeanna sa chreideamh<br>___<br>**Creideamh á Chur in Iúl**<br>D4<br>urnaí, adhradh, aondiachas, ildiachas<br>___<br>**Comharthaí agus Siombailí**<br>E4<br>comhartha, siombail, samhail bheannaithe, sacraimint, féiniúlacht, eispéireas a chur in iúl<br>___<br>**Deasghnátha Aistrithe Saoil agus Deasghnátha eile**<br>C3<br>deasghnáth, foirm dheasghnáthach, féilte, oilithreacht, cleachtas, searmanas, áiteanna ina ndéantar adhradh, cré, eitic, féilire, urnaí | **Dúshláin don Chreideamh**<br>D5<br>machnamh, léargas ar an domhan, aithne ar Dhia, aindiachas, agnóiseachas, dí-eaglaiseachas, ábharachas, bunúsachas, cruthú<br>___<br>**Adhradh Mar Fhreagra ar an Rúndiamhracht**<br>E3<br>eispéireas na rúndiamhrachta, iontas, adhradh mar fhreagra ar eispéireas na rúndiamhrachta, ceiliúradh, cumarsáid, teagmháil le Dia<br>___<br>**Urnaí**<br>E5<br>cumarsáid le Dia, mídheamhain, rinnfheitheamh, achainí, moladh agus buíochas, aithrí, urnaí phearsanta/phobail<br>___<br>**Moráltacht Reiligiúnach Á Cur i nGníomh**<br>F4<br>cinnteoireacht, fírinne, ceart, síocháin, beatha, maoirseacht, ómós, ionracas, maithiúnas, athmhuintearas, peaca, breithiúnas |

| | | |
|---|---|---|
| **Pobail ag Gníomhú**<br>A2<br>tiomantas, fís, seirbhís, ceannaireacht<br>______<br>**Tús na Moráltachta**<br>F1<br>moráltacht, tionchar, rogha, saoirse, caidrimh, bearta/a dtorthaí, an tsochaí<br>______<br>**Saol na nDeasghnáth**<br>E1<br>áiteanna/gníomhartha/amanna tábhachtacha, beannaitheacht | **Eispéireas an Adhartha**<br>E2<br>adhradh, deasghnátha, rannpháirtíocht<br>______<br>**Ag Forbairt i gCúrsaí Moráltachta**<br>F3<br>forbairt i gcúrsaí moráltachta, coinsias, aibíocht i gcúrsaí moráltachta<br>______<br>**Eagar agus Ceannaireacht i bPobail Chreidimh**<br>A5<br>ceannaireacht, údarás, seirbhís, ministreacht | **An Dlí agus an Mhoráltacht**<br>F5<br>dlí sibhialta, bunreacht, iolrachas, bunúsachas reiligiúnach, saoirseachas<br>______<br>**An Gaol atá ag Pobail Chreidimh Lena Chéile**<br>A4<br>éacúiméineachas, plé idir-chreidmheach, seicteachas, coimhlint reiligiúnach, tuiscint do thuairimí dhaoine eile<br>______<br>**Forbairt an Traidisiúin**<br>C4<br>dílseacht, géarleanúint, forleathnú, siosma, forbairt<br>______<br>**Traidisiún, Creideamh agus Cleachtadh sa Lá atá inniu ann**<br>C5<br>struchtúr pobail, ceannaireacht agus oideachas, traidisiún, lucht leanúna, plé idirchreidmheach |

**PLEAN B**

**RÉASÚNAÍOCHT**

Tá an cur chuige seo bunaithe ar chéimeanna forbartha na ndaltaí ag leibhéal na sraithe sóisearaí. Tá sé mar aidhm aige an t-ábhar a chur i láthair ar bhealach cuimsitheach comhsheasmhach. Léiríonn sé patrún fhéilire liotúirgeach na Críostaíochta agus cleachtas coitianta reatha maidir le clár trí bliana a mhúineadh sa tsraith shóisearach.

| AN CHÉAD BHLIAIN | AN DARA BLIAIN | AN TRÍÚ BLIAIN |
|---|---|---|
| Tús na scoilbhliana go dtí an Nollaig<br>________________<br>**Pobal**<br>A1<br>comhoibriú, roinnt, cumarsáid, róil, cliseadh pobail<br>________________<br>**Pobail ag Gníomhú**<br>A2<br>tiomantas, fís, seirbhís, ceannaireacht<br>________________<br>**Comharthaí agus Siombailí**<br>E4<br>comhartha, siombail, samhail bheannaithe, sacraimint, féiniúlacht, eispéireas a chur in iúl<br>________________<br>**Saol na nDeasghnáth**<br>E1<br>áiteanna/gníomhartha/amanna tábhachtacha, beannaitheacht<br><br>Nollaig go Cáisc<br>________________<br>**An Comhthéacs**<br>B1<br>An Talamh Naofa, Impireacht na Róimhe, An Sean-Ghiúdachas, súil leis an Meisias<br>________________ | Tús na scoilbhliana go dtí an Nollaig<br>________________<br>**Tús an Chreidimh**<br>D2<br>ceist/ceistneoir, tóraíocht, brí, machnamh, uamhan, ionadh, daonnachas<br>________________<br>**Fás an Chreidimh**<br>D3<br>muinín, creideamh, creideamh pearsanta/an linbh, céimeanna sa chreideamh<br>________________<br>**Creideamh á Chur in Iúl**<br>D4<br>urnaí, adhradh, aondiachas, ildiachas<br>________________<br>**Urnaí**<br>E5<br><br>cumarsáid le Dia, mídheamhain, rinnfheitheamh, achainí, moladh agus buíochas, aithrí, urnaí phearsanta/phobail<br><br>Nollaig go Cáisc<br>________________ | Tús na scoilbhliana go dtí an Nollaig<br>________________<br>**Staid an Chreidimh sa Lá atá Inniu Ann**<br>D1<br>patrún de chreideamh agus cleachtadh reiligiúnach<br>________________<br>**Dúshláin don Chreideamh**<br>D5<br>machnamh, léargas ar an domhan, aindiachas, agnóiseachas, dí-eaglaiseachas, ábharachas, bunúsachas, cruthú<br>________________<br>**Eispéireas an Adhartha**<br>E2<br>adhradh, deasghnátha, rannpháirtíocht<br>________________<br>**Adhradh mar Fhreagra ar an Rúndiamhracht**<br>E3<br>machnamh, eispéireas na rúndiamhrachta, iontas, adhradh mar fhreagra ar eispéireas na rúndiamhrachta, ceiliúradh, cumarsáid<br><br>Nollaig go Cáisc<br>________________ |

| | | |
|---|---|---|
| **Fianaise i dTaobh Íosa**<br>B2<br>fianaise ón traidisiún béil agus scríofa, soiscéal, soiscéalaí, finné, sionoptach<br><br>Cáisc go Samhradh<br>———<br>**Pearsa agus Seanmóireacht Íosa**<br>B3<br>Ríocht Dé, parabail, míorúiltí, compántas an bhoird, deisceabail, glao, misean<br>———<br>**Tús na Moráltachta**<br>F1<br>moráltacht, tionchar, rogha, saoirse, caidreamh, bearta/a dtorthaí, an tsochaí | **Pobail Chreidimh**<br>A3<br>bunaitheoir, fís inspioráideach, foilsiú, scríbhinn dhiaga, soiscéal, creideamh, féiniúlacht, eaglais, sainchreidimh,<br>díograis chreidimh, glao, seanmóireacht, misean<br>———<br>**Creideamh i gCríost**<br>B5<br>An Chincís, misinéir, Pobal Dé, Mac an Duine, Mac Dé, an tÚrmhac, Críost, Meisias<br>———<br>**Bás agus Aiséirí Íosa**<br>B4<br>coimhlint le húdarás, íobairt, mairtíreacht, cuimhneachán, Cáisc na nGiúdach, Eocairist, aiséirí, claochlú crutha, láithreacht<br><br>Cáisc go Samhradh<br>———<br>**Foinsí Moráltachta**<br>F2<br>fís, dlíthe, údarás, traidisiún<br>———<br>**Ag Forbairt i gCúrsaí Moráltachta**<br>F3<br>forbairt i gcúrsaí moráltachta, coinsias, aibíocht i gcúrsaí moráltachta<br>———<br>**Deasghnátha Aistrithe Saoil agus Deasghnátha eile**<br>C3<br>deasghnáth, foirm dheasghnáthach, féilte, oilithreacht, cleachtas, searmanas, áiteanna ina ndéantar adhradh, cré, eitic, féilire, urnaí | **An Gaol atá ag Pobail Chreidimh Lena Chéile**<br>A4<br>éacúiméineachas, plé idir-chreidmheach, seicteachas, coimhlint reiligiúnach, tuiscint do thuairimí dhaoine eile<br>———<br>**Eagar agus Ceannaireacht i bPobail Chreidimh**<br>A5<br>ceannaireacht, údarás, seirbhís, ministreacht<br><br>Cáisc go Samhradh<br>———<br>**Moráltacht Reiligiúnach Á Cur i nGníomh**<br>F4<br>cinnteoireacht, fírinne, ceart, síocháin, beatha, maoirseacht, ómós, ionracas, maithiúnas, athmhuintearas, peaca, breithiúnas<br>———<br>**An Dlí agus an Mhoráltacht**<br>F5<br>dlí sibhialta, bunreacht, iolrachas, bunúsachas reiligiúnach, saoirseachas |

## PLEAN C

## RÉASÚNAÍOCHT

Tá an cur chuige seo bunaithe ar an tuiscint go mbeidh daltaí ó raon cúlraí sainchreidmheacha agus neamhshainchreidmheacha sna seomraí ranga. Cé gur féidir le heispéireas creidimh na ndaltaí a bheith ina hacmhainn úsáideach sa seomra ranga ní thógfar san áireamh é i scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Mar an gcéanna le réimsí eile den churaclam, fágtar ábhar níos teibí go dtí an bhliain dheiridh. Leagfaí béim ar an scrioptúr sa chlár seo.

| AN CHÉAD BHLIAIN | AN DARA BLIAIN | AN TRÍÚ BLIAIN |
|---|---|---|
| Tús na scoilbhliana go dtí an Nollaig<br><br>**An Comhthéacs**<br>B1<br>An Talamh Naofa, Impireacht na Róimhe, An Sean-Ghiúdachas, súil leis an Meisias<br><br>**An Comhthéacs**<br>C1<br>suíomh, comhthéacs an chultúir<br><br>**Fianaise i dTaobh Íosa**<br>B2<br>fianaise ón traidisiún béil agus scríofa, soiscéal, soiscéalaí, finné, sionoptach<br><br>Nollaig go Cáisc<br><br>**Pearsa agus Seanmóireacht Íosa**<br>B3<br>parabail, míorúiltí, compántas an bhoird, Ríocht Dé, deisceablacht, glao, misean<br><br>**Deasghnátha Aistrithe Saoil agus Deasghnátha eile**<br>C3<br>deasghnáth, foirm dheasghnáthach, féilte, oilithreacht, cleachtas, searmanas, áiteanna ina | Tús na scoilbhliana go dtí an Nollaig<br><br>**Foinsí na Fianaise**<br>C2<br>fianaise, traidisiún béil, scríbhinn dhiaga, fáidh, inspioráid, foilsiú, bunaitheoir, fís/brionglóid<br><br>**Bás agus Aiséirí Íosa**<br>B4<br>coimhlint le húdarás, íobairt, mairtíreacht, cuimhneachán, Cáisc na nGiúdach,<br>Eocairist, aiséirí, claochlú crutha, láithreacht<br><br>**Eispéireas an Adhartha**<br>E2<br>adhradh, deasghnátha, rannpháirtíocht<br><br>Nollaig go Cáisc<br><br>**Adhradh Mar Fhreagra ar an Rúndiamhracht**<br>E3<br>machnamh, eispéireas na rúndiamhrachta, iontas, adhradh mar fhreagra ar eispéireas na rúndiamhrachta,<br>ceiliúradh, teagmháil le Dia, cumarsáid | Tús na scoilbhliana go dtí an Nollaig<br><br>**Forbairt an Traidisiúin**<br>C4<br>dílseacht, géarleanúint, forleathnú, siosma, forbairt<br><br>**Traidisiún, Creideamh agus Cleachtadh sa Lá atá inniu ann**<br>C5<br>struchtúr pobail, ceannaireacht agus oideachas, traidisiún, lucht leanúna, plé idirchreidmheach<br><br>**Creideamh i gCríost**<br>B5<br>An Chincís, misinéir, Pobal Dé, Mac an Duine, Mac Dé, an tÚrmhac, Críost, Meisias<br><br>Nollaig go Cáisc<br><br>**Tús an Chreidimh**<br>D2<br>ceist/ceistneoir, tóraíocht, brí, machnamh, uamhan, ionadh, daonnachas<br><br>**Fás an Chreidimh**<br>D3<br>muinín, creideamh, creideamh pearsanta/an linbh, céimeanna sa chreideamh |

| | | |
|---|---|---|
| ndéantar adhradh, cré, eitic, féilire, urnaí<br>**Saol na nDeasghnáth**<br>E1<br>áiteanna/gníomhartha/amanna tábhachtacha, beannaitheacht<br><br>Cáisc go Samhradh<br><br>**Urnaí**<br>E5<br>cumarsáid le Dia, mídheamhain, rinnfheitheamh, achainí, moladh, buíochas, aithrí, urnaí phearsanta/phobail<br><br>**Tús na Moráltachta**<br>F1<br>moráltacht, tionchar, rogha, saoirse, caidreamh, bearta/a dtorthaí, an tsochaí | **Comharthaí agus Siombailí**<br>E4<br>comhartha, siombail, samhail bheannaithe, sacraimint, féiniúlacht, eispéireas a chur in iúl<br><br>**Staid an Chreidimh sa Lá atá Inniu Ann**<br>D1<br>patrún de chreideamh agus cleachtadh reiligiúnach<br><br>**Creideamh á Chur in Iúl**<br>D4<br>urnaí, adhradh, aondiachas, ildiachas<br>Cáisc go Samhradh<br><br>**Foinsí Moráltachta**<br>F2<br>fís, dlíthe, údarás, traidisiún<br><br>**Ag Forbairt i gCúrsaí Moráltachta**<br>F3<br>forbairt i gcúrsaí moráltachta, coinsias, aibíocht i gcúrsaí moráltachta | **Dúshláin don Chreideamh**<br>D5<br>machnamh, léargas ar an domhan, aindiachas, agnóiseachas, dí-eaglaiseachas, ábharachas, bunúsachas, cruthú<br><br>Cáisc go Samhradh<br><br>**Moráltacht Reiligiúnach á Cur i nGníomh**<br>F4<br>cinnteoireacht, fírinne, ceart, síocháin, beatha, maoirseacht, ómós, ionracas, maithiúnas, athmhuintearas, peaca, breithiúnas<br><br>**An Dlí agus an Mhoráltacht**<br>F5<br>dlí sibhialta, bunreacht, iolrachas, bunúsachas reiligiúnach, saoirseachas, cruthú |

**PLEAN D**

**RÉASÚNAÍOCHT**

Tá an cur chuige seo bunaithe ar na príomhchoincheapa a thógáil agus dul ar ais orthu thar thrí bliana.

**AN CHÉAD BHLIAIN**

| | | |
|---|---|---|
| **Pobal**<br>A1<br>comhoibriú, roinnt, cumarsáid, | **Creideamh á Chur in Iúl**<br>D4<br>aondiachas | **Tús na Moráltachta**<br>F1<br>moráltacht, tionchar, rogha |
| **Pobail Chreidimh**<br>A3<br>bunaitheoir, fís, fís inspioráideach, féiniúlacht, foilsiú | **Dúshláin don Chreideamh**<br>D5<br>ábharachas, bunúsachas, cruthú | **Foinsí Moráltachta**<br>F2<br>fís, dlíthe, údarás, traidisiún |
| **An Comhthéacs**<br>B1<br>An Talamh Naofa, Impireacht na Róimhe, An Sean-Ghiúdachas, súil leis an Meisias | **Saol na nDeasghnáth**<br>E1<br>áiteanna/gníomhartha/amanna tábhachtacha | **Ag Forbairt i gCúrsaí Moráltachta**<br>F3<br>coinsias |
| **Fianaise i dTaobh Íosa**<br>B2<br>fianaise ón traidisiún béil agus scríofa, soiscéal | **Eispéireas an Adhartha**<br>E2<br>adhradh, deasghnátha, rannpháirtíocht | **Moráltacht Reiligiúnach á Cur i nGníomh**<br>F4<br>cinnteoireacht, fírinne, ómós, ionracas |
| **Bás agus Aiséirí Íosa**<br>B4<br>coimhlint le húdarás, íobairt | **Adhradh Mar Fhreagra ar an Rúndiamhracht**<br>E3<br>cumarsáid, teagmháil le Dia | **An Dlí agus an Mhoráltacht**<br>F5<br>dlí sibhialta |
| **Tús an Chreidimh**<br>D2<br>machnamh, ionadh, uamhan | **Comharthaí agus Siombailí**<br>E4<br>comhartha, siombail, samhail bheannaithe, eispéireas a chur in iúl | |
| **Fás an Chreidimh**<br>D3<br>muinín, creideamh, creideamh pearsanta/an linbh | **Urnaí**<br>E5<br>cumarsáid le Dia,<br>urnaí phearsanta/phobail | |

## AN DARA BLIAIN

**Pobail Chreidimh**
A3
scríbhinn dhiaga, soiscéal, creideamh

---

**Eagar agus Ceannaireacht i bPobail Chreidimh**
A5
ceannaireacht, seirbhís

---

**Pobail ag Gníomhú**
A2
tiomantas, fís, seirbhís, ceannaireacht

---

**An Gaol atá ag Pobail Chreidimh Lena Chéile**
A4
plé idir-chreidmheach, seicteachas

---

**An Comhthéacs**
B1
súil leis an Meisias

---

**Fianaise i dTaobh Íosa**
B2
soiscéalaí, finné

---

**Bás agus Aiséirí Íosa**
B4
mairtíreacht, Cáisc na nGiúdach, Eocairist, aiséirí,

---

**Creideamh i gCríost**
B5
Críost, Meisias

---

**Staid an Chreidimh sa Lá atá Inniu Ann**
D1
patrún de chreideamh agus cleachtadh reiligiúnach

---

**Tús an Chreidimh**
D2
ceist/ceistneoir, tóraíocht

---

**Fás an Chreidimh**
D3
creideamh aibí

---

**Creideamh á Chur in Iúl**
D4
urnaí, adhradh

---

**Dúshláin don Chreideamh D5**
agnóiseachas, dí-eaglaiseachas

---

**Saol na nDeasghnáth**
E1
beannaitheacht

---

**Eispéireas an Adhartha**
E2
adhradh, deasghnátha, rannpháirtíocht

---

**Deasghnátha Aistrithe Saoil agus Deasghnátha eile**
C3
deasghnáth, féilte, oilithreacht, cleachtas, searmanas, cré

---

**Adhradh Mar Fhreagra ar an Rúndiamhracht**
E3
machnamh, ionadh, ceiliúradh

---

**Comharthaí agus Siombailí**
E4
sacraimint, féiniúlacht

---

**Urnaí**
E5
achainí, moladh, buíochas, aithrí

---

**Tús na Moráltachta**
F1
saoirse, caidrimh, bearta/a dtorthaí

---

**Foinsí Moráltachta**
F2
fís, dlíthe, údarás, traidisiún

---

**Ag Forbairt i gCúrsaí Moráltachta**
F3
forbairt i gcúrsaí moráltachta

---

**Moráltacht Reiligiúnach á Cur i nGníomh**
F4
cinnteoireacht, beatha, maoirseacht, peaca, breithiúnas

---

**An Dlí agus an Mhoráltacht**
F5
bunreacht, saoirseachas

**AN TRÍÚ BLIAIN**

| | | |
|---|---|---|
| **Pobal**<br>A1<br>róil, cliseadh pobail | **Creideamh i gCríost**<br>B5<br>An Chincís, misinéir, Pobal Dé,<br>Mac an Duine, Mac Dé, An tÚrmhac | **Comharthaí agus Siombailí**<br>E4<br>comhartha, siombail, samhail bheannaithe |
| **Pobail Chreidimh**<br>A3<br>reiligiúin, eaglais, díograis chreidimh, glao, sainchreidimh, seanmóireacht, misean | **Tús an Chreidimh**<br>D2<br>brí, daonnachas | **Urnaí**<br>E5<br>mídheamhain agus rinnfheitheamh |
| **Eagar agus Ceannaireacht i bPobail Chreidimh**<br>A5<br>údarás, ministreacht | **Fás an Chreidimh**<br>D3<br>céimeanna sa chreideamh (forbhreathnú ar eispéireas trí bliana san OR) | **Tús na Moráltachta**<br>F1<br>caidrimh, an tsochaí |
| **An Gaol atá ag Pobail Chreidimh Lena Chéile**<br>A4<br>éacúiméineachas, coimhlint reiligiúnach, tuiscint do thuairimí dhaoine eile | **Creideamh á Chur in Iúl**<br>D4<br>ildiachas | **Foinsí Moráltachta**<br>F2<br>fís, dlíthe, údarás, traidisiún |
| **Fianaise i dTaobh Íosa**<br>B2<br>sionoptach | **Dúshláin don Chreideamh**<br>D5<br>machnamh, aithne ar Dhia, aindiachas,<br>léargas ar an domhan | **Ag Forbairt i gCúrsaí Moráltachta**<br>F3<br>aibíocht i gcúrsaí moráltachta |
| **Pearsa agus Seanmóireacht Íosa**<br>B3<br>parabail, míorúiltí, compántas an bhoird, deisceablacht, Ríocht Dé, glao, misean | **Eispéireas an Adhartha**<br>E2<br>adhradh, deasghnátha, rannpháirtíocht | **Moráltacht Reiligiúnach Á Cur i nGníomh**<br>F4<br>cinnteoireacht, ceart, síocháin, athmhuintearas, maithiúnas |
| **Bás agus Aiséirí Íosa**<br>B4<br>íobairt, cuimhneachán, claochlú crutha, láithreacht | **Adhradh Mar Fhreagra ar an Rúndiamhracht**<br>E3<br>eispéireas na rúndiamhrachta, iontas, adhradh<br>mar fhreagra ar eispéireas na rúndiamhrachta | **An Dlí agus an Mhoráltacht**<br>F5<br>iolrachas, bunúsachas reiligiúnach |

## PLEAN E

## RÉASÚNAÍOCHT

Tá an cur chuige seo bunaithe ar bhéim a leagan ar cheisteanna síochána agus ceartais thar na trí bliana. Tugann an CNCM aitheantas do thacaíocht an Choiste Náisiúnta um Oideachas na Forbartha agus na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine maidir leis an gClár trí bliana seo a ullmhú

| AN CHÉAD BHLIAIN | AN DARA BLIAIN | AN TRÍÚ BLIAIN |
|---|---|---|
| **Tús na Moráltachta**<br>F1<br>moráltacht, tionchar, rogha, saoirse, caidreamh, bearta/a dtorthaí, an tsochaí | **Pobail Chreidimh**<br>A3<br>bunaitheoir, fís inspioráideach, scríbhinn dhiaga, soiscéal, creideamh, féiniúlacht, reiligiúin, foilsiú, eaglais, sainchreidimh, díograis chreidimh, glao, seanmóireacht, misean | **Traidisiún, Creideamh agus Cleachtadh sa Lá atá inniu ann**<br>C5<br>struchtúr pobail, ceannaireacht agus oideachas, traidisiún, lucht leanúna/deisceablacht, plé idirchreidmheach |
| **Pobail ag Gníomhú**<br>A2<br>tiomantas, seirbhís, fís, ceannaireacht | **An Comhthéacs**<br>C1<br>suíomh, comhthéacs an chultúir | **Comharthaí agus Siombailí**<br>E4<br>comhartha, siombail, samhail bheannaithe, sacraimint, féiniúlacht,<br>eispéireas a chur in iúl |
| **Pobal**<br>A1<br>Comhoibriú, roinnt, cumarsáid, róil, cliseadh pobail | **An Gaol atá ag Pobail Chreidimh Lena Chéile**<br>A4<br>éacúiméineachas, plé idir-chreidmheach, seicteachas, coimhlint reiligiúnach, tuiscint do thuairimí dhaoine eile | **Fás an Chreidimh**<br>D3<br>muinín, creideamh, creideamh pearsanta/ an linbh/ an duine fhásta, céimeanna sa chreideamh |
| **Tús an Chreidimh**<br>D2<br>ceist/ceistneoir, tóraíocht, brí, machnamh, uamhan, ionadh, daonnachas | **Eispéireas an Adhartha**<br>E2<br>adhradh, deasghnátha, rannpháirtíocht | **Dúshláin don Chreideamh**<br>D5<br>machnamh, léargas ar an domhan, aithne ar Dhia, aindiachas, agnóiseachas, dí-eaglaiseachas,<br>ábharachas, bunúsachas, cruthú |
| **Staid an Chreidimh sa Lá atá Inniu Ann**<br>D1<br>creideamh / cleachtas reiligiúnach | **Creideamh á Chur in Iúl**<br>D4<br>urnaí, adhradh, aondiachas, ildiachas | **Eagar agus Ceannaireacht i bPobail Chreidimh**<br>A5 |
| **Saol na nDeasghnáth**<br>E1<br>áiteanna/gníomhartha/amanna tábhachtacha, beannaitheacht | **Urnaí**<br>E5<br>cumarsáid le Dia, moladh agus buíochas, mídheamhain, | |

| | | |
|---|---|---|
| **Deasghnátha Aistrithe Saoil agus Deasghnátha eile**<br>C3<br>deasghnáth, foirm dheasghnáthach, féilte, oilithreacht, cleachtas, searmanas, comharthaí agus siombailí, adhradh, prionsabal/eitic, am beannaithe san fhéilire, urnaí /machnamh<br>**Foinsí Moráltachta**<br>F2<br>fís mhoráltachta, dlíthe, údarás moráltachta reiligiúnach, traidisiún<br>**Ag Forbairt i gCúrsaí Moráltachta**<br>F3<br>forbairt i gcúrsaí moráltachta, coinsias, aibíocht i gcúrsaí moráltachta | rinnfheitheamh, aithrí, urnaí phearsanta/phobail, achainí<br>**Foinsí na Fianaise**<br>C2<br>fianaise, foilsiú, bunaitheoir, fís/brionglóid, inspioráid, traidisiún béil, scríbhinn dhiaga, fáidh<br>**Forbairt an Traidisiúin**<br>C4<br>dílseacht, géarleanúint, forleathnú, siosma, forbairt<br>**Moráltacht Reiligiúnach Á Cur i nGníomh**<br>F4<br>cinnteoireacht, fírinne, ceart, síocháin, beatha, ómós, maoirseacht, ionracas, maithiúnas, athmhuintearas, peaca, breithiúnas | ceannaireacht, údarás, seirbhís, ministreacht<br>**An Dlí agus an Mhoráltacht**<br>F5<br>dlí sibhialta, bunreacht, iolrachas, bunúsachas reiligiúnach, saoirseachas<br>**Adhradh mar Fhreagra ar an Rúndiamhracht**<br>E3<br>Machnamh, eispéireas na rúndiamhrachta, iontas, adhradh mar fhreagra ar eispéireas na rúndiamhrachta, teagmháil le Dia, ceiliúradh, cumarsáid |

**PLEAN F**

**RÉASÚNAÍOCHT**

Molann an cur chuige seo ábhar an chláir trí bliana a chur i láthair go córasach téamach. Rinneadh naisc idir na príomhchoincheapa chun téamaí a chruthú le staidéar a dhéanamh orthu. Pléitear le gach topaic de réir mar a chuireann an siollabas i láthair í, le moltaí do gach bliain.

**AN CHÉAD BHLIAIN**

| **(Péire ar bith de na rannóga seo a leanas)** | **An Chríostaíocht – an Comhthéacs** | **Bunús an Reiligiúin Mór-Reiligiúin Dhomhanda – an Comhthéacs** |
|---|---|---|
| **Pobal**<br>A1<br>cineálacha, tréithe, freagracht aonair/pobail | B1<br>stair agus cúlra geografach shaol Íosa agus a thionchar ar shaol na ndaoine, struchtúir pholaitiúla agus reiligiúnacha ag an am | C1<br>cúlra, bunús tosaigh |
| **Pobail ag Gníomhú**<br>A2<br>róil an phobail sa tsochaí, éagsúlacht na ról laistigh de phobail | **Fianaise i dTaobh Íosa**<br>B2<br>foinsí na fianaise; doiciméid an chreidimh agus doiciméid don stair,<br>forbairt na soiscéal | **Foinsí na Fianaise**<br>C2<br>príomhfhoinsí; doiciméid chreidimh, doiciméid stairiúla, forbairt an traidisiúin |
| **Pobail Chreidimh**<br>A3<br>eaglais agus grúpaí reiligiúnacha in Éirinn; fís inspioráideach, díograis agus róil laistigh de phéire de na grúpaí seo, scéalta maidir le bunaitheoirí na Críostaíochta, an Ioslaim, an Ghiúdachais, an Hiondúchais, an Bhúdachais. | **Pearsa agus Seanmóireacht Íosa**<br>B3<br>tréithe Ríocht Dé, fianaise ar na tréithe in Íosa agus a lucht leanúna | **Deasghnátha Aistrithe Saoil agus Deasghnátha eile**<br>C3<br>príomhchreidimh agus príomhshiombailí, cleachtas reiligiúnach an lucht leanúna |
| **An Gaol atá ag Pobail Chreidimh Lena Chéile**<br>A4<br>ómós dod' chreideamh féin agus do chreideamh daoine eile, seicteachas, éacúiméineachas, plé idirchreidmheach | **Bás agus Aiséirí Íosa**<br>B4<br>amanna coimhlinte i saol Íosa, an Suipéar Déanach mar bhéile Cháisc na nGiúdach agus an Eocairist, cuntas na soiscéal ar bhás Íosa, tionchar láithreachtaí an Aiséirí ar lucht leanúna Íosa | **Forbairt an Traidisiúin**<br>C4<br>príomhdhaoine, amanna, lucht leanúna |
| | | **Traidisiún, Creideamh agus Cleachtadh sa Lá atá inniu ann**<br>C5<br>comparáid idir creideamh agus cleachtas na bpobal luath, agus creideamh na bpobal sa lá atá inniu ann, naisc idir an reiligiún domhanda roghnaithe agus cinn eile |

| | | |
|---|---|---|
| **Eagar agus Ceannaireacht i bPobail Chreidimh**<br>A5<br>cineálacha difriúla ceannaireachta i bpobail dhaonna agus reiligiúnacha/eaglaise, an caidreamh idir ceannaireacht agus údarás i bpobail reiligiúnacha/eaglaise | **Creideamh i gCríost**<br>B5<br><br>Pobail luaithe na Críostaíochta agus creideamh sa lá atá inniu ann, teidil nua d'Íosa | |

## AN DARA BLIAIN

| | | |
|---|---|---|
| **Saol na nDeasghnáth**<br>E1<br>áiteanna, gníomhartha, amanna diaga<br>__________<br>**Eispéireas an Adhartha**<br>E2<br>príomhghnéithe den adhradh<br>__________<br>**Adhradh Mar Fhreagra ar an Rúndiamhracht**<br>E3<br>eispéireas na rúndiamhrachta, adhradh mar fhreagra ar an rúndiamhracht<br>__________ | **Comharthaí agus Siombailí**<br>E4<br>comharthaí agus siombailí i saol an duine agus sa traidisiún reiligiúnach, brí na siombailí reiligiúnacha/brí na sacraiminte, áit na sacraiminte in dhá shainchreideamh Críostaíochta<br>__________<br>**Urnaí**<br>E5<br>tábhacht na hurnaí do dhaoine aonair agus do thraidisiúin reiligiúnacha, cineálacha urnaí. | **Tús na Moráltachta**<br>F1<br>cad is brí le bheith morálta, torthaí ar ghníomhartha agus ar chinntí, tionchair ar iompar an duine<br>__________<br>**Foinsí Moráltachta**<br>F2<br>foinsí, fís mhoráltachta, cóid mhoráltachta<br>__________<br>**Ag Forbairt i gCúrsaí Moráltachta**<br>F3<br>forbairt i gcúrsaí moráltachta, coinsias |

## AN TRÍÚ BLIAIN

| | | |
|---|---|---|
| **Moráltacht Reiligiúnach Á Cur i nGníomh**<br>F4<br>próiseas na cinnteoireachta morálta, tionchar na físe moráltachta reiligiúnaí; maithiúnas.<br>______________________<br>**An Dlí agus an Mhoráltacht**<br>F5<br>an caidreamh idir dlí an stáit, moráltacht phearsanta agus moráltacht reiligiúnach<br>______________________<br>**Staid an Chreidimh sa Lá atá Inniu Ann**<br>D1<br>creideamh agus cleachtadh reiligiúnach atá ag athrú, na gnéithe a imríonn tionchar ar chreidimh reiligiúnacha an ógánaigh. | **Tús an Chreidimh**<br>D2<br>ag cur ceisteanna, brí, machnamh, uamhan, ionadh, daonnachas<br>______________________<br>**Fás an Chreidimh**<br>D3<br>íomhánna de Dhia, céimeanna sa chreideamh<br>______________________<br>**Creideamh á Chur in Iúl**<br>D4<br>urnaí, adhradh, moráltacht chun creideamh a chur in iúl, scéalta maidir le daoine creidmheacha as dhá thraidisiún reiligiúnacha | **Dúshláin don Chreideamh**<br>D5<br>léargas ar an domhan agus ar chultúr an lae inniu, dúshlán an chreidimh, an caidreamh idir an dearcadh eolaíochta agus reiligiúnach maidir le cruthú<br>______________________ |

# 3. Modheolaíochtaí múinteoireachta agus foghlama don oideachas reiligiúnach

Cuireann an rannóg seo de na dréacht-treoirlínte raon leathan de mhodheolaíochtaí múinteoireachta agus foghlama i láthair, an réasúnaíocht atá le gach ceann, agus roinnt treoirlínte maidir lena n-úsáid sa rang.

3.1 Coincheap a Bhunú agus Cás-Staidéar
3.2 Ceachtanna Fadhbréitigh agus Cinnteoireachta
3.3 Cluichí Ionsamhlúcháin agus Rólghlacadh
3.4 Samhlú
3.5 Sonraí a Chur i Láthair agus Ciall a Bhaint Astu
3.6 Gníomhaíochtaí Féin-mheasúnaithe
3.7 Plé
3.8 Obair Ghrúpa
3.9 Foghlaim Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí

Níor chóir glacadh leis go bhfuil an liosta seo eisiach. Roghnaíodh na modheolaíochtaí ar leith mar rudaí atá ionadaíoch ar an raon leathan de chineálacha cur chuige féideartha.

## 3.1 COINCHEAP A BHUNÚ AGUS CÁS-STAIDÉAR

### ACHOIMRE

Cuirtear scéalta/cuntais/téacsanna i láthair do dhaltaí a dhéanann anailís ar na príomhpháirteanna agus próisis chun tús a chur le machnamh ar cheist nó feasacht a mhéadú maidir le gnéithe difriúla de choincheap.

### NÓS IMEACHTA

1. Cuir samplaí i láthair ag úsáid bealaí difriúla chun iad a chur in iúl.
2. Déan idirdhealú idir na nithe nó imeachtaí ar leith i ngach sampla agus déan na príomhthréithe criticiúla a aithint.
3. Déan comhairíonna a aithint sna samplaí.
4. Cuir lipéad ar an gcoincheap.
5. Faigh samplaí breise den choincheap ag úsáid bealaí difriúla chun iad a chur in iúl.

**Cur in Iúl Liteartha:** Is féidir leis a bheith cruthaitheach agus fuinniúil dánta/amhráin/scéalta a scríobh. Is féidir na modhanna seo a úsáid i gcomhair measúnaithe, chun dóchas agus brionglóidí

a fhiosrú, nó don chur in iúl cruthaitheach. Is féidir dul trí scéalta i ngrúpaí agus roinnt deirí féideartha a mholadh do na cásanna difriúla.

**Cur in Iúl Drámata:** Is féidir **drámaíocht/mím/damhsa** a chur i láthair grúpaí i gceachtanna gairide, cosúil le dealbhóireacht corp (áit a nglacann na baill staidiúir chun a dtuiscint ar léamh, mothúchán nó dearcadh a chur in iúl). Bain triail as gnásanna aclaíochta le ceol. Bogann na modhanna seo an fuinneamh laistigh de ghrúpa agus is féidir leo a bheith úsáideach chun fáil réidh le bacainní agus le teorainneacha a chuireann srian ar chuimsiú nó ar fhorbairt an ghrúpa.

**Cur in Iúl Amhairc**

- Léiríonn **líníocht** cruthaitheacht agus ligeann sé do dhaltaí iad féin a chur in iúl ar bhealaí eile seachas focail a úsáid. Iarr ar dhaltaí cur síos a dhéanamh ar a líníochtaí le baill eile an ghrúpa. Bain úsáid as seo chun iniúchadh a dhéanamh ar dhóchas, ar a bhfuiltear ag súil leis, ar an eagla atá orthu, an cás mar atá faoi láthair, an fhantasaíocht agus luacháil.

- **Labhair le Grianghraif** ag úsáid bailiúchán grianghraf, áit inar féidir le daltaí íomhá a roghnú a léiríonn coincheap dóibh srl.

- Is féidir le **colláisí** déanta as irisí agus nuachtáin, a léiríonn íomhánna na ndaltaí, fiosrú nó luacháil a éascú go pearsanta nó i ngrúpa.

- Is bileoga bána páipéir, cairtchláir nó cláir iad boird **graifítí.** Is féidir le daltaí nótaí tráchta a scríobh orthu maidir le ceisteanna a bhaineann leis an ngrúpa. Is féidir leo seo a bheith úsáideach le cur ar chumas na ndaltaí iad féin a chur in iúl go beacht. Is féidir leo cartúin, líníochtaí nó focail a úsáid, a d'fhéadfadh plé a chruthú nuair a thugtar ar ais chuig an ngrúpa níos mó iad.

- Is léiriú amhairc grúpa nó aonair iad **cuilteanna** ar imeachtaí, ar mhothúcháin nó ar scéalta a dhéantar suas as ábhair, lúba a fhí agus paistí éadaigh uaireanta. Is féidir páipéar a úsáid freisin. Is féidir le daltaí teacht le chéile chun cuilt a chruthú ag baint úsáide as an am chun plé agus anailís a dhéanamh agus eispéireas a roinnt, agus iad cruthaitheach gníomhach ag an am céanna.

## 3.2 CEACHTANNA FADHBRÉITIGH AGUS CINNTEOIREACHTA

### ACHOIMRE

Tugtar ceacht do dhaltaí aonair nó do ghrúpa daltaí ina bhfuil cinntí ag teastáil.
Déantar anailís ar na gnéithe le go mbeidh cleachtadh ag na daltaí ar an ngá atá le cinntí a aithint agus le hanailís a dhéanamh ar roghanna eile i bhfianaise prionsabail mhorálta nó reiligiúnacha.

### NÓS IMEACHTA

1. An fhadhb a chur i láthair (cuimsigh cásanna a bhfuil taithí ag na daltaí orthu i ndáiríre)

Ba chóir go mbeadh an fhadhb a chuirtear i láthair

- dírithe ar chuspóir an cheachta
- oiriúnach agus suimiúil do na daltaí ag an aois atá siad.

2. Sainmhíniú agus anailís ar an bhfadhb

- Aithin na gnéithe is tábhachtaí den fhadhb.
- Pléigh ceisteanna a chuireann ar chumas na ndaltaí an fhadhb a athshonrú agus ceisteanna ginearálta a aithint san fhadhb ar leith.

3. Hipitéis a bhunú a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun an fhadhb a réiteach

- Bunaigh, pléigh agus taifead roinnt réitigh difriúla ar an bhfadhb agus an tionchar a bheadh ag na réitigh sin orthu siúd atá i gceist.

- Déan dearcadh morálta nó reiligiúnach maidir leis an bhfadhb a mheas.

4. Hipitéis a roghnú agus a chur i bhfeidhm

- Déantar gach réiteach a mheas go samhlaíoch cuimsitheach i dtéarmaí a n-aidhmeanna, an toradh a bheidh orthu agus roghanna malartacha.

## 3.3 CLUICHÍ IONSAMHLÚCHÁIN AGUS RÓLGHLACADH

### ACHOIMRE

Is éard atá i gceist le cluichí ionsamhlúcháin ná nuair a chuireann daoine tasc i gcrích agus ansin déantar plé ar an gcaoi a bhain siad amach é, conas a bhí siad ag obair, na rudaí a d'oibrigh go maith, agus na rudaí a chaithfidh siad a fheabhsú. Is éard is rólghlacadh ná nuair a théann daoine i mbun róil ar bhealach a bheidh in ann dearcadh a leathnú agus tuiscint níos doimhne a fháil.

### NÓS IMEACHTA

1. Réamhrá

- Spreag na daltaí le bheith toilteanach páirt a ghlacadh ann.
- Cuir an cluiche ionsamhlúcháin/rólghlacadh i láthair an ranga ar fad.
- Roinn na daltaí i ngrúpaí níos lú más gá agus scaip na treoracha nó na rólchártaí.
- Mínigh na rialacha agus patrúin imeartha.
- Leag síos tascanna do bhreathnóirí.

2. Rólghlacadh

- Spreag na daltaí le bheith rannpháirteach san ionsamhlúchán.
- Coinnigh an t-ionsamhlúchán ag imeacht agus tabhair isteach mionchoigeartuithe nuair is cuí.
- Críochnaigh an t-ionsamhlúchán ag an bpointe réitigh, nó nuair atá an t-am istigh, nó nuair nach bhfuil suim ag na daltaí ann a thuilleadh.

3. Faisnéisiú

- Ceangal an ghníomhaíocht leis an bhfaisnéisiú.
- Spreag na daltaí chun a bhfreagairt aonair i leith an eispéiris a chur in iúl agus machnamh criticiúil a dhéanamh air. Déantar anailís ar scileanna smaointeoireachta agus iompair na ndaltaí i bplé agus é mar aidhm leis prionsabail a bhaint ón ionsamhlúchán nó ón rólghlacadh.
- Déan nótaí tráchta ó bhreathnóirí a thaifeadadh.

4. Conclúid

- Déan achoimre, ginearálaigh.
- Tabhair conclúid, léirigh an bhaint atá aige leis an aonad oibre.

## AG BAINT ÚSÁIDE AS CLUICHÍ IONSAMHLÚCHÁIN AGUS RÓLGHLACADH

Is éard atá i gceist le **cleachtaí ionsamhlúcháin** ná nuair a chuireann daoine tasc i gcrích agus ansin déantar plé ar an gcaoi a rinne siad é, conas a d’oibrigh siad, na rudaí a d’oibrigh go maith agus na rudaí a chaithfear a fheabhsú. Is é cuspóir an ionsamhlúcháin ná comh-eispéireas a bheith ag an ngrúpa, a ndéanfar anailíse air ansin de réir aidhmeanna an cheachta. Is é ról an mhúinteora ná an t-ionsamhlúchán a dhearadh, a stiúradh agus a fhaisnéisiú. Is féidir ‘breathnóir’ a úsáid chun dearcadh oibiachtúil a thabhairt ar ar tharla san ionsamhlúcháin. Caithfidh sé a bheith soiléir do bhreathnóirí nach deis cáinte é seo. Ba chóir fios a bheith acu faoina bhfuil siad ag breathnú amach dó san ionsamhlúchán agus conas é a chur i láthair san aiseolas.

Is éard is **rólghlacadh** ná nuair a théann daoine i mbun róil ar bhealadh a bheidh in ann dearcadh a leathnú agus tuiscint níos doimhne a fháil. Ba chóir do dhaltaí róil a ghlacadh bunaithe ar chásanna sa saol i ndáiríre inar féidir scileanna pearsanta a thástáil agus a fhorbairt. Tá scripteanna agus rólchártaí úsáideach mar thacaíocht don mhodh seo. Nuair a bheidh an ‘dráma’ thart, cloisfidh an príomhphearsa sa rólghlacadh chomh héifeachtach agus atá sé/sí ó na ‘haisteoirí’ eile. Is féidir an rólghlacadh a dhéanamh arís ag malartú ról ina nglacann na haisteoirí ról duine eile sa chás roghnaithe. Cabhraíonn sé seo leis na haisteoirí taithí a bheith acu ar imeacht nó ar cheist ó dhearcadh atá cosúil nó difriúil leis an gceann atá acu féin.

Is féidir **gníomhaíochtaí múscailte** a úsáid chun fuinneamh a thabhairt do ghrúpa nó chun atmaisféar suaimhneach a chothú sa rang. Is féidir leo scileanna éisteachta agus cumarsáide a fheabhsú freisin.

Is uirlisí cumhachtacha foghlama, athraithe agus cur in iúl iad **drámaíocht** agus **sceitsí**. Is féidir drámaíocht agus sceitsí a úsáid laistigh de gach suíomh grúpa chun léargas nó tuiscintí nua a bhaintear amach a fhiosrú agus iad a chur in iúl ina dhiaidh sin.

**5 LEIDEANNA ÚSÁIDEACHA CHUN NA MODHEOLAÍOCHTAÍ SEO A ÚSÁID**

1. Bain úsáid as rólchártaí le go bhfanfaidh daltaí rannpháirteach sa tasc.
2. Ná lig don aisteoireacht dul ar aghaidh rófhada, éirí leamh nó a bheith ina stéiréitíopáil.
3. Is féidir deis a bheith ann ceist a chur ar dhaltaí maidir lena smaointe nó a ngníomhartha tríd an aicsean a reo le linn rólghlactha.
4. Tarlaíonn an chuid is tábhachtaí den eispéireas foghlama a chruthaítear ag úsáid cluichí ionsamhlúcháin nó rólghlacadh nuair atá an aisteoireacht thart.
5. Déan neart am ranga a phleanáil i gcónaí i ndiaidh an chluiche ionsamhlúcháin nó rólghlactha.

## 3.4 SAMHLÚ

### ACHOIMRE

Scrúdaíonn daltaí sampla inchreidte beo de dhuine a léiríonn na scileanna nó an claonadh atá á mheas. Is daoine den aois agus den inscne chéanna is fearr don samhlú, agus feictear go bhfuil siad cosúil leis na foghlaimeoirí. Is féidir agallaimh a úsáid chun cabhrú le grúpa díriú ar na gnéithe is tábhachtaí d’ábhar nó de chás.

### NÓS IMEACHTA

1 Réamhrá

- Faigh amach cad is gá do na daltaí a fháil amach ón gcuairteoir/agallamh a aithint.
- Inis don chainteoir cad atáthar ag súil leis uaidh/uaithi.
- Ceap ceisteanna beachta is féidir leis na daltaí a chur ar an gcainteoir.

2 Agallamh/Léiriú

3 Ceistiúchán

- Déan cinneadh maidir leis na ceisteanna is tábhachtaí agus cé a chuirfidh iad
  – bíodh dalta amháin ag cur ceist amháin.

4 Conclúid

- Cuimhníonn daltaí ar a raibh siad ag súil leis ón agallamh/léiriú.
- Aithníonn daltaí an méid a dhearbhaigh an t-agallamh dóibh i dtaobh

topaice nó ceiste.

- Aithníonn daltaí bealaí ar thug an t-agallamh léargas nua ar thopaic nó ar cheist dóibh.

## 3.5 SONRAÍ A CHUR I LÁTHAIR AGUS CIALL A BHAINT ASTU

### ACHOIMRE

Cuirtear faisnéis nua i láthair na ndaltaí agus ansin déanann siad anailís uirthi i bhfianaise coincheapa a d’fhoghlaim siad roimhe sin nó mar cheist turgnamhach, le teacht ar thuiscint maidir leis na caidrimh atá i gceist. Ceapann siad conclúidí nó ceisteanna breise bunaithe ar thorthaí an cheachta.

### NÓS IMEACHTA

1 Sonraí a chur i láthair

- Glacann sonraí scríofa leis go bhfuil leibhéal litearthachta áirithe ag na daltaí.

- Is féidir sonraí amhairc a úsáid chun stair phearsanta agus stair grúpaí a insint. Cuireann sleamhnáin nó grianghraif faisnéis ar fáil maidir le daoine nó cásanna eile. Spreagann físeáin agus scannáin na daltaí, agus is foinse faisnéise agus siamsaíochta iad. Níor chóir dóibh a bheith rófhada mar gheall go mbeidh dúshlán ag baint le haird a dhíriú ar aon rud os cionn tríocha nóiméad.

- Ba chóir go mbeadh smaoineamh nó fíric thábhachtach amháin sna sonraí a chuirtear i láthair

- Roinn an sliocht ón leabhar téacs i gcodanna ábhartha le gur féidir le daltaí na príomhphointí a aithint.

2 Na príomhphointí sna sonraí a aithint –

Cad? Cé? Cén fáth? Conas? Cathain?

- Cuir ceisteanna a spreagfaidh boinn tuisceana nár scrúdaíodh fós.

- Cuir ceisteanna a ligeann do dhaltaí ciall a bhaint as na sonraí i bhfianaise coincheapa a foghlaimíodh roimhe seo.

- Bain úsáid as téacsanna scríofa mar phointe tosaigh do mhíniú nó léiriú breise.

3 Caidrimh a aithint

- Ceangail na pointí lena chéile.

- Cuir ceisteanna atá deartha leis an ngaol a dhéantar idir pointí difriúla a éascú.

4 Ginearáluithe a dhéanamh nó tátal a bhaint as

- Téigh níos faide trí na himpleachtaí a bheidh aige a aimsiú.

## 3.6 GNÍOMHAÍOCHTAÍ FÉIN-MHEASÚNAITHE

### ACHOIMRE

Téann daltaí i ngleic le gníomhaíochtaí atá deartha chun a gcuid eolais reatha agus a láidreachtaí agus laigí féin mar fhoghlaimeoirí a thaifeadadh, a struchtúrú agus a fhairsingiú. Is éard is ransú smaointe ann ná liosta tapa de na chéad tuairimí agus freagairtí a bhíonn ag duine nuair a thugtar smaoineamh. Tá sé seo úsáideach ag tús an tseisiúin le tús a chur le smaointe a ndéanfar tuilleadh oibre orthu de réir mar a dhéanfar forbairt bhreise ar an gceacht. Is féidir é a úsáid chun faisnéis a chruthú, rud a chuireann raon leathan smaointe in iúl le forbairt a dhéanamh orthu níos déanaí.

### NÓS IMEACHTA

1 Cuir an ceacht/ghníomhaíocht i láthair ag míniú cuspóirí an cheachta.

- Tugann gach dalta smaoineamh/tuairim a bhaineann leis an topaic le béim ar ghiorracht agus ag dul go tapa ó dhuine go duine.

2 Déan na freagraí a thaifeadadh gan trácht ná plé a dhéanamh orthu.

- Déan spontáineacht a spreagadh.
- Glactar le gach rud go neamhchriticiúil agus déantar iad a thaifeadadh

3 Bailigh sonraí/déan achoimre.

- Is féidir na sonraí a mhionchoigeartú trí fáil réidh le dúbailtí nó earráidí.
- Is féidir leis an ngrúpa a gcuid freagraí a chur in ord trí smaointe a ghrúpáil i gcatagóirí.

4 Déan conclúidí i bhfianaise cuspóirí an cheachta.

- Aithin agus déan plé ar na ceisteanna a d’ardaigh freagairtí na ndaltaí i bhfianaise torthaí sonraithe an cheachta.

## 3.7 PLÉ

### ACHOIMRE

Bíonn plé suite laistigh de chomhthéacs foghlama níos leithne de ghnáth mar gheall go n-éilíonn sé go mbeidh cur amach ag daltaí ar ábhar a bhaineann leis an topaic atá á plé, agus fios a bheith acu ar aidhmeanna an phlé.

## NÓS IMEACHTA

1 Cuir an t-ábhar atá le plé i láthair

- Socraigh an timpeallacht don phlé.
- Déan aidhmeanna an phlé a aithint.
- Cuir ábhar i láthair a bhfuil suim ag na daltaí ann, atá dírithe ar chuspóir an cheachta agus atá oiriúnach d'aois an ghrúpa.
- Déan brí na bpríomhthéarmaí sa topaic atá le plé a shoiléiriú le cinntiú go bhfuil bunús comónta tuisceana ann.

2 Ceistiúchán

- Téigh tríd na pointí atá le plé go córasach ag tabhairt deis do gach dalta a seasamh pearsanta féin a chur in iúl.
- Déan iarracht gan cur an iomarca leis ach déan an plé a threorú trí na cineálacha ceisteanna seo a leanas a chur:

  - ceisteanna fíricí – ag iarraidh faisnéise a foghlaimíodh roimhe seo ar dhaltaí, nó insint faoi ghné shonrach dá n-eispéireas roimhe seo
  - ceisteanna brí – ag iarraidh ar dhaltaí tuiscint ar choincheapa a léiriú, mínithe a thabhairt srl.
  - ceisteanna soiléirithe – ag iarraidh ar dhaltaí gaol a dhéanamh idir an t-ábhar atá á phlé agus a n-eispéireas féin nó eispéireas daoine eile
  - ceisteanna cothromaíochta – ag iarraidh ar dhaltaí fiosrú a dhéanamh ar na difríochtaí eatarthu
  - ceisteanna oscailte – ag iarraidh ar dhaltaí freagra a thabhairt ó chúlra a n-eispéireas agus a smaointe pearsanta féin, áit a bhfágtar na cineálacha nasc idir smaointe na ndaltaí agus téama an cheachta oscailte do na daltaí le cinneadh a dhéanamh fúthu.

3 Conclúid

- Is éard is seisiúin iomlánacha ann ná nuair a chloiseann an rang iomlán faoina raibh ar siúl i ngrúpaí níos lú. Tá tuairisceoir agus taifeadóir ag gach grúpa beag a léiríonn conclúidí an ghrúpa.

- Tugann an múinteoir an plé chun críche trí achoimre a dhéanamh ar shreabhadh an phlé agus na príomhcheisteanna a ardaíodh i bhfianaise aidhmeanna an phlé agus ord na foghlama. Spreagtar daltaí le seasamh eolach pearsanta a ghlacadh mar thoradh ar an bplé, nó chun ceisteanna breise a ardú.

## PLÉ A ÚSÁID

### Plé i nGrúpaí

Tá plé i ngrúpaí beaga úsáideach chun tuilleadh fiosraithe a dhéanamh ar cheisteanna a aithníodh, ar chinnteoireacht phraiticiúil, ar phleanáil gnímh nó plé iomlán ag líon beag daoine. Tugann grúpaí beaga sos do gach duine ón ngrúpa mór agus cabhraíonn siad le plé a chruthú agus rannpháirtíocht a spreagadh.

**Treoirlínte**

- Socraigh an cheist a bheidh le plé agus déan ceisteanna plé an-sonracha a chomhaontú.
- Socraigh an teorainn ama.
- Sann tuairisceoir le gach grúpa.
- Spreag daoine le meas a bheith acu ar a chéile agus fanacht leis an topaic.

Tá plé i ngrúpaí móra úsáideach le plé ginearálta a chur ar bun, tuairisc a thabhairt ar ais, dearcadh a chur in iúl, faisnéis a thabhairt, tograí a lorg, pleananna a chomhaontú, fuinneamh a ghiniúint, muinín a thógáil agus dóchas/a bhfuiltear ag súil leis a phlé.

**Treoirlínte**

- Spreag an oiread rannpháirtíochta agus is féidir trí dhéanamh cinnte go mbeidh deis ag gach duine cur leis.
- Ná caith an iomarca ama á dhéanamh seo, mar gheall go bhfuil achar airde gairid i gcás mar seo.

### Teicnící maidir le daoine a shannadh ina ngrúpaí

Tá **obair i mbeirteanna** úsáideach d'obair ghrinn, d'fhiosrúchán pearsanta agus d'fhéin-anailís. Sann daoine ina ngrúpaí beaga trí litreacha, uimhreacha, torthaí nó ainmhithe a ghlaoch amach. Iarr orthu sin a bhfuil an litir (uimhir, toradh nó ainmhí) céanna acu a bheith ag obair le chéile. Mar sin má tá trí ghrúpa uait, glaoigh amach A, B agus C (nó Úlla, Oráistí agus Piorraí). Is socrú suíochán é

**babhla éisc** ina mbíonn leath den ghrúpa ina suí i gciorcal agus ag obair le chéile ar rud éigin. Bíonn an leath eile ina suí taobh amuigh den chiorcal seo, níl siad rannpháirteach san obair, níl siad ach díreach ag breathnú ar an gciorcal taobh istigh. Tá an babhla éisc úsáideach i gcomhair éisteachta, coimhlint a réiteach, plé, breathnú agus ceachtanna maoirseachta. Tá sé níos fearr an modh seo a thabhairt isteach nuair atá taithí ag an ngrúpa ar chineálacha eile d'obair ghrúpa.

Is sraith d'argóintí foirmiúla labhartha ar son agus in aghaidh rúin shonraigh iad **díospóireachtaí**. Is féidir leis an modh seo a bheith úsáideach chun scileanna anailíse, feasacht chriticiúil agus meas ar dhearcadh eile a fhorbairt.

**Dordghrúpaí.** Leagann an múinteoir síos ceist nó topaic le plé. Bailíonn daltaí a smaointe ar an topaic agus breacann siad nótaí beaga. Déantar a ndearcadh ar an topaic a mhalartú i mbeirteanna agus ansin i ngrúpaí beaga agus déantar iarracht teacht ar chomhdhearcadh. Déanann ceann de na grúpaí tuairisc leis an gcuid eile den rang. Is féidir an modh seo a úsáid mar réamhobair do ghrúpa, chun faisnéis a bhailiú nó rannpháirtíocht a spreagadh trí theagmháil a fhorbairt.

## 3.8 OBAIR GHRÚPA

### ACHOIMRE

Is é ról an mhúinteora ná an ceacht nó sraith ceachtanna a eagrú ionas go ndéantar obair éifeachtach i ngrúpaí. Tugtar ábhar do dhaltaí d'obair i ngrúpa, chomh maith le treoracha soiléire chun an obair a dhéanamh agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo. Nuair a bheidh an obair ghrúpa críochnaithe téann na daltaí i mbun gníomhaíochta conclúide a dhéanann nasc idir an obair a bhí idir lámha acu agus aidhm an cheachta.

### NÓS IMEACHTA

1 Sonraí a chur i láthair d'obair ghrúpaí

- Cuir ráiteas nithiúil den tasc ar fáil.
- Leag amach an obair ghrúpa i gcomhthéacs aonad oibre.
- Déan an cineál oibre agus cuspóirí na hoibre i ngrúpaí a shoiléiriú.
- Soláthair ábhair/acmhainní ábhartha.

2 Ullmhú i gcomhair obair i ngrúpa

- Tabhair faisnéis do dhaltaí faoina bhfuil ag teastáil don obair ghrúpa.
- Déan an rang a roinnt ina ngrúpaí beaga de 4-6 dalta.
- Déan cinnte go dtuigeann gach grúpa an gaol atá ag an méid atá idir lámha aige leis an tionscadal nó leis an aonad oibre iomlán.
- Eagair ceannaireacht, coimeád taifead srl.
- Socraigh teorainneacha ama agus déan socruithe chun an áit a ghlanadh ina dhiaidh.
- Cinntigh go ndáiltear dóthain spáis oibre/cóiríochta.

3 Obair Ghrúpa

- Ba cheart do na múinteoirí comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an ranga iomláin
  agus teagmháil a choimeád leis na grúpaí.

4 Aiseolas ón obair ghrúpa agus gníomhaíocht chonclúideach

- Tuarascálacha grúpa a chur i láthair.

- Cuir na tuarascálacha in ord agus tabhair achoimre orthu.
- Cuir ceisteanna ar dhaltaí maidir le cosúlachtaí/difríochtaí idir tuarascálacha na ngrúpaí.
- Déan nasc idir gníomhaíochtaí na ngrúpaí aonair agus an tionscadal agus an t-aonad oibre foriomlán.

## 3.9 FOGHLAIM BUNAITHE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

### ACHOIMRE

Déanann modhanna foghlama gníomhaí cinnte nach bhfuil daltaí ach ag fáil faisnéise go héighníomhach agus tugtar suntas níos mó don fhoghlaim mar gheall go n-eascraíonn sé as eispéireas, smaointe agus iompar na ndaltaí féin. Cuireann modhanna foghlama gníomhaí freagracht, meas, oiliúint scileanna, agus feabhsú féinmheasa chun cinn. Tá an múinteoir freagrach as na gnéithe foghlama eispéireasacha a dhearadh, a phleanáil agus a struchtúrú.

### NÓS IMEACHTA

1 Ullmhú

- Déan aidhm na gníomhaíochta a shoiléiriú.
- Bunaigh foireann lárnach.
- Déan seisiún ransaithe smaointe maidir le dearadh na gníomhaíochta.
- Dear amchlár don ghníomhaíocht agus déan socruithe praiticiúla.
- Tabhair faoi sheisiúin oiliúna.

• Eispéireas

- Caithfidh na daltaí a bheith ina rannpháirtithe seachas ina mbreathnóirí san eispéireas chun na freagairtí atá ag teastáil mar acmhainní don chéad chéim eile sa phróiseas a spreagadh.

3 Machnamh

- Freagairtí ar an eispéireas a roinnt agus anailís agus measúnú a dhéanamh orthu.

4 Conclúid

- Faightear ginearáluithe ón roinnt, ón bplé agus ó na prionsabail a fhorbraítear.
- Déantar nasc idir iad seo agus aidhm an cheachta nó na sraithe ceachtanna.

# 4. Ag úsáid na modheolaíochtaí

**– pleananna ceachta samplacha ar chodanna den siollabas**

Sa rannóg seo de na dréacht-treoirlínte, cuirtear na modheolaíochtaí múinteoireachta agus foghlama i bhfeidhm le tacaíocht a thabhairt do rogha cuspóirí ón siollabas. Chomh maith leis sin, moltar straitéisí measúnaithe do dhaltaí gnáthleibhéil agus ardleibhéil do gach ceacht.

4.1 Modheolaíochtaí chun Coincheap agus Cás-Staidéar a Bhunú
plean ceachta samplach ar rannóg F

4.2 Ceachtanna Fadhbréitigh agus Cinnteoireachta
plean ceachta samplach ar rannóg F

4.3 Cluichí Ionsamhlúcháin agus Rólghlacadh
plean ceachta samplach ar rannóg B

4.4 Samhlú
plean ceachta samplach ar rannóg C

4.5 Sonraí a Chur i Láthair agus Ciall a Bhaint Astu
plean ceachta samplach ar rannóg B

4.6 Gníomhaíochtaí Féin-mheasúnaithe
plean ceachta samplach ar rannóg D

4.7 Plé
plean ceachta samplach ar rannóg A

4.8 Obair Ghrúpa
plean ceachta samplach ar rannóg A

4.9 Foghlaim Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí
plean ceachta samplach ar rannóg F, E, A agus B

## COINCHEAP AGUS CÁS-STAIDÉAR A BHUNÚ

## RANNÓG F – DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

## CUID A CEATHAIR – MORÁLTACHT REILIGIÚNACH Á CUR I nGNÍOMH

| | |
|---|---|
| Príomhchoincheap | Ceartas |
| Ábhar Gaolmhar | Iniúchadh a dhéanamh ar dhá fhís mhoráltachta éagsúla, féachaint cén tionchar a bhí acu ar chinntí a dhein na creidmhigh i gcúrsaí áirithe moráltachta agus i gcás fadhbanna áirithe moráltachta (Siollabas lch 46) |
| Comhthéacs an Cheachta | Tá sé mar aidhm ag an gceacht seo coincheap an cheartais a shoiléiriú ó thaobh fiosrú a dhéanamh ar chinnteoireacht maidir le ceisteanna ceartais agus éageartais |
| Aidhm | Breathnú ar thuiscint den cheartas |

Torthaí — Ba cheart i gcás na ndaltaí;

- go mbeadh a dtuiscint ar cheartas níos soiléire
- go mbeadh roinnt samplaí de cheartas feicthe acu
- go mbeadh siad in ann samplaí den cheartas áitiúil agus domhanda a aithint

### NÓS IMEACHTA

### 1. SAMPLAÍ DEN CHEARTAS A CHUR I LÁTHAIR

Trí shampla

a) Plé/dráma maidir le heasaontú i measc cairde
b) Grianghraif de bheirt nó triúr i mbun comhrá
c) Scéal tráthúil ón nuachtán

a) plé/dráma maidir le heasaontú i measc cairde

- Scaip scripteanna ar na daltaí ar fad.
- Sann na carachtair agus iarr orthu na trí ról a dhéanamh.
- Ceist fócais: An féidir leat smaoineamh ar theideal oiriúnach eile don dráma seo?

## OÍCHE DÉ hAOINE

| | |
|---|---|
| Tanya | Nílim in ann fanacht go dtí oíche Dé hAoine! Ag dul amach faoi dheireadh. Rachaimid ag babhláil. Téann go leor daoine ar an Aoine. Beidh sé go hiontach! |
| Siobhán | Bheul... chun na fhírinne a insint, b’fhearr liom dul áit éigin eile. Níl mé rómhaith ag babhláil, bheinn ag aireachtáil i m’óinseach cheart, go háirithe má tá slua i láthair agus gach duine ag breathnú orm! Bheadh náire an domhain orm! |
| Tanya | Ara lean ort! Ná mill na pleananna! Beidh an-oíche againn. |
| Siobhán | Éist. Nílim ag iarraidh an oíche a mhilleadh ar gach duine. Nílim ag iarraidh an oíche a mhilleadh ach b’fhearr liom rud éigin eile a dhéanamh. |
| Tanya | Measaim féin nach bhfuil tú ach ag smaoineamh ort féin. |
| Pól | Gabh i leith, b’fhéidir go bhféadfaimis dul áit éigin eile. Ní fiú dul ann mura mbainfidh Siobhán sult as. Ní gá dúinn dul ag babhláil. D’fhéadfaimis dul chuig an bpictiúrlann nó chuig an stuara siamsa... |
| Tanya | Bheul... Is dóigh... |
| Pól | Is féidir leat dul ag babhláil oíche éigin eile a Tanya, ach is oíche amach do gach duine é seo, mar sin déanfaimid rud éigin a mbainfidh gach duine sult as. |
| Siobhán | An cuma leat a Tanya? Tá a fhios agam go bhfuil tú an-mhaith ag babhláil, níl ann ach go bhfuilimse an-dona aige! |
| Tanya | Bhuel ceart go leor. Ach b’fhéidir go dtabharfaidh mé roinnt ceachtanna babhlála duit roimh an gcéad oíche eile. |

**b) grianghraf de bheirt nó triúr i mbun comhrá**

- Iarr ar na daltaí an grianghraf a scrúdú go cúramach. Is féidir leis a bheith i leabhar téacs, a bheith ar osteilgeoir nó ar shleamhnán, cóipeáilte nó scaipthe nó grianghraf as físeán fiú.
- Ceist fócais: Gan breathnú ar an bpictiúr arís, an féidir leat cur síos a dhéanamh ar a raibh ann?

**c) scéal ó nuachtán**

- Fiafraigh de dhaltaí cén fhaisnéis atá acu faoi chúlra an scéil.
- Léigh an scéal leis na daltaí.

- Ceist fócais: Cad a cheapann tú a tharlóidh sa chás seo?

## 2. IDIRDHEALÚ A DHÉANAMH AR OIBIACHTAÍ/GNÉITHE AR LEITH DE SHAMPLAÍ AGUS TRÉITHE CRITICIÚLA A AITHINT

a) Dráma

- Cérbh iad na carachtair sa dráma a fuair teideal nua?
- Cad í an fhadhb a bhí roimh an ngrúpa cairde seo?
- Cé a chabhraigh chun an fhadhb a réiteach?
- Cén chaoi a ndearna sé é sin?
- Cad a d'fhéadfadh tarlú murach é a bheith ann?

(Ba chóir freagraí a thaifeadadh ar chlár dubh nó ar smeach-chairt)

b) Grianghraf

- Dá mbeadh an grianghraf seo le feiceáil i nuachtán cén foscríbhinn a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis?
- Dá mbainfí úsáid as an ngrianghraf seo mar chlár fógraí, cén sórt ruda a bhféadfadh sé fógraíocht a dhéanamh air?

  (D'fhéadfadh na daltaí é seo a dhéanamh mar obair scríofa, ina n-aonar nó i mbeirteanna)

c) Scéal nuachtáin

- Ullmhaigh script ghairid do scéal ar an raidió faoin ócáid/cás sa pháipéar.

  Nó

  Ceisteanna:

  - Cé hiad na daoine a bhfuil baint acu leis an scéal seo?
  - Cad atá ag tarlú?
  - Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?

  (Ba chóir freagraí a thaifeadadh ar chlár nó ar smeach-chairt)

Straitéis mhalartach don chéim seo den nós imeachta – bain úsáid as obair ghrúpa agus tabhair dhá shampla do gach grúpa chomh maith le sraith ceisteanna/tascanna do gach sampla. Caithfidh gach grúpa tuairisc a thabhairt don rang iomlán faoina chuid thorthaí.

## 3. COMHTHRÉITHE A AITHINT

**Ceisteanna:**

- Déan achoimre ar a bhfuaireamar amach faoin gceithre rud difriúla a ndearnadh staidéar orthu go dtí seo.
- Taispeáin rud ar bith atá i gcoitinn ag na cheithre rud.

  (Scríobh na gnéithe atá i gcoitinn acu ar bhord nó ar smeach-chairt m.sh. Daoine, Meas, Éisteacht, Cearta)

## 4. COINCHEAP A LIPÉADÚ

**Ceisteanna**

- Dá gcuirfí na cheithre shampla seo le chéile i mbosca nó iad a chomhdú faoin ainm céanna ar ríomhaire nó i leabharlann cén t-ainm a d'fhéadfadh a bheith ar an mbosca/comhad?

- Iarr ar dhaltaí abairt a scríobh faoi gach sampla ag úsáid an fhocail ceartas.

## 5. SAMPLAÍ EILE DEN CHOINCHEAP A FHÁIL

- Scríobh do dhráma féin, a d'fhéadfaí a chur sa bhosca/comhad ceartais - obair aonair nó i ngrúpaí.
- Cuardaigh scéalta eile a bhaineann leis an téama sna nuachtáin.
- Scríobh litir faoin gceartas.
- Cuir agallamh ar dhuine éigin i do phobal áitiúil atá ag saothrú ar son an cheartais.

## Measúnú

**(Gnáthleibhéal)**

- Grianghraf de ghrúpa daoine atá ag gníomhú ar son an cheartais

  Mínigh a bhfuil ag tarlú sa phictiúr seo

  Tugtar 'ag gníomhú ar son an cheartais' ar an bpictiúr seo. An teideal oiriúnach é seo? Tabhair fáth le d'fhreagra

Lig ort féin gur tusa duine de na daoine sa phictiúr. Scríobh alt ag míniú cén fáth a bhfuil ceartas tábhachtach i do shaol.

Nó

- Críochnaigh an abairt seo:

  Is éard is ceartas ann ná ______________________________

  Scríobh alt faoi dhuine nó eagraíocht atá ag gníomhú ar son an cheartais. Déan tagairt don obair atá ar siúl acu, na fáthanna a dhéanann siad an obair agus tábhacht na hoibre seo.

**Measúnú**

**(Ardleibhéal)**

- Scríobh alt faoin tábhacht a bhaineann le bheith ag obair ar son an cheartais i do phobal áitiúil agus i bpobail i dtíortha eile.

  nó

- Grianghraf de dhaoine atá ag saothrú ar son an cheartais

  Mínigh a bhfuil ag tarlú sa phictiúr seo.

  Mol teideal don phictiúr agus déan do rogha a mhíniú

Cad í an ghné den cheartas a leagtar béim uirthi sa phictiúr seo? Ar cén bhealach? Cén fáth a bhféadfadh suntas ar leith a bheith ag an ngné seo den cheartas do na daoine sa phictiúr?

## 4.2 CEACHTANNA FADHBRÉITIGH AGUS CINNTEOIREACHTA

## RANNÓG F – DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

## CUID A DÓ – FOINSÍ MORÁLTACHTA

| | |
|---|---|
| Príomhchoincheap | Údarás agus Traidisiún |
| Ábhar Gaolmhar | Údarás agus traidisiún - gaois daoine eile a aithint (Siollabas leathanach 44). |
| Comhthéacs an Cheachta | Ag úsáid na modheolaíochta seo beidh ar dhaltaí anailís a dhéanamh ar na gnéithe atá i gceist le cinntí a dhéanamh. Ar an gcaoi seo is féidir le daltaí cleachtadh a fháil ar anailís a |

dhéanamh ar roghanna eile, straitéisí a roghnú le triail a bhaint astu agus na foinsí moráltachta a raibh tionchar acu ar a gcuid cinntí a aithint.

**Aidhm** A thaispeáint cén tionchar a bhíonn ag údarás agus ag traidisiún ar an mbreithiúnas a bhíonn againn den mhaith agus den olc.

**Toradh** Ba cheart go mbeadh na daltaí in ann na foinsí moráltachta ina saol féin a aithint agus an ról atá ag údarás agus traidisiún ina gcinnteoireacht a thuiscint.

## NÓS IMEACHTA

### 1. AN FHADHB A CHUR I LÁTHAIR

Léigh “Rogha an Dá Dhíogha ar Thuras Allamuigh”

Tá do rang ag dul ar Thuras Eachtraíochta Allamuigh. Seachas tú féin agus beirt chairde thug tuismitheoirí gach duine eile airgead dóibh chun feisteas nua a cheannach don turas. Teastaíonn uaibh ar fad a bheith faiseanta ach níl aon airgead agaibh. Deir do chairde leat go bhfuil sé i gceist acu
dul chuig an ionad siopadóireachta an tráthnóna sin féachaint cad a bheidh siad in ann a scuabadh leo. Tá siad ag iarraidh ortsa aird a tharraingt ort féin chun an lucht slándála a chur ar strae.

Cad a dhéanfá?

### 2. SAINMHÍNIÚ AGUS ANAILÍS AR AN bhFADHB

- Aithin na gnéithe is tábhachtaí den fhadhb.
- I measc na gceisteanna a chuireann ar chumas na ndaltaí an fhadhb a athshonrú agus na ceisteanna ginearálta san fhadhb ar leith a aithint tá:
    - Conas a bheifeá ag mothú faoin smaoineamh?
    - Trí dhaoine eile a chur ar strae cad atá do chairde ag iarraidh ort a dhéanamh i ndáiríre?
    - An gceapann tú go bhfuil sé ceart gadaíocht a dhéanamh? Cén fáth?/Cén fáth nach bhfuil?
    - Cé hiad na daoine nó cad iad na rudaí a mbeadh tionchar acu ar an tuairim sin a bheith agat?

- An gceapann tú go bhfuil sé ceart cabhrú le duine éigin eile gadaíocht a dhéanamh? Cén fáth?/Cén fáth nach bhfuil?
- Cé hiad na daoine nó cad iad na rudaí a mbeadh tionchar acu ar an tuairim sin a bheith agat?
- Cad iad na luachanna daonna atá i gceist leis an aincheist seo?
- Cad iad na roghanna sa saol atá tú ag roghnú má aontaíonn tú leis an aincheist seo?
- Cad iad na roghanna sa saol atá tú ag roghnú mura n-aontaíonn tú leis an aincheist seo?

**3. HIPITÉIS A BHUNÚ A D'FHÉADFAÍ A CHUR I BHFEIDHM CHUN AN FHADHB A RÉITEACH**

- Bunaigh, pléigh agus taifead roinnt réitigh difriúla ar an bhfadhb agus déan an dearcadh reiligiúnach nó morálta i leith na faidhbe a mheas. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh leis na réitigh:

1. D'fhéadfainn iarracht a dhéanamh a chur ina luí ar mo chairde gan gadaíocht a dhéanamh trí mhíniú dóibh go mbeidh éadaí gach duine millte faoi dheireadh an turais, mar sin tá sé chomh maith dúinn sean-éadaí a chaitheamh.

2. D'fhéadfainn an méid a d'iarr mo chairde orm a dhéanamh agus na héadaí a ghoid.

3. D'fhéadfainn dul chuig an ionad siopadóireachta ach fanacht taobh amuigh le linn do mo chairde a bheith sna siopaí.

4. D'fhéadfainn a rá nach rachainn chuig an ionad siopadóireacht mar gheall go mbristear ceann de na deich n-aithneanta agus dlí na tíre trí ghadaíocht a dhéanamh.

5. D'fhéadfainn iasacht a fháil do na héadaí ó mo thuismitheoirí.

6. D'fhéadfainn jab a fháil chun an t-airgead atá uaim do na héadaí a shaothrú srl.

- I gcás gach réiteach féideartha aithin cé hiad na daoine nó cad iad na rudaí a mbeadh tionchar acu ar dhuine smaoineamh ar an mbealach sin?
- Aithin na foinsí tionchair a bheadh ar gach réiteach féideartha ag úsáid na gceannteideal seo a leanas: teaghlach, cairde, an stát agus reiligiún.

- Aithin na hiarmhairtí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a bheidh ann de bharr gach réitigh.

## 3. HIPITÉIS A SCRÚDÚ AGUS A ROGHNÚ

- Déantar gach réiteach a mheas go samhlaíoch cuimsitheach i dtéarmaí a aidhmeanna, a iarmhairtí agus roghanna eile.

- Tar éis an cás a mheas ó phointí éagsúla – cad a dhéanfá féin?

**Measúnú**

**(Gnáthleibhéal)**

Léirítear thíos roinnt ráiteas a dhéanann daoine chun údar a thabhairt dá ngníomhartha i gcásanna ar leith. Déan gach ráiteas a mheaitseáil le focal ó liosta na bhfoinsí a mbíonn tionchar acu ar an méid a shamhlaíonn duine le maith agus olc.

| **Ráitis:** | **Foinsí Tionchair** |
|---|---|
| 1. Sin mar a rinneamar riamh é ... | |
| 2. Tá ... ag comhlíonadh na Deich nAitheanta. | |
| 3. Bheinn ag briseadh an dlí dá ndéanfainn... | |
| 4. Mhúin mo thuismitheoirí dom ... | |
| 5. Ceapann gach duine gur cheart ... | |

FOINSÍ TIONCHAIR: TEAGHLACH, CAIRDE, TRAIDISIÚN, DLÍ SIBHIALTA, CREIDEAMH.

**Measúnú**

**(Ardleibhéal)**

Agus iad amuigh ag siúl aimsíonn grúpa daltaí mála ina bhfuil €20,000, a fágadh i lána i ndiaidh robála a bhí foréigneach.

- Léirigh na fáthanna go mbeadh fonn ar na daltaí é a choinneáil agus aithin na nithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu gníomhú ar an mbealach sin.

- Léirigh na fáthanna go dtabharfadh na daltaí do na gardaí é agus aithin na nithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu gníomhú ar an mbealach sin.

- Ag tógáil fís mhoráltachta dhá thraidisiún reiligiúnacha san áireamh, cén fhreagairt a thabharfadh leantóirí na dtraidisiún sin sa chás a léirítear thuas. An mbeadh sé éasca acu é sin a dhéanamh?

## CLUICHÍ IONSAMHLÚCHÁIN AGUS RÓLGHLACADH

## RANNÓG B BUNÚS AN REILIGIÚIN – AN CHRÍOSTAÍOCHT

## CUID A hAON - AN COMHTHÉACS

| | |
|---|---|
| Príomhchoincheap | An Talamh Naofa |
| Ábhar Gaolmhar | Na struchtúir pholaitíochta agus reiligiúin in aimsir Íosa (Siollabas leathanach 19) |
| Comhthéacs an Cheachta | Tá sé mar aidhm ag an gceacht cabhrú le daltaí fiosrú a dhéanamh ar an gcomhthéacs inar rugadh Íosa trí léargas a thabhairt dóibh ar na grúpaí reiligiúin agus sóisialta sa tsochaí ag an am. |
| Aidhm | Tuiscint a thabhairt do na daltaí ar na grúpaí reiligiúin agus sóisialta a bhí sa tsochaí inar rugadh Íosa. |
| Torthaí | Ba cheart go mbeadh eolas agus tuiscint ag na daltaí ar na grúpaí reiligiúin agus sóisialta a bhí sa tsochaí inar rugadh Íosa. |

## NÓS IMEACHTA

### 1. RÉAMHRÁ

Eolas agus tuiscint na ndaltaí ar na grúpaí reiligiúin agus sóisialta in aimsir Íosa a thabhairt chun cuimhne

| | |
|---|---|
| Fairisínigh | Níor thug na Fairisínigh tacaíocht don Róimh. Agus iad ina gceannairí reiligiúnacha ar na daoine ar fud na tíre, rinne siad reiligiún a fhorbairt ina raibh an Dlí lárnach. Bhí siad an-chráifeach, ach níorbh sagairt iad. |
| Sadúcaigh | Thug an grúpa sagart agus tuataí saibhre seo tacaíocht don Róimh mar gheall gur bhain siad féin leas as é sin a dhéanamh. Bhí said bunaithe in Iarúsailéim agus bhí tábhacht le hadhradh sa teampall. Chaith siad a saol ag cloí go docht leis an Torah. |

| | |
|---|---|
| Eiséanaigh | Mheas siad go raibh an Giúdachas coinbhinsiúnach éillitheach agus scar siad ón adhradh sa teampall. Chreid siad go raibh Lá an Bhreithiúnais ag teacht. D'imigh go leor acu chuig pobail san fhásach ag fanacht leis an deireadh. |
| Díograiseoirí | Lucht radacach mhíleatach, bhí siad cinnte dearfa de gurb í an chéad chéim i dtreo Ríocht Dé ná na Rómhánaigh a dhíbirt as Iosrael. D'eagraigh said éirí amach i gcoinne na Róimhe tar éis bás Íosa. |
| Samáraigh | Chaith na Giúdaigh leis na daoine seo mar díbeartaigh. Chuaigh siad i measc na bhfórsaí cloíte tar éis Teampall Sholaimh a scriosadh agus diúltaíodh dóibh páirt a ghlacadh i dtógáil an dara Teampaill tar éis dóibh filleadh ó dheoraíocht. |

Roinn na daltaí ina ngrúpaí a léiríonn gach ceann de na grúpaí reiligiúin agus sóisialta in aimsir Íosa. Iarrtar ar gach grúpa dul i mbun a róil trí bheith in ann a rá:

- Cé mise?
- Cén imní atá orm faoinár dtír i láthair na huaire?
- Cén dóchas atá agam don todhchaí?

Ainmníonn gach grúpa dalta amháin chun a ndearcadh a léiriú.

## 2. RÓLGHLACADH

Cuir an cluiche ionsamhlúcháin/rólghlachadh i láthair don rang iomlán agus déan rólchártaí a dháileadh ar na daltaí i ngach grúpa.

I sráidbhaile Giúdach in aimsir Íosa buaileann grúpa daoine (duine ó gach ceann de na grúpaí reiligiúin agus sóisialta) lena chéile ag an Teach Ósta. Suíonn siad i gciorcal agus insíonn siad cé hiad féin agus cén imní atá orthu. Tagann Íosa isteach sa ghrúpa agus deir sé le gach duine faoi seach
"Is mise Íosa Nazórach, cad is féidir liom a dhéanamh duit?

Lig don ghrúpa iomlán freagra a thabhairt ar an gceist.

### Rólchártaí

**AN STRIAPACH, PRISCILLA**

Is duine de striapacha an bhaile mise. Tá go leor againn sa tír agus cosúil liomsa, is minic gur muid an iníon is óige i gclann mhór. Faoin uair a raibh mé in aois phósta, bhí mo thuismitheoirí básaithe agus bhí a dteaghlach féin ag mo chuid deartháireacha agus deirfiúracha agus an baile fágtha acu. Ní raibh airgead, áit chónaithe ná rogha ar bith agam. Ciallaíonn an striapachas gur féidir liom fanacht beo.

Tá go leor custaiméirí agam, Rómhánaigh, trádálaithe, ceannaithe, agus feirmeoirí nuair a dhéanann siad margadh maith. Tá a fhios agam gur peacaí mé agus go gcuirfear pionós mór orm, ach ní thugaim mórán airde ar an reiligiún ar aon nós. Níl cead agam dul isteach sa sionagóg agus leis an oiread custaiméirí reiligiúnacha atá agam, ceapaim go bhfuil cur i gcéill éigin i gceist le gach reiligiún.  Níl aon chairde agam. Nuair a bhím ag siúl na sráideanna, casann daoine a gcloigeann ionas nach mbeidh gá dóibh breathnú orm agus tugann páistí óga ainmneacha maslacha orm.

**AN LOBHAR, LORENZO**

Is lobhar mé agus tá cónaí orm ar imeall an bhaile leis na daoine eile atá tinn agus faoi mhíchumas. Ba cheannaí saibhir a bhí ionam agus mé i mo chónaí i dteach breá go dtí gur bhuail comharthaí tosaigh an ghalair mé. Ar dtús shéan mé a raibh ag tarlú dom. Fear maith a bhí ionam! Bheannaigh Dia leis an tsláinte agus an táinte mé. Ghuínn go rialta agus chomhlíon mé riachtanais ar fad an chreidimh. D'íoc mé mo chánacha. Thug mé airgead do na daoine bochta – ach féach an galar gránna seo atá orm, ag fógairt do chách gur peacaí a bhí ionam!

Fiú amháin inniu níl a fhios agam conas a mhaslaigh mé Dia, gur thug sé an galar seo dom mar phionós. Níl baint ar bith ag mo theaghlach agus mo chomhpháirtithe liom a thuilleadh agus bím ag brath ar charthanacht daoine eile a fhágann bia dúinn le tabhairt linn ag imeall an bhaile. Bíonn sé deacair agam guí anois. Níl cead agam dul isteach sa sionagóg ar ndóigh, ach ní shin is cúis leis. Mothaím gur loic Dia orm.

**AN FEAR DÉIRCE, BARTHOLOMEW**

Bím ag lorg déirce gach lá ag an teampall chun cúpla bonn nó rúinne bia a fháil. Bhíodh talamh ag mo theaghlach tráth ach bhí orthu é a dhíol chun cánacha a íoc agus ní raibh fágtha agam ach saol an fhir dhéirce. Níl sé éasca. Ní maith le daoine muid a fheiceáil agus bíonn siad ag iarraidh muid a bhogadh chuig áit eile i gcónaí. Deir siad liom go gcaithfeadh sé go ndearnamar peaca le bheith chomh bocht ach tá aithne agamsa ar roinnt peacaithe atá saibhir! Tá sé deacair agam muinín a bheith agam i nDia nuair atá an chuma ar an scéal go bhfuil Sé chomh héagothrom.

**AN FAIRISÍNEACH, PILIB**

Is Fairisíneach mé, ball de ghrúpa reiligiúin na nGiúdach. Eagraímid an sionagóg. Is é an rud is tábhachtaí inár saol ná dlí Dé. Caithimid ár saol de réir an dlí agus táimid ag iarraidh ar dhaoine eile an rud céanna a dhéanamh. Caithfimid cuid mhaith d'ár gcuid ama ag staidéar an dlí le go mbeimid in ann daoine eile a threorú ina saol agus cabhrú leo an dlí a choinneáil. Tá meas mór ag daoine orainn mar gheall gur féidir linn tionchar mór a imirt.

Cabhraímid le daoine trí insint dóibh conas is féidir leo gan an dlí a bhriseadh i ngach gné dá saol, trí gan a bheith ag obair ar lá na Sabóide mar shampla. Bímis ag troscadh go rialta agus súil againn go ndéanfaidh gach duine eile amhlaidh. Múinimid freisin go gcaithfidh daoine maithe cráifeacha na daoine a bhriseann an dlí a sheachaint ar ais nó ar éigin. Is éard atá i gceist le bheith naofa ná dlí Dé a choinneáil agus fanacht amach ó na peacaithe.

Ba mhaith linn go n-imeodh na Rómhánaigh mar gheall nach leanann siad dlíthe Dé. Bíonn drochthionchar acu ar na daoine ach is dóigh liom go gcaithfimid cur suas leo faoi láthair ar aon nós.

**AN DÍOGRAISEOIR, ZACHARY**

Déanaim iarracht gan cur isteach ná amach ar aon duine. Tá sé tábhachtach nach bhfaighidh daoine amach an iomarca fúm mar gheall nach mbíonn a fhios agat riamh cé a dhéanfaidh feall ort. Níl ach sprioc amháin againn mar dhíograiseoirí - na Rómhánaigh a dhíbirt amach as an tír ar ais nó ar éigin, úsáidfimid bearta ar bith atá ag teastáil lena n-áirítear foréigean. Ag deireadh an lae, níl suim ag arm na Róimhe i modhanna síochánta. Is minic a thugtar Isceiriótaigh orainn, focal a thagann ón ainm a thugtar ar na daigéir bheaga a úsáidimid uaireanta inár gcuid oibre.

Déanaimid iarracht a bheith inár nGiúdaigh maithe - agus táimid ag iarraidh go mbeidh an cine Giúdach glan - gan eachtrannaigh a bheith anseo. Is é seo talamh Dé agus is muidne muintir Dé. Is chuige sin a bhímid ag streachailt.

**AN SADÚCACH, SAMUEL**

Is sagart mé agus bím ag obair sa teampall. Bhí m'athair agus a athair roimhe ina sagairt freisin. Meastar gur teaghlach an-chumhachtach agus beannaithe sinn dá bharr.

Bailímid cánacha an teampaill atá le híoc ag gach duine a thugann cuairt ar an teampall in Iarúsailéim. Baintear úsáid as an airgead seo leis an teampall a chothabháil agus mar thacaíocht dár dteaghlaigh. Tá saol maith ag mo theaghlach, ach is mar sin is cóir dó a bheith.

Chomh fada agus a bhaineann sé leis na Fairisínigh... bhuel déanann siad a ndícheall ach is tuathánaigh iad ag deireadh an lae agus ar bhealaí áirithe níl siad sách dian.

Déanaimid iarracht réiteach leis na Rómhánaigh mar gheall go bhféadfadh sé go ndúnfaidís an teampall mura ndéanfaimis amhlaidh agus is tubaiste a bheadh ansin don phobal i gcoitinne agus don reiligiún Giúdach. Ní bheadh maitheas ar bith ann dúinne ach an oiread.

**AN BHEAN GHIÚDACH, JANE**

Go raibh maith agat as deis cainte a thabhairt dom! Is bean mé a bhfuil an-ádh orm - tá fear céile agus beirt mhac bhreátha agam.  Caithim mo shaol ag tabhairt aire dóibh - ag fáil uisce agus ag coinneáil tine síos sa teach. Tá roinnt de na mná a bhfuil aithne agam orthu ó bheith ag dul chuig an tobar colscartha ag a bhfir céile mar gheall nár shásaigh siad iad.

Ach tá m’fhear céile an-sásta liomsa! Táim bródúil a bheith ag siúl taobh thiar dó sa tsráid le taispeáint gur bean chéile mhaith mé. Thug mé an chlann mhac dó a bhí sé ag iarraidh. Bheadh an-díomá air iníonacha a bheith aige. Tugann sé buíochas do Dhia gach lá nár rugadh ina bhean é. Guím ar Dhia agus tugaim buíochas dó go bhfuilim beannaithe, agus deirim an bheannacht speisialta oíche na Sabóide.

Nuair a théimis chuig an tsionagóg suím san áit atá ann do na mná. Ní bhíonn cead againn páirt a ghlacadh sna hurnaithe oifigiúla.

**3.  FAISNÉISIÚ**

Ceisteanna do na rannpháirtithe sa rólghlacadh

- Conas a mhothaigh siad agus iad i mbun a gcuid róil?
- Conas a chaith daoine eile leo agus iad ina gcuid róil?
- Conas a mhothaigh siad nuair a tháinig Íosa i láthair agus nuair a chuir sé an cheist orthu?
- Conas a thugann an rólghlacadh seo léargas dúinn ar an domhan sóisialta agus reiligiúin inar rugadh Íosa?

**4.  CONCLÚID**

Déan nasc leis seo agus an chéad rannóg oibre eile.

Tá an cleachtadh seo curtha in oiriúint ó sheisiún ón gClár Partners in Faith, agus fuarthas cead é a úsáid.

## Measúnú

## (Gnáthleibhéal)

### Ceisteanna Samplacha

Déan ainmneacha na ngrúpaí reiligiúin agus sóisialta sa tsochaí inar rugadh Íosa a mheaitseáil leis an gcur síos a thugtar thíos:

Fairisínigh Sadúcaigh Díograiseoirí Eiséanaigh Samáraigh

Mheas siad go raibh an Giúdachas coinbhinsiúnach éillithe agus scar siad ón adhradh sa teampall. Chreid siad go raibh Lá an Bhreithiúnais ag teacht. D'imigh go leor acu chuig pobail san fhásach ag fanacht leis an deireadh.

Thug an grúpa sagart agus scríobhaithe seo tacaíocht don Róimh mar gheall gur bhain siad féin leas as é sin a dhéanamh. Bhí siad bunaithe in Iarúsailéim agus bhí tábhacht le hadhradh sa teampall. Chaith siad a saol ag cloí go docht leis an Torah.

Lucht radacach mhíleatach, bhí siad cinnte dearfa de gurb í an chéad chéim i dtreo Ríocht Dé ná na Rómhánaigh a dhíbirt as Iosrael. D'eagraigh siad éirí amach i gcoinne na Róimhe tar éis bás Íosa. Cuireadh an t-éirí amach faoi chois agus tháinig deireadh leis nuair a scriosadh Iarúsailéim sa bhliain 70 AD. Ba eagraíocht Giúdach a bhí iontu a bhí tiomanta cumhacht na Rómhánach a scriosadh trí reibiliún oscailte. Fuair siad a bpríomhthacaíocht i nGailíl. In 66 AD bhí éirí amach ann. Bhí an bua ag na Rómhánaigh agus sa bhliain 70 AD scriosadh teampall mór Iarúsailéim chomh maith leis an gcuid ba mhó den chathair.

Chaith na Giúdaigh leis na daoine seo mar díbeartaigh. Chuaigh siad i measc na bhfórsaí cloíte tar éis Teampall Sholaimh a scriosadh agus diúltaíodh dóibh páirt a ghlacadh i dtógáil an dara Teampaill tar éis dóibh filleadh ó dheoraíocht.

Níor thug na Fairisínigh tacaíocht don Róimh. Agus iad ina gceannairí reiligiúnacha ar na daoine ar fud na tíre, rinne siad reiligiún a fhorbairt ina raibh an Dlí lárnach. Bhí siad an-chráifeach, ach níorbh sagairt iad.

## Measúnú

## (Ardleibhéal)

Ansin, lá sabóide eile, chuaigh sé isteach sa tsionagóg agus thosaigh ag teagasc. Bhí fear ann a raibh a lámh dheas seargtha... (Lúcás 6: 6)

Scríobh ailt ag déanamh cur síos ar an méid a bheadh triúr díobh seo a leanas ag súil leis agus an freagairt a bheadh acu i ndiaidh na cuairte seo: Lobhar, Fairisíneach, Sadúcach, Díograiseoir, Eiséanach, Samárach agus bean Ghiúdach.

## 4.4 SAMHLÚ

## RANNÓG C - BUNÚS AN REILIGIÚIN - MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

### CUID A TRÍ - DEASGHNÁTHA AISTRITHE SAOIL AGUS DEASGHNÁTHA EILE

| | |
|---|---|
| Príomhchoincheap | Prionsabail/eitic, comharthaí agus siombailí Mhór-Reiligiúin Dhomhanda |
| Ábhar Gaolmhar | Príomhghnéithe ballraíochta sa mhór-reiligiún domhanda a roghnaíodh chun staidéir – prionsabail agus cleachtas (Siollabas leathanach 23) |
| Comhthéacs an Cheachta | Cuireann daltaí duine éigin faoi agallamh le cabhrú chun díriú ar phríomhghnéithe Mór-Reiligiúin Dhomhanda. |
| Aidhm | Staidéar mionsonraithe a dhéanamh ar mhór-reiligiún domhanda |
| Torthaí | Ba chóir go mbeadh daltaí in ann príomhghnéithe creidimh agus siombailí an Mhór-Reiligiúin Dhomhanda a roghnaíodh chun staidéir, a aithint. |

### NÓS IMEACHTA

### 1. SONRAÍ A CHUR I LÁTHAIR

Beidh do rang ag tabhairt cuairte ar ionadaí an Mhór-Reiligiúin Dhomhanda go gairid nó tabharfaidh an t-ionadaí cuairt orthu. Is é atá le déanamh agat ná ullmhúchán a dhéanamh don chuairt sin le gur féidir leis an rang ceisteanna eolacha a chur.
Ba chóir do dhaltaí an méid seo a leanas a phlé:

- Cad atá ar eolas againn cheana féin faoin Mór-Reiligiún Domhanda seo?
- Cad atá le fáil amach againn ón gcuairteoir/agallamh?
- Cad atá tú ag súil a fháil amach faoin Mór-Reiligiún Domhanda seo ón gcuairt?
- Conas a bheidh an cuairteoir, dar leat?

Ceap ceisteanna beachta is féidir leis na daltaí a chur ar an gcainteoir.

### 2. AGALLAMH

Déantar na ceisteanna a chomhaontú don agallamh. Ba chóir do na daltaí aidhmeanna an agallaimh a chomhaontú roimh ré agus iad seo a úsáid chun an straitéis ceistiúcháin thíos a phleanáil.

Sannann daltaí ceisteanna ar agallóirí agus cuirtear na ceisteanna in ord. I measc na dtopaicí atá le clúdach sna ceisteanna tá: saol an teaghlaigh, siombailí agus adhradh, rialacha agus deasghnátha, scrioptúir, féilte, tír a bhunúis, an saol in Éirinn.

## 3. CONCLÚID

- Cuimhníonn daltaí ar a raibh siad ag súil leis ón agallamh/léiriú.
- Aithníonn daltaí an méid a dhearbhaigh an t-agallamh dóibh i dtaobh topaice nó ceiste.
- Aithníonn daltaí bealaí ar thug an t-agallamh léargas nua dóibh ar Mhór-Reiligiún Domhanda.

**Measúnú**

**(Gnáthleibhéal)**

Ceisteanna Samplacha

Aithin 3 cinn de na nithe thíos a bhaineann le Mór-Reiligiún Domhanda agus scríobh alt faoi gach mír nó reiligiún



**Measúnú**

**(Ardleibhéal)**

Bunaithe ar d’agallamh le duine ó Mhór-Reiligiún Domhanda scríobh trí alt a léiríonn:

- a raibh tú ag súil leis ón gcuairt
- príomhchreideamh agus príomhchleachtas an Mhór-Reiligiúin Dhomhanda
- an méid a d’fhoghlaim tú ón gcuairt.

## SONRAÍ A CHUR I LÁTHAIR AGUS CIALL A BHAINT ASTU

## RANNÓG B – BUNÚS AN REILIGIÚIN – AN CHRÍOSTAÍOCHT

## CUID A DÓ – FIANAISE I dTAOBH ÍOSA

| | |
|---|---|
| Príomhchoincheap | Soiscéal |
| Ábhar Gaolmhar | Éagsúlacht léargais sna Soiscéil – samplaí as scríbhinní na soiscéalaithe (Siollabas leathanach 20) |
| Comhthéacs an Cheachta | Ag úsáid na modheolaíochta seo beidh ar dhaltaí na cosúlachtaí agus na difríochtaí sna cuntais soiscéil ar an ócáid chéanna a aithint. |
| Aidhm | Léargas agus tuiscint a thabhairt do na daltaí ar na soiscéil shionoptacha i dtéarmaí na mbealaí ina bhfuil cosúlachtaí agus difríochtaí sna cuntais atá iontu ar na hócáidí. |
| Torthaí | Ba chóir go mbeadh daltaí in ann tuiscint a léiriú ar an gcúis go dtugtar soiscéil shionoptacha ar roinnt de na soiscéil agus cosúlachtaí a aithint sna cuntais a thugann siad ar ócáid i saol Íosa. |

## NÓS IMEACHTA

### 1. SONRAÍ A CHUR I LÁTHAIR

**Réamhrá:**

Déanfaimid comparáid ar an gcaoi a d’inis na scríbhneoirí Soiscéil Matha, Marcas agus Lúcás an scéal míorúilte faoi Íosa ag smachtú na dúile

Ag úsáid trí ghuth difriúla léigh cuntais na Soiscéal ar “Smacht ag Críost ar na Dúile” i Soiscéal Mhatha 8:18-27; Soiscéal Mharcais 4:35-41; Soiscéal Lúcáis 8:22-25.

| **NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ** | An Bíobla Dea-Scéala |
|---|---|
| Cé gur féidir leagan ar bith den scrioptúr a úsáid sa rang, tá sé i gceist go mbeidh na ceisteanna sa scrúdú ag teacht ó trí chinn acu: | Bíobla Iarúsailéim<br><br>An Leagan Nua Caighdeánach Athcheartaithe<br><br>Má dhéantar téacs a lua ar an bpáipéar, tabharfar na trí leagan. |

## SOISCÉAL MHATHA 8:18-27

Nuair a chonaic sé na sluaite ina thimpeall, d’ordaigh Íosa dul go dtí an taobh thall.

Tháinig scríobhaí chuige, agus dúirt: “A Mháistir, leanfaidh mé thú cibé áit a rachaidh tú." Dúirt Íosa leis: “Tá pruchóga ag na sionnaigh, agus neadacha ag éanlaith an aeir, ach níl ag Mac an Duine áit ar a leagfadh sé a cheann."

Dúirt fear eile leis, duine de na deisceabail, “A Thiarna, bíodh cead agam dul ar dtús agus m’athair a adhlacadh.”

Dúirt Íosa leis: “Lean mise, agus lig do na mairbh a mairbh a adhlacadh.”

Ansin chuaigh Íosa ar bord an bháid agus lean a dheisceabail é.

Agus tháinig go tobann suaitheadh chomh mór sin san uisce go raibh an bád á mhúchadh ag na farraigí.

Ach bhí sé féin ina chodladh.

Agus tháinig siad chuige á mhúscailt ag rá: “A Thiarna, saor sinn, tá an bás againn!”
Dúirt sé leo: “Cén fáth a bhfuil eagla oraibh, a lucht an bheagán creidimh?”
D’éirigh sé ina sheasamh ansin agus bhagair sé ar na gaotha agus ar an bhfarraige, agus bhí sé ina théigle mhór.

Bhí ionadh ar na fir agus deiridís: “Cén sórt duine é seo a rá go ndéanann na gaotha féin agus an fharraige rud air?”

## SOISCÉAL MHARCAIS 4:35-41

Nuair a bhí an tráthnóna ann an lá siúd dúirt sé leo: “Téimis trasna anonn."

Agus ag fágáil an tslua ina ndiaidh, thug siad leo é sa bhád mar a bhí sé, agus bhí báid eile á thionlacan. D’éirigh cuaifeach mór gaoithe, agus bhí na farraigí ag bualadh an bháid sa chaoi go raibh sí ag líonadh cheana féin.

Bhí sé féin i ndeireadh an bháid ina chodladh agus a cheann ar an bpillín,

agus mhúscail siad é agus dúirt leis, “A Mháistir, an ea nach cás leat go bhfuil an bás againn?"
Agus ar dhúiseacht dó bhagair sé ar an ngaoth, agus dúirt leis an bhfarraige “Éist, bí socair!"
Agus thit an ghaoth agus bhí sé ina théigle mhór.

Dúirt sé leo: “Cén fáth a bhfuil an eagla seo oraibh? An ea nach bhfuil creideamh agaibh?”

Bhí uamhan agus eagla orthu agus bhí siad á rá eatarthu féin: Cé hé an duine seo, más ea, a rá go ndéanann gaoth agus farraige rud air?”

**SOISCÉAL LÚCÁIS 8:22-25**

Tharla aon lá amháin go ndeachaigh sé ar bord báid, é féin agus a dheisceabail agus dúirt sé leo: “Téimis trasna an locha anonn."

Agus chuir siad chun farraige. Agus ag seoladh dóibh, thit seisean ina chodladh. Agus tháinig cuaifeach gaoithe anuas ar an loch; agus bhí ag líonadh orthu agus bhí siad i mbaol.

Agus tháinig siad chuige á mhúscailt ag rá: “A Mháistir, a Mháistir, tá an bás againn!”

Agus ar dhúiseacht dó bhagair sé ar an ngaoth agus ar an uisce suaite; agus chiúnaigh orthu agus bhí ina théigle. Agus dúirt sé leo: “Cá bhfuil bhur gcreideamh?"

Ach bhí uamhan orthu agus rinne siad ionadh de, á rá eatarthu féin: “Cé hé an duine seo, más ea, a rá go bhfógraíonn sé ar na gaotha féin agus ar an uisce, agus go ndéanann siad rud air?”

## 2. NA PRÍOMHPHOINTÍ SNA SONRAÍ A AITHINT

Pléigh Cén cosúlachtaí atá idir na cuntais?

Cén difríochtaí atá eatarthu?

Tasc do na Daltaí Athléann gach dalta na cuntais go ciúin agus scríobh líne faoi fhocail atá comónta i ndath amháin agus focail a bhaineann go sonrach le soiscéal amháin i ndath eile.

Is féidir é seo a dhéanamh i mbeirteanna.

## 3. CAIDRIMH A AITHINT

Tóg aiseolas ó thasc na ndaltaí ar an gclár cailce mar a léirítear thíos:

“SMACHT AG CRÍOST AR NA DÚILE”

Soiscéal Mhatha 8:18-27 Soiscéal Mharcais 4:35-41 Soiscéal Lúcáis 8:22-25

Déan nóta de na pointí atá comónta i ndath amháin agus iad siúd a bhaineann go sonrach le soiscéal amháin i ndath eile. Pléigh

Cad iad na pointí sa scéal ina bhfuil níos mó nó níos lú le rá ag soiscéal amháin faoin míorúilt ná mar atá ag ceann eile?

## 4. GINEARÁLUITHE A DHÉANAMH NÓ TÁTAL A BHAINT AS

Pléigh:

Cad iad na pointí sa scéal atá comónta dóibh ar fad?

Cén fáth go bhfuil difríochtaí sna leaganacha den scéal seo?

Cad iad na cuntais den soiscéal a bhfuil an méid is mó pointí comónta aige leis na cinn eile?

Agus tú ag glacadh le haiseolas ar na ceisteanna seo abair leis na daltaí féachaint ar na bealaí a raibh na scríbhneoirí soiscéil

- ag scríobh ag amanna difriúla
- do dhaoine difriúla
- ag cur dearcadh faoi leith i láthair maidir le hÍosa.

  Deirtear gur soiscéil shionoptacha iad soiscéil Mhatha, Mharcais agus Lúcáis mar gheall go bhfuil go leor cosúlachtaí eatarthu. Is é a chiallaíonn an focal sionoptach go litriúil ná "feicthe le chéile".

**Measúnú**

**(Gnáthleibhéal)**

**Ceisteanna Samplacha**

Líon isteach na focail atá ar iarraidh san alt seo a leanas:

Deirtear go bhfuil na Soiscéil, a bhfuil go leor cosúlachtaí eatarthu, __________________.

Ciallaíonn an focal seo _______ ____ ___________.

Is iad seo Soiscéil _________, _________

agus _________.

Scríobhadh na Soiscéil seo ag amanna ________ do

dhaoine _________ ach mar shampla sa scéal

_________ _________ _________ tá go leor

pointí ____________ acu.

**Measúnú**

**(Ardleibhéal)**

Scríobh alt ag míniú i d'fhocail féin cén fáth go ndeirtear go bhfuil roinnt de na Soiscéil sionoptach agus tabhair sampla de scéal sna Soiscéil a léiríonn d'fhreagra.

nó

Déan comparáid idir leagan trí nuachtán laethúla den scéal céanna agus socraigh cé acu a bhféadfaí a rá go bhfuil siad sionoptach?

## 4.6 GNÍOMHAÍOCHTAÍ FÉIN-MHEASÚNAITHE

## RANNÓG D – CEIST AN CHREIDIMH

## CUID A hAON – STAID An CHREIDIMH SA LÁ ATÁ INNIU ANN

| | |
|---|---|
| Príomhchoincheapa | Creideamh agus cleachtadh reiligiúnach |
| Ábhar Gaolmhar | Iniúchadh a dhéanamh ar chreideamh agus ar chleachtadh áitiúil reiligiúnach, in Éirinn agus ar fud na hEorpa (Siollabas leathanach 31) |
| Comhthéacs an Cheachta | Tugann an mhodheolaíocht seo deis do dhaltaí a gcuid eolais reatha ar chreideamh agus ar chleachtadh reiligiúnach a thaifeadadh, a struchtúrú agus a fhairsingiú agus feasacht a spreagadh ar a láidreachtaí agus a laigí féin mar fhoghlaimeoirí dá bharr. D'fhéadfaí é seo a úsáid ag tús rannóige le tús a chur le smaointe a ndéanfar tuilleadh oibre orthu de réir mar a dhéanfar forbairt bhreise ar an rannóg. Is féidir é a úsáid chun faisnéis a chruthú, rud a chuireann raon leathan smaointe in iúl le forbairt a dhéanamh orthu níos déanaí. |
| Aidhm | Staid an chreidimh agus an chleachtaidh reiligiúnaigh sa lá atá inniu ann a iniúchadh. |
| Torthaí | Ba chóir go mbeadh eolas ag na daltaí ar na hathruithe atá ag teacht ar chreideamh reiligiúnach agus ar chleachtadh an chreidimh in Éirinn agus in áiteanna eile. |

## NÓS IMEACHTA

## 1. TABHAIR RÉAMHRÁ DON CHLEACHTADH/GHNÍOMHAÍOCHT A MHÍNÍONN NA RIALACHA

Chun réamhrá a thabhairt do Cheist an Chreidimh táimid chun suirbhé a dhéanamh ar do chuid eolais ar chreideamh agus cleachtas reiligiúnach in Éirinn agus áiteanna eile agus an ceistneoir seo a leanas á úsáid. Ansin déanfar comparáid idir na freagraí. Taobh leis na habairtí thíos cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra is mó a léiríonn do thuairim féin. Má aontaíonn tú leis an abairt, cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra "Tá" nó cibé freagra dearfach a thugtar. Mura n-aontaíonn tú leis an abairt, cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra "Níl" nó cibé freagra diúltach a thugtar. Mura bhfuil tú cinnte cuir ciorcal timpeall ar an "?" Tabhair freagra chomh macánta agus is féidir, ag cuimhneamh nach féidir le héinne d'ainm a aithint ón gceistneoir seo.

### CREIDEAMH AGUS CLEACHTADH REILIGIÚNACH SA LÁ ATÁ INNIU ANN

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. Tá go leor daoine óga an-tógtha lena reiligiún. | Tá | Níl | ? |
| 2. Tá creideamh láidir ag daoine scothaosta | Tá | Níl | ? |
| 3. Ní fhreastalaíonn an chuid is mó de dhaoine óga ar sheirbhísí reiligiúnacha. | Tá | Níl | ? |
| 4. Tá go leor grúpaí reiligiúnacha in Éirinn sa lá atá inniu ann. | Tá | Níl | ? |
| 5. Tá athrú tagtha ar an dearcadh maidir le creideamh i mo phobal féin. | Tá | Níl | ? |
| 6. Ní chuireann daoine muinín sa chreideamh ach nuair a bhíonn rud éigin uathu. | Tá | Níl | ? |
| 7. Tá creideamh i nDia an-tábhachtach don chuid is mó de dhaoine óga sa lá atá inniu ann. | Tá | Níl | ? |
| 8. Níl cleachtadh reiligiúnach tábhachtach ach do leanaí agus do dhaoine scothaosta. | Tá | Níl | ? |
| 9. Caitheann an chuid is mó de dhaoine roinnt ama i mbun urnaí gach lá. | Tá | Níl | ? |
| 10. Baineann go leor daoine an-suaimhneas as an gcreideamh. | Tá | Níl | ? |
| 11. Freastalaíonn an chuid is mó de dhaoine ar sheirbhís reiligiúnach uair amháin sa tseachtain ar a laghad. | Tá | Níl | ? |

## 2. DÉAN NA FREAGRAÍ A THAIFEADADH GAN TRÁCHT NÁ PLÉ A DHÉANAMH ORTHU

Glactar le gach freagra go neamhchriticiúil agus déantar iad a thaifeadadh.

## 3. BAILIGH SONRAÍ/DÉAN ACHOIMRE

Achoimre ar Fhreagraí                                        Líon na bhFreagraí

| CREIDEAMH AGUS CLEACHTADH REILIGIÚNACH | TÁ | NÍL | ? |
|---|---|---|---|
| 1. Tá go leor daoine óga an-tógtha lena reiligiún | | | |
| 2. Tá creideamh láidir ag daoine scothaosta | | | |
| 3. Ní fhreastalaíonn an chuid is mó de dhaoine óga ar sheirbhísí reiligiúnacha | | | |
| 4. Tá go leor grúpaí reiligiúnacha in Éirinn sa lá atá inniu ann. | | | |
| 5. Tá athrú tagtha ar an dearcadh maidir le creideamh i mo phobal féin. | | | |
| 6. Ní chuireann daoine muinín sa chreideamh ach nuair a bhíonn rud éigin uathu. | | | |
| 7. Tá creideamh i nDia an-tábhachtach don chuid is mó de dhaoine óga sa lá atá inniu ann. | | | |
| 8. Níl cleachtadh reiligiúnach tábhachtach ach do leanaí agus daoine scothaosta. | | | |
| 9. Caitheann an chuid is mó de dhaoine roinnt ama i mbun urnaí gach lá. | | | |
| 10 Baineann go leor daoine an-suaimhneas as an gcreideamh. | | | |
| 11 Freastalaíonn an chuid is mó de dhaoine ar sheirbhís reiligiúnach uair amháin sa tseachtain ar a laghad. | | | |

• Is féidir na sonraí a mhionchoigeartú trí fhreagraí dúbailte agus earráidí a ghlanadh amach.

• Féadann an grúpa a gcuid freagraí a chur in ord trí smaointe a ghrúpáil ina gcatagóirí.

## 4. TAR AR CHONCLÚIDÍ

• Aithin agus déan plé ar na ceisteanna a d'ardaigh freagairtí na ndaltaí.

- Déan taighde ar fhoinsí eile eolais ar phatrúin de chreideamh agus cleachtadh reiligiúnach sa lá atá inniu ann.
- Aithin cosúlachtaí agus difríochtaí idir freagraí na ndaltaí agus na patrúin de chreideamh agus cleachtadh reiligiúnach atá soiléir i bhfoinsí eile eolais.

**Measúnú**
**(Gnáthleibhéal)**

**Ceisteanna Samplacha**

Marcáil gach ceann de na ráitis atá liostaithe thíos mar Fíor nó Bréagach

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Freastalaíonn an chuid is mó de dhaoine ar sheirbhís reiligiúnach uair amháin sa tseachtain ar a laghad. | | |
| Tá creideamh láidir ag daoine scothaosta. | | |
| Ní fhreastalaíonn an chuid is mó de dhaoine óga ar sheirbhísí reiligiúnacha. | | |
| Tá go leor grúpaí reiligiúnacha in Éirinn sa lá atá inniu ann. | | |
| Tá athrú tagtha ar an dearcadh maidir le creideamh i mo phobal féin. | | |
| Caitheann an chuid is mó de dhaoine roinnt ama i mbun urnaí gach lá. | | |
| Tá creideamh i nDia an-tábhachtach don chuid is mó de dhaoine óga sa lá atá inniu ann. | | |
| Níl cleachtadh reiligiúnach tábhachtach ach do leanaí agus daoine scothaosta. | | |

## Measúnú

## (Ardleibhéal)

Scríobh alt ag cur síos ar na hathruithe ar phatrúin de chreideamh agus cleachtadh reiligiúnach le scór bliain anuas in Éirinn.

Ba cheart tagairt a dhéanamh d'athruithe maidir leis na pointí seo a leanas.

- An líon grúpaí reiligiúnacha in Éirinn sa lá atá inniu ann
- A mhinice is a bhíonn daoine rannpháirteach i gcleachtadh reiligiúnach
- A mhinice is a tharlaíonn cleachtadh reiligiúnach laistigh d'aoisghrúpaí éagsúla
- Na creidimh reiligiúnacha atá tábhachtach do dhaoine sa lá atá inniu ann.

## 4.7 PLÉ

## RANNÓG A – POBAIL CHREIDIMH

## CUID A CEATHAIR – AN GAOL ATÁ AG POBAIL CHREIDIMH LENA CHÉILE

| | |
|---|---|
| Príomhchoincheap | Seicteachas |
| Ábhar Bainteach | Samplaí den choimhlint a eascraíonn as éagsúlacht reiligiúin in Éirinn agus in áiteanna eile a iniúchadh (Siollabas leathanach 12) |
| Comhthéacs an Cheachta | Bheadh an mhodheolaíocht seo níos úsáidí sa chéim thosaigh nó ghinearálaithe de phróiseas foghlama. Anseo úsáidtear é chun coincheap an tseicteachais a iniúchadh, chun smaointe na ndaltaí faoi bhiogóideacht reiligiúnach in Éirinn a shoiléiriú agus chun na daltaí a ullmhú chun staid choimhlinte amháin a d'eascair as an seicteachas a iniúchadh. |
| Aidhm | Breathnú ar thuiscint na ndaltaí ar sheicteachas |
| Torthaí | Ba cheart i gcás na ndaltaí<br>• go mbeadh tuiscint acu ar an téarma seicteachas<br>• go mbeidís eolasach faoi sheicteachas i gcomhthéacs áitiúil, náisiúnta agus domhanda.<br>• go mbeadh seicteachas aitheanta acu mar cheist chonspóideach. |

## NÓS IMEACHTA

### 1. ÁBHAR A CHUR I LÁTHAIR LE PLÉ

D'fhéadfaí ábhair/gníomhaíochtaí éagsúla a úsáid chun an plé a spreagadh. Chun an plé a úsáid go héifeachtach mar mhodheolaíocht teagaisc, ba cheart go mbeadh an t-ábhar gonta agus réasúnta simplí. Má bhíonn an iomarca fo-choincheapa ann d'fhéadfadh sé nach mbeifí in ann an plé a láimhseáil. Is féidir roinnt roghanna a úsáid le haghaidh an cheachta seo.

**ROGHA A hAON**

Tugtar bileog oibre simplí do na daltaí a iarrann orthu na grúpaí reiligiúnacha a fhaightear in Éirinn a liostú, chomh maith leis na grúpaí ar tháinig siad féin trasna orthu. Áiríonn an bhileog sainmhíniú ar sheicteachas agus iarrann sé orthu rátáil a thabhairt d'Éirinn agus dá gcomharsanacht féin maidir le chomh fairsing is atá seicteachas ann, dar leo féin. Sa sampla atá curtha i láthair thíos, dírítear ar chúrsaí áitiúla agus náisiúnta. D'fhéadfadh go mbeadh múinteoirí ag iarraidh gnéithe domhanda a áireamh, go háirithe má táthar chun an topaic seo á chlúdach i mbliain a trí. **Is é atá i seicteachas ná gráin ar dhuine eile mar gheall ar a gcreideamh reiligiúnach.**

Cuir ciorcal ar an uimhir is fear a léiríonn do thuairim.

1= Aontaím go huile is go hiomlán leis an ráiteas seo
2= Aontaím leis an ráiteas seo
3= Nílim cinnte faoin ráiteas seo
4= Ní aontaím leis an ráiteas seo
5= Ní aontaím leis an ráiteas seo ar chor ar bith

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Níl aon seicteachas in Éirinn | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Níl aon seicteachas i mo chomharsanacht féin | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Níl aon seicteachas in Éirinn ach amháin i dTuaisceart Éireann | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Tá go leor seicteachais in Éirinn | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Fuair daoine bás mar thoradh ar sheicteachas | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Mharaigh daoine mar thoradh ar sheicteachas | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |

**ROGHA A DÓ**

Sliocht "The Twelfth Day of July", le Joan Lingard

D'fhéadfaí aon sliocht as rogha leathan sleachta a roghnú chun seicteachas i measc daoine óga i mBéal Feirste sna seachtóidí a léiriú.

## 2. CEISTIÚCHÁN (ROGHA A hAON)

### Ceisteanna faoi Fhíricí

a) Taispeáin liosta de na grúpaí reiligiúnacha go léir atá ainmnithe ar an mbileog oibre. Is féidir na reiligiúin Chríostaí a liostáil le chéile.

b) Faigh amach an meánscór le haghaidh gach ceann de na ceisteanna ar an mbileog oibre.

### Ceisteanna faoi Bhrí

a) Cén fhianaise atá agat a thugann le fios go bhfuil/nach bhfuil seicteachas i do cheantar áitiúil?

b) Céard faoin gcuid eile den tír?

c) An dóigh leat gur mó seans go mbeadh seicteachas i gcodanna áirithe den tír nár mar a bheadh i gcodanna eile? An féidir leat roinnt fáthanna a thabhairt?

d) Conas a fhéadaimid a bheith cinnte gur gníomh seicteach a rinneadh - an bhféadfadh sé go ndearnadh gníomh ciníoch mar shampla?

e) Cén fáth a mbíonn daoine seicteach?

f) Cén fáth a n-ionsaíonn duine duine eile mar gheall ar sheicteachas? Cén fáth meas tú a nglacfaidís gníomh mar thoradh ar a ndearcadh?

### Ceisteanna maidir le coincheapa a dhaingniú

a) An raibh ar aon duine sa rang dul i ngleic le seicteachas iad féin?

b) Cén freagra a bhí agat/conas a mhothaigh tú?

c) An raibh aon duine in amhras faoi dhuine eile toisc gur tháinig siad as traidisiún reiligiúnach difriúil?

d) Cén fáth?

### Ceisteanna cothromaíochta

a) Dá mbeifeá chun feachtas a dhearadh chun deireadh a chur le seicteachas in Éirinn cad iad na focail nó na híomhánna lárnacha a d’úsáidfeá?

b) An mbeadh d’fheachtas difriúil i gcodanna éagsúla den tír?

**Ceisteanna oscailte**

a) Mairimid i saol ina dtugann cúrsaí cumarsáide daoine níos gaire dá chéile an t-am ar fad. An dóigh leat go dtiocfaidh deireadh le seicteachas amach anseo dá bharr sin?

## 3. CONCLÚID

Iarr ar na daltaí breathnú ar a mbileog oibre arís.

An n-athróidís aon cheann dá gcuid freagraí mar thoradh ar an bplé?

### Measúnú

### (Gnáthleibhéal)

Ag úsáid cóipe/grianghraif de ghraifítí frith-Phrotastúnach nó frith-Chaitliceach

1. Cá háit in Éirinn is mó a bhfeicfeá graifítí mar seo?
2. Cén fáth?
3. Cén bealach a léiríonn an graifítí seo sampla de sheicteachas?

### Measúnú

### (Ardleibhéal)

1. Cad is seicteachas ann?
2. Cén fáth a dtarlaíonn sé?
3. Cá háit in Éirinn a bhféadfaí seicteachas a fheiceáil?
4. Cén fáth?

## 4.8 OBAIR GHRÚPA

## RANNÓG A – POBAIL CHREIDIMH

## CUID A TRÍ - POBAIL CHREIDIMH

| | |
|---|---|
| Príomhchoincheap | Giúdachas - Bunaitheoir, fís inspioráideach. |
| Ábhar Bainteach | Giúdachas -Scéalta an lucht leanúna tosaigh agus a gceannairí (Siollabas leathanach 10) |

| | |
|---|---|
| Comhthéacs an Cheachta | Tá an mhodheolaíocht seo éifeachtach chun deis a thabhairt do na daltaí príomhthréithe agus fís inspioráideach lucht leanúna tosaigh an Ghiúdachais a aithint. |
| Aidhm | Tuiscint a thabhairt do na daltaí ar Ghiúdachas trí staidéar a dhéanamh ar shaol daoine aonair ón Sean-Tiomna. |
| Torthaí | Ba cheart go mbeadh na daltaí in ann scéalta a athinsint faoi bhunaitheoirí/lucht leanúna tosaigh an Ghiúdachais. |

## NÓS IMEACHTA

## 1. SONRAÍ A CHUR I LÁTHAIR D'OBAIR GHRÚPA

- Déan nádúr agus cuspóir an Obair Ghrúpa a shoiléiriú.
- Soláthair ábhair/acmhainní ábhartha.

Tugtar Tagairt Bhíobla nó Scéalta Bíobla atá athinste i bhfocail nó i bpictiúir ina bhfuil cuntas ar shaol duine ón Tiomna Eabhrach mar atá leagtha amach thíos do gach grúpa.

Léann gach grúpa daltaí scéal beatha duine ón Tiomna Eabhrach agus déanann siad Clár Scéil le cuntas ar a scéal i bhfocail nó i bpictiúir.

| **Duine** | **Tagairt Scrioptúir** |
|---|---|
| Abrahám | Geineasas 12:1-18;15:1-8 |
| Íosác | Geineasas 22:1-18 |
| Iacób | Geineasas 28:1-22 |
| Iósaf | Geineasas 37: 1-36 |
| Maois | Eacsadas 3:1-12 |
| Iósua | Iósua 1:1-19 |
| Rút | Rút 1:1-22; 4:9-22 |
| Dáiví 1 | Samúéil 16:17-23 |
| Solamh 2 | Leabhar na gCroinicí 7:11-22 |
| Íseáia | Íseáia 35:1-10 |
| Irimia | Irimia |
| Eizicéil | Eizicéil 11:14-25 |

Dainéil Dainéil 3: 1-97

**2. ULLMHÚ I GCOMHAIR OBAIR GHRÚPA**

- Déan an rang a roinnt ina ngrúpaí beaga de 4-6 dalta.
- Eagair ceannaireacht, coimeád taifead srl.
- Socraigh teorainneacha ama agus déan socruithe maidir le glanadh ina dhiaidh sin.
- Cinntigh go ndáiltear dóthain spás oibre/cóiríochta.

**3. OBAIR GHRÚPA**

- Ba cheart do na múinteoirí comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíocht an ranga iomláin agus teagmháil a choimeád leis na grúpaí.

**4. AISEOLAS ÓN OBAIR GHRÚPA AGUS GNÍOMHAÍOCHT CHONCLÚIDEACH**

- Tuarascálacha grúpa a chur i láthair.

  Cuireann na daltaí a gclár scéil i láthair don chuid eile den rang, ag déanamh cur síos i bhfocail nó i bpictiúir ar saol duine ón Tiomna Eabhrach.

  Cuirtear scéalta beatha daoine ón Tiomna Eabhrach i láthair san ord seo a leanas : Abrahám, Íosác, Iacób, Iósaf, Maois, Iósua, Rút, Dáibhí, Solamh, Íseáia Irimia, Eizicéil agus Dainéil.

  De réir mar a chuirtear gach scéal beatha i láthair crochtar an clár scéil ar bhalla sa seomra ranga.

- Ceistiúchán daltaí maidir le cosúlachtaí/difríochtaí idir tuairiscí grúpa.
  De réir mar a insítear scéal na ndaoine Eabhracha cuireann gach duine an scéal beatha a raibh siad ag déanamh staidéir air i láthair.

- Déan nasc idir gníomhaíocht na ngrúpaí aonair agus ábhar iomlán na rannóige.
  Is féidir an taispeáint clár scéil a úsáid mar phointe tagartha le haghaidh ceachtanna ina dhiaidh sin.

**Measúnú**

**(Gnáthleibhéal)**

Cuirtear roinnt líníochtaí a léiríonn radhairc ó shaol na ndaoine Eabhracha i láthair na ndaltaí agus iarrtar orthu an t-ainm ceart ón liosta seo a leanas a mheaitseáil le gach radharc: Abrahám, Íosác, Iacób, Iósaf, Maois, Iósua, Rút, Dáiví, Solamh, Íseáia, Irimia, Eizicéil, Dainéil.
**nó**

Iarrtar ar dhaltaí ceisteanna a ullmhú i gcomhair agallamh raidió le duine amháin nó níos mó de na carachtair a ndearnadh staidéar orthu.

**Measúnú**

**(Ardleibhéal)**

Iarrtar ar dhaltaí cuntas a scríobh ag athinsint na bpríomh-imeachtaí i saol ceathrar de lucht leanúna tosaigh an Ghiúdachais (Abrahám, Íosác, Iacób, Iósaf, Maois, Íosua, Rút, Dáiví, Solamh, Íseáia, Irimia, Eizicéil, Dainéil.)

**DAOINE ÓN SEAN-TIOMNA**
**CLÁR SCÉIL**

**Scéal Beatha ————————**

| | |
|---|---|
| Seo mar a thosaíonn an scéal... | |
| | |
| | |
| | Seo mar a chríochnaíonn an scéal... |

## 4.9 FOGHLAIM BUNAITHE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Tá roinnt rannóga siollabais clúdaithe san eangach ghníomhaíochta atá leagtha amach thíos

### NÓS IMEACHTA

### 1. ULLMHÚCHÁN

- Déan aidhm na gníomhaíochta a shoiléiriú.
- Bunaigh foireann lárnach.
- Déan seisiún ransaithe smaointe maidir le hionchas/dearadh na gníomhaíochta.
- Dear amchlár don ghníomhaíocht agus déan socruithe praiticiúla.
- Tabhair faoi sheisiúin oiliúna.

### 2. EISPÉIREAS

- Caithfidh na daltaí a bheith ina rannpháirtithe seachas ina mbreathnóirí san eispéireas chun na freagairtí atá ag teastáil mar acmhainní don chéad chéim eile sa phróiseas a spreagadh.

### 3. MACHNAMH

- Freagairtí ar an eispéireas a roinnt agus anailís agus measúnú a dhéanamh orthu.

### 4. CONCLÚID

- Faightear teoiricí ginearálta ón roinnt agus ón bplé, agus forbraítear prionsabail.
- Déantar machnamh ar an gcaoi a bhféadfaidís siúd dul i bhfeidhm ar dhearcadh agus ar iompar i gcomhthéacs luachanna morálta, reiligiúnacha agus cultúrtha.

| SIOLLABAS AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH | CUR SÍOS AR GHNÍOMHAÍOCHT |
|---|---|
| **Rannóg F**<br><br>**Dúshlán na Moráltachta**<br><br>**Cuid a Ceathair**<br>**Moráltacht Reiligiúnach Á Cur i nGníomh**<br><br>**Príomhchoincheap**<br>**Ceartas** | **AN CRANN TABHARTHA**<br><br>Cuir crann lom in áit éigin feiceálach. Déanann na daltaí lipéid i gcruth duilleog ar a bhfuil sonraí na "mbronntanas" a iarrtar scríofa. Crochtar na duilleoga sin ar ghéaga an chrainn. Ag pointe áirithe iarrtar ar dhaoine duilleog a thógáil ón gcrann agus é ar intinn go bhfillfidís leis an "mbronntanas" a iarradh.<br><br>Ba cheart do dhaltaí ceangal a dhéanamh idir an |

| | |
|---|---|
| | ghníomhaíocht agus tuairimí i dtreo acmhainní ábhartha i dtraidisiúin reiligiúnacha. |
| **Rannóg E**<br>**Ceiliúradh an chreidimh**<br><br>**Cuid a Ceathair**<br>**Comharthaí agus Siombailí**<br><br>**Príomhchoincheap**<br>**Comharthaí agus Siombailí** | **MEIRGÍ LIOTÚIRGEACHA**<br><br>Déanann na daltaí machnamh ar na focail/na híomhánna a úsáidfidh siad chun brí na Sleachta Scrioptúir, Séasúir Liotúirgeacha nó Sacraimintí a chur in iúl agus aithníonn siad iad. Priontáiltear na focail/na híomhánna sin i stíl atá tarraingteach do na daltaí. Ansin cuirtear na meirgí críochnaithe in áit fheiceálach.<br><br>**Siombailí Reiligiúnacha**<br><br>D'fhéadfadh na daltaí taighde a dhéanamh ar chuid de na siombailí sin agus an brí atá leo agus iad a chur i láthair arís i bpóstaeir le taispeáint don chuid eile den rang. |
| **Rannóg A**<br>**Pobail Chreidimh**<br><br>**Cuid a hAon**<br>**Pobal**<br><br>**Príomhchoincheapa**<br>**Comhoibriú agus Cumarsáid** | **FOR-ROCHTAIN DO DHAOINE SCOTHAOSTA**<br><br>Gníomhaíocht a bhaineann le daltaí a spreagadh caidrimh níos dlúithe a fhorbairt le Daoine Scothaosta ina gceantar féin. Téitear i ngleic leis ar dhá bhealach:<br><br>Cad a fhéadaimid a dhéanamh do dhaoine scothaosta?<br><br>Cad a fhéadann daoine scothaosta a dhéanamh dúinne?<br><br>Ba cheart do dhaltaí ceangal a dhéanamh idir an ghníomhaíocht agus róil agus freagrachtaí i bpobail chreidimh. |
| **Rannóg A**<br>**Pobail Chreidimh**<br><br>**Cuid a Trí**<br>**Pobail Chreidimh**<br><br>**Príomhchoincheapa**<br>**Tiomantas agus Misean Reiligiúnach** | **CLÁR BRONNTANAS**<br><br>Tá an clár seo dírithe ar dhaltaí 1ú, 2ú agus 3ú bliana ag an meánscoil. Tá sé bunaithe sa pharóiste. Tugtar oiliúint do na ceannairí agus buaileann na grúpaí le chéile amhail is dá mbeidís ar nós Cairde Creidimh. |
| **Rannóg B**<br>**Bunús an Reiligiúin - An Chríostaíocht** | **DRÁMA NA PÁISE**<br><br>Ullmhaíonn agus léiríonn na daltaí dráma na páiste |

| | |
|---|---|
| **Cuid a Ceathair**<br>**Bás agus Aiséirí Íosa**<br><br>**Príomhchoincheapa**<br>**Coimhlint le húdarás agus Íobairt** | atá bunaithe ar Shoiscéal Dhomhnach na Páise le haghaidh gach bliain liotúirgí. |

| | |
|---|---|
| **Rannóg C**<br>**Bunús an Reiligiúin - Na Mór-Reiligiúin Dhomhanda**<br><br>**Cuid 2**<br>**Foinsí na Fianaise**<br><br>**Príomhchoincheap**<br>**Bunaitheoir** | **CUR I LÁTHAIR DRÁMATA**<br><br>Déanann na daltaí taighde ar shaol bunaitheoir mór-reiligiúin dhomhanda agus scríobhann siad dráma gearr faoi. |
| **Rannóg E**<br>**Ceiliúradh an chreidimh**<br><br>**Cuid a Dó**<br>**Eispéireas an Adhartha**<br><br>**Príomhchoincheapa**<br>**Adhradh & Rannpháirtíocht** | **LÁ MACHNAIMH/CÚRSA SPIORADÁLTA**<br><br>Glacann na daltaí páirt in adhradh /machnamh nó breathnaíonn siad air chun taithí a fháil ar eilimintí an adhartha i ngníomh |

## Measúnú

## (Gnáthleibhéal)

**Ceisteanna Samplacha**

- Tarraing sraith pictiúr agus scríobh abairt faoi gach ceann acu a chuireann síos ar an ngníomhaíocht ar ghlac tú páirt inti agus an méid a d'fhoghlaim tú ag gach céim.
- Cuir síos ar thrí rud, a d'fhoghlaim tú fút féin agus faoi dhaoine eile ó pháirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo.

## Measúnú

## (Ardleibhéal)

Scríobh cuntas ar an ngníomhaíocht a raibh tú rannpháirteach inti ag tabhairt aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Conas a d'ullmhaigh tú i gcomhair na gníomhaíochta seo?
- Cén ionchais a bhí agat sular ghlac tú páirt sa ghníomhaíocht?

- Cad a d’fhoghlaim tú fút féin agus faoi dhaoine eile ó pháirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo?
- Conas a bhí d’eispéireas cosúil nó difriúil lena raibh tú ag súil leis?
- Dá mbeifeá chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo arís cad a dhéanfá difriúil?

# Measúnú an oideachais reiligiúin i scrúdú an Teastais Shóisearaigh

## AN RÉASÚNAÍOCHT ATÁ LEIS AN MEASÚNÚ

Is cuid dílis den phróiseas oideachais é an measúnú. Ar na haidhmeanna a bhaineann leis tá cothú na foghlama, agus soláthar eolais faoina bhfuil déanta nó bainte amach. Soláthraíonn sé aiseolas luachmhar do dhaltaí agus do mhúinteoirí chomh maith le léargas don tsochaí tríd is tríd ar an gcóras oideachais. Soláthraíonn an measúnú deiseanna chun curaclaim agus dul chun cinn na ndaltaí a luacháil, chomh maith le teastais a dheimhníonn a bhfuil bainte amach. Is maith an spreagadh do na daltaí é teastais a bheith le gnóthú. Is cúiteamh praiticiúil é ar an am agus ar an iarracht a chaitheann an dalta i mbun siollabais. Soláthraíonn measúnú ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh eolas tábhachtach freisin ar fiú é a chur san áireamh nuair atá roghanna á ndéanamh do churaclaim an Teastais Shinsearaigh.

Cé gur léir gur mó aidhm a bhaineann le measúnú sa phróiseas oideachais, caithfear a thuiscint nach dtagann na haidhmeanna sin go léir lena chéile. Soláthraíonn measúnú ar mhaithe le gnóthú teastais eolas tábhachtach ar a bhfuil bainte amach ag dalta mar shampla, ach ní gá go mbeadh sé chomh héifeachtach céanna ag soláthar aiseolais ar éifeacht na foghlama agus na tuisceana a bhí i gceist.

### Prionsabail ghinearálta a bhaineann le measúnú éifeachtach san oideachas

- Ba chóir go mbeadh measúnú mar chuid leanúnach den phróiseas múinteoireachta-foghlama, agus go mbeadh daltaí, chomh maith le múinteoirí, chomh fada agus is féidir é, páirteach i roghnú a bhfuil le déanamh mar thoradh ar an measúnú.

- Cibé gar-aidhm atá leis an measúnú, ba chóir go bhfeabhsófaí an fhoghlaim mar thoradh air trí thionchar deimhneach a imirt ar an gcuraclam ag gach leibhéal. Ba chóir, más ea go mbeadh réimse iomlán aidhmeanna an churaclaim le sonrú ar an measúnú.

- Ba chóir go soláthródh an measúnú bonn éifeachtach don chumarsáid le tuismitheoirí agus leis na páirtithe eile san oideachas, ar shlí a chabhróidh leo tacú le foghlaim na ndaltaí.

- San ionad foghlama a dhéantar an measúnú is luachmhaire.

- Is gné riachtanach den mheasúnú éifeachtach í go mbeadh na heilimintí go léir a éilítear - ó thaobh machnaimh agus mothúcháin - go mbeidís sin san áireamh, agus go n-aithneofaí na heilimintí sin in ábhar an churaclaim a bhí á leanúint.

- Ba chóir go roghnófaí an modh measúnaithe ar bhonn na haidhme atá leis an measúnú. D'fhéadfadh teicníochtaí éagsúla a bheith in úsáid mar shampla, de réir mar atá léargas ginearálta nó mionphictiúr a léireoidh fadhbanna aonair ag teastáil nó más amhlaidh atá teastais le bronnadh de réir thorthaí an mheasúnaithe.

- Caithfidh measúnú a bheith bailí agus iontaofa. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na gnéithe seo i gcás measúnaithe náisiúnta a mbronnfar teastais dá réir, agus i gcás measúnaithe chun críocha tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí.

- Soláthróidh measúnú cothrom réimse treoracha a thabharfaidh raidhse deiseanna do dhaltaí a spriocanna a bhaint amach.

## IMPLEACHTAÍ DO MHEASÚNÚ AN OIDEACHAIS REILIGIÚIN A MBRONNFAR TEASTAIS NÁISIÚNTA DÁ RÉIR

Ní haon ní nua é an measúnú i gcás an oideachais reiligiúin. Faoi láthair úsáideann múinteoirí oideachais reiligiúin modhanna agus teicníochtaí éagsúla measúnaithe idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar son aiseolais, luachála agus pleanála. Tugann scoileanna áirithe cuntas ar a bhfuil bainte amach san oideachas reiligiúin sna tuairiscí a sholáthraítear do thuismitheoirí. Is cuid bhunúsach den mhúinteoireacht éifeachtach é an measúnú éifeachtach agus ní taise do mhúinteoireacht éifeachtach an oideachais reiligiúin é.

Go dtí seo, áfach, ní dhearnadh measúnú ar an oideachas reiligiúin a mbronnfaí teastais náisiúnta dá réir.
Tá deis ann measúnú mar seo a dhéanamh den chéad uair anois, ó tharla go bhfuil siollabais nua don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht á dtosú sna scoileanna. Agus pleanáil á dhéanamh don mheasúnú seo, ní mór na prionsabail ghinearálta a rianaíodh thuas don mheasúnú éifeachtach a chur san áireamh. Baineadh leas as taithí ar mheasúnú i gcás ábhar eile agus moltaí á gcur le chéile do mheasúnú an oideachais reiligiúin agus bronnadh teastas náisiúnta dá réir; cuireadh taighde reatha agus léargais nua-aimseartha ar a bhfuil i gceist le machnamh agus tuiscint san áireamh freisin, chomh maith le ról an mheasúnaithe i gcur chun cinn na foghlama agus na múinteoireachta.

Dhírigh na socruithe do mheasúnú an oideachais reiligiúin orthu seo go speisialta:

- **na modhanna agus na teicníochtaí measúnaithe a nascadh le haidhmeanna an tsiollabais**

  Tá aidhmeanna leathana leis an siollabas agus tá súil le réimse leathan torthaí;
  ba chóir go mbeadh an patrún céanna le sonrú ar na modhanna agus ar na teicníochtaí measúnaithe.

- **an measúnú a bhunú ar aidhmeanna luaite**

  Ba chóir go n-úsáidfí na cuspóirí cinnte a bhaineann le gach mír den siollabas mar threoir nuair atá modhanna measúnaithe á ndearadh.

- **measúnú a dhearadh a rachaidh chun tairbhe na múinteoireachta agus na foghlama**

  Ba chóir go spreagfadh an measúnú úsáid réimse leathan modhanna múinteoireachta agus foghlama.

- **go ndéanfaí measúnú a bheadh bailí agus iontaofa**

  Ba chóir go mbeadh aidhmeanna an tsiollabais le haithint ar na modhanna measúnaithe agus go mbeadh na modhanna sin bailí agus iontaofa go leor le go mbronnfaí teastais náisiúnta dá réir.

- **Go mbeadh an measúnú cóir agus cothrom**

  Ba chóir go dtabharfadh an measúnú réimse deiseanna do na daltaí an chéim is airde is féidir leo, de réir a gcumais, a bhaint amach.

## CAD AIR A NDÉANFAR MEASÚNÚ Ó THAOBH OIDEACHAIS REILIGIÚIN I SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH?

Bunófar measúnú an Oideachais Reiligiúin don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht ar na cuspóirí a bhaineann le heolas, le tuiscint, le scileanna agus le dearcadh, laistigh de gach rannóg den chúrsa. Cé go mbainfidh daltaí leas as a dtaithí féin ina gcuid freagraí, ní dhéanfar measúnú ar a ndílseacht phearsanta don chreideamh agus/nó ar a bpáirt i ngrúpa reiligiúnach áirithe, i scrúdú a mbronnfar teastas náisiúnta dá réir. Leagann an chairt thíos amach an creat um measúnú den sórt sin.

| EOLAS | COMHTHUISCINT | SCILEANNA | DEARCADH |
|---|---|---|---|
| téarmaí lárnacha, sainmhínithe<br>cur síos, idirdhealuithe | tuiscint ar na tuiscintí éagsúla ar an saol idir tuiscintí reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha | anailís, cur i bhfeidhm agus sintéis | rannpháirtíocht cheart leis an ábhar |
| cruinneas agus dóthanacht an eolais | príomhchoincheapa agus iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla | comparáid agus codarsnacht | tuiscint ar shaibhreas na dtraidisiún reiligiúnach agus meas orthu |

| | | | |
|---|---|---|---|
| doimhneacht an eolais de réir an leibhéil (ardleibhéal/gnáthleibhéal) | tuiscint ar na naisc idir creideamh agus cleachtas | fianaise ar chreideamh reiligiúnach a aithint | eolas ar an tuiscint neamhreiligiúnach ar an saol |
| fianaise ar thaighde agus machnamh | eolas ar an idirchaidreamh idir na gnéithe fisiciúla, mothúchánacha, spioradálta, intleachtúla, morálta agus sóisialta d’eispéireas an duine. | cúiseanna agus torthaí a aithint | oscailteach do chuardach an duine aonair agus don chuardach comhchoiteann le haghaidh brí |
| ag sonrú an t-idirphlé idir topaicí éagsúla ar an gcúrsa | eolas ar na bealaí éagsúla ina gcuirtear creideamh reiligiúnach in iúl | úsáid oiriúnach téacsanna agus acmhainní agus machnamh criticiúil orthu | oscailteacht do phlé agus don chuardach le haghaidh comhthuisceana |

## MODHANNA MEASÚNAITHE SAN OIDEACHAS REILIGIÚIN
## I SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

Ar nós siollabas eile a ndéantar measúnú orthu do theastais náisiúnta, déanfar measúnú ar an Oideachas Reiligiúin ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal i scrúdú an Teastais Shóisearaigh.

Beifear ag súil go mbeadh an dalta gnáthleibhéil in ann:

- eolas atá ábhartha don cheist/tasc áirithe a aithint
- cuimhneamh ar eolas ábhartha agus é a chur in iúl ar bhealach soiléir
- nasc a dhéanamh idir an t-eolas a tugadh agus eolas eile agus teacht ar chonclúidí
- tuairimí ábhartha a chur in iúl agus iad tacaithe ag fianaise oiriúnach
- eilimintí éagsúla den chúrsa a nascadh lena chéile
- tréithe a aithint agus a lipéadú i gcomhthéacsanna coitianta
- eolas ábhartha a léamh agus a thuiscint.

Ina theannta sin, beifear ag súil go mbeidh an dalta ardleibhéil in ann:

- eolas atá ábhartha don cheist/tasc áirithe a aithint
- cuimhneamh ar eolas ábhartha agus é a chur in iúl ar bhealach soiléir
- nasc a dhéanamh idir an t-eolas a tugadh agus eolas eile agus teacht ar chonclúidí
- tuairimí ábhartha a chur in iúl agus iad tacaithe ag fianaise oiriúnach
- cur síos ar thuairimí éagsúla agus fianaise thacaitheach a thabhairt
- eilimintí éagsúla den chúrsa a nascadh lena chéile
- tréithe a aithint agus a lipéadú thar raon comhthéacsanna coitianta agus neamhchoitianta
- eolas ábhartha a léamh agus a thuiscint agus teacht ar chonclúidí
- cur síos ar fhadhbanna, réitigh a mholadh agus a luacháil
- deighilt a dhéanamh idir eilimintí díchosúla.

Beidh an measúnú comhdhéanta de dhá chomhpháirt. Soláthraíonn na comhpháirteanna sin - scrúdú scríofa deireanach (ceann amháin ag gnáthleibhéal agus ceann ag ardleibhéal agus bailiúchán samplach - an raon is leithne deiseanna agus is féidir chun go gcruthódh na daltaí chomh fada agus is féidir leo laistigh de theorainneacha scrúdaithe náisiúnta. Tá an réimse leathan aidhmeanna a bhaineann leis an siollabas le sonrú ar na comhpháirteanna, a bhfuil raon mór eolais, tuisceana, scileanna agus dearcaidh i gceist iontu. Tá na dáileacháin marcanna leagtha amach thíos faoi na hualuithe **molta**.

| COMHPHÁIRT | NA MARCANNA ATÁ AR FÁIL (GNÁTHLEIBHÉAL) | NA MARCANNA ATÁ AR FÁIL (ARDLEIBHÉAL) |
|---|---|---|
| Scrúdú scríofa ag deireadh an chúrsa | 75% | 80% |
| Bailiúchán samplach | 25% | 20% |

Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh, tá sé i gceist go dtriailfear gach rannóg den siollabas sa scrúdú scríofa. Mar sin féin, ní gá go mbeadh na ceisteanna bunaithe go díreach ar rannóg amháin: féadfar iad a bhunú ar chuspóirí a bhaineann le cúpla rannóg. Beidh réimse leathan ceisteanna ar na páipéir, a mbeidh siad seo ina measc: grianghraif, bearnaí le líonadh, ceisteanna ilrogha, ailt a scríobh, anailís ar shonraí agus ciallú orthu, léaráidí a líniú agus lipéid a chur orthu, srl. Áireofar na cineálacha ceisteanna seo a leanas:

Míreanna oibiachtúla

- ní bheidh aon fhreagra ceart amháin a bheidh réamhshocraithe i gceist

Ceisteanna struchtúrtha (struchtúrtha ar roinnt bealaí)

- i bhformáid na ceiste
- i struchtúr an ábhair atá á mheas
- i struchtúr na faidhbe a chuirtear i láthair

Ceist cheannoscailte nó ceist aiste (Ardleibhéal amháin)

- cinneann an freagróir cad a chuirfear isteach agus a fhágfar amach - ní thabharfar mórán treorach seachas an t-am a shannfar.

## DRÉACHT-CHEISTEANNA SAMPLACHA

Tá na ceisteanna samplacha seo a leanas deartha mar threoir do mhúinteoirí agus an siollabas nua á chur i bhfeidhm acu. Ullmhaíodh na ceisteanna le haghaidh daltaí ardleibhéil agus gnáthleibhéil araon. Nasctar gach ceist leis an gcuspóir siollabais ar tarraingíodh uaidh é, agus don mhéid marcanna atá ar fáil laistigh de scéim mharcála níos leithne. Rinneadh na ceisteanna seo go léir a réamhthástáil i ranganna sa tsraith shóisearach, agus tá roinnt freagraí samplacha ón réamhthástáil sin san áireamh ag deireadh an pháipéir. Marcáladh na freagraí sin agus tá na critéir maidir le marcanna a bhronnadh san áireamh.

Chomh maith le treoir a thabhairt do mhúinteoir, tá feidhm chomhairleach ag baint leis an dréacht. Tabharfaidh aiseolas ón dréacht seo treoir chun páipéir shamplacha a ullmhú i gcomhair daltaí gnáthleibhéil agus ardleibhéil níos gaire don chéad scrúdú.

Ba cheart féachaint ar na ceisteanna mar stór acmhainní do mheasúnú múnlaitheach agus suimitheach sa rang.

**DRÉACHT-CHREAT DON PHÁIPÉAR SAMPLACH AGUS DRÉACHTSCÉIM MHARCÁLA**

| | Gnáthleibhéal | | Ardleibhéal |
|---|---|---|---|
| | **MARCANNA** | **Am: 2 uair an chloig Am 2½ uair an chloig** | **MARCANNA** |
| **Rannóg 1** | 45<br>(5x3x3) | Ceithre cheist le pictiúir, siombailí, léarscáileanna, comharthaí srl., iarrtar ar dhaltaí trí cinn acu a aithint, cur síos agus anailís a dhéanamh orthu. I ngach cás sonraítear an cuspóir Siollabais atá á mheas taobh leis an gceist nó ina diaidh. | 36<br>(4x3x3) |
| **Rannóg 2** | 45 | Aon sliocht amháin le tascanna tuisceana. | 34 |
| **Rannóg 3** | 60<br>(10x6) | Fiche ceist ghearra bunaithe ar gach gné den siollabas agus iarrtar ar dhaltaí deich gcinn acu a fhreagairt. | 50<br>(10x5) |
| **Rannóg 4** | 150<br>(30x5) | Sé cheist ar chur síos agus cur i bhfeidhm ar gach rannóg den siollabas agus iarrtar ar dhaltaí cúig cinn acu a fhreagairt. Áireofar rannóga den siollabas gach bliain ach ní áireofar gach fo-rannóg. Beidh ceannteideal ag gabháil leis na ceisteanna ar gach rannóg, rud a bheidh mar chomhartha do na príomhchoincheapa a mbeidh na ceisteanna rannóige bunaithe orthu. | 150<br>(30 x5) |
| **Rannóg 5** | | Dada \| Ceisteanna cuimsitheacha agus oscailte<br>i stíl ailt | 150<br>(30x5) |
| **Bailiúchán samplach** | 100<br>25% | Ceanglaítear ar gach Dalta bailiúchán samplach a chomhlánú le measúnú. Cuirtear an bailiúchán samplach isteach i bhfoirm chaighdeánach i leabhrán ar chuirfear ar fáil don chuspóir sin. Ar lá na scrúduithe stáit san Oideachas Reiligiúin tugtar na bailiúcháin shamplacha don fheitheoir scrúdaithe le háireamh leis an scrúdú scríofa | 80<br>20% |
| **IOMLÁN** | 400 | | 400 |

## RANNÓG 1

Roghnaigh trí cinn de na pictiúir seo a leanas agus freagair na ceisteanna maidir le gach ceann acu.
(5 mharc in aghaidh an ceann ag Gnáthleibhéal, 4 mharc ag Ardleibhéal)

### PICTIÚR A

a Ainmnigh an traidisiún reiligiúnach lena mbaineann na fir sa phictiúr seo?
b Cén fáth a bhfuil an balla sa phictiúr seo tábhachtach dóibh?
c Cén ceannteideal a chuirfeá ar an bpictiúr seo?

Cuspóir an tsiollabais: C.3.1 Imeachtaí agus uaireanta deasghnátha an traidisiúin a iniúchadh chomh maith leis an gcaoi a gceiliúrtar iad i saol an phobail.

### PICTIÚR B

a Ainmnigh leabhar cáiliúil Éireannach amháin den chineál atá sa phictiúr seo?
b Cé a dhéanfadh an cineál seo leabhair?
c Cén fáth go ndearnadh an oiread sin oibre ar an gcineál seo leabhair a dhéanamh?

Cuspóir an tsiollabais: B.2.2 Na soiscéil mar dhoiciméid chreidimh in áit doiciméid staire.

### PICTIÚR C


a Cad a thugtar ar an gcineál seo péintéireachta?
b Cén bhrí/tábhacht a bhaineann leis an gcineál seo péintéireachta?
c Cén ceannteideal a chuirfeá ar an bpictiúr seo?

Cuspóir an tsiollabais: E.4. 4a Teacht ar roinnt siombailí reiligiúnacha agus an brí atá leo.

### PICTIÚR D

a Cé hé/hí an ceannaire reiligiúnach sa phictiúr seo den phríosún?
b Cén bhrí/tábhacht a bhaineann lena gcroitheadh láimhe?
c Cén ceannteideal a chuirfeá ar an bpictiúr seo?

Cuspóir an tsiollabais: F.4.4 Na modhanna trína dtugann traidisiúin reiligiúnacha deis chun caidrimh a athbhunú a iniúchadh.



## RANNÓG 2

Léigh an t-alt seo a leanas agus freagair na ceisteanna thíos:

### DIÚLTAÍONN FEIRMEOIRÍ BAINNE A DHÍOL MAR CHOMHARTHA ÓMÓIS DO NAOMH ÁITIÚIL

I lár na tíre táthar fós ag cloí le traidisiún suntasach a théann siar go lár an tseachtú aois. Tá grúpa feirmeoirí ann nach ndíolfaidh an bainne a dhéanann a gcuid ba.

Tá cónaí ar na feirmeoirí sin sa bhaile fearainn Liath Mancháin, in aice leis an bhFear Bán, Co. Uíbh Fhailí agus cé go ndéantar bainne ansin diúltaíonn siad é a dhíol mar gheall ar thraidisiún faoi bhó leis an naomh áitiúil, Naomh Manchán.

Cloíonn muintir na háite leis an traidisiún sin fós sa lá atá inniu ann toisc go gcreideann siad go dtaispeánfaidís drochmheas ar a n-éarlamh áitiúil dá ndíolfaidís an bainne. Tabharfaidh siad aon bhainne breise atá acu do mhuintir na háite ach ní ghlacfaidh siad le híocaíocht as. Saothraíonn siad a mbeatha trí laonna, eallach mairteola agus caoirigh a thógáil.

Freisin tugtar an-dúthracht do Naomh Manchán, déantar ceiliúradh ar an bhféile an 24 Eanáir lá a mbíonn aifrinn i séipéil áitiúla.

Bhí bó cáiliúil ag Naomh Manchán a thug bainne do gach duine a tháinig chun í a bhleán. Chothaigh sí an naomh agus a phobal, a bhunaigh sé tar éis dó imeacht ó Chluain Mhic Nóis. Dar le staraí áitiúil, an tUas. Séamus Corcoran, bhunaigh Manchán a phobal i Liath Mancháin i lár an tseachtú haois.

"Thug a bhó cáiliúil slí mhaireachtála do gach duine agus ón lá sin ar aghaidh, ní dhéanfaidh éinne sa bhaile fearainn bainne le díol. Is comhartha ómóis don naomh é."

Dúirt sé gur tharla sé i gcás fir amháin a bhog isteach sa cheantar gur dhiúltaigh sé an traidisiún a chreidiúint agus gur bhunaigh sé tréad déiríochta sna 1940idí. Fuair aon bhó déag leis bás thar oíche, agus rugadh na laonna agus cinn ar nós caorach orthu. D'éirigh an fear as an déiríocht. Dúirt sé go gcloíonn daoine ó lasmuigh den cheantar a bhogann isteach ann leis an traidisiún anois agus bhí sé ag súil go leanfadh sé sin ar aghaidh ainneoin na n-athruithe ar an bhfeirmeoireacht.

"Tá muintir na háite an-dílis don naomh fós agus tugann siad cuairt ar thobar atá ainmnithe ina dhiaidh agus iad ag lorg leighis. Tá cumhdach cáiliúil, a ndeirtear go bhfuil a chnámha ann san Ard-Mhúsaem faoi láthair.

"De réir an tseanchais ghoid cúpla duine as Cill Mhancháin an bhó, agus faoin am ar tháinig an naomh bhí an bhó maraithe agus sa phota cheana féin. Rinne an naomh míorúilt áfach agus tugadh ar ais an bhó ach amháin ceann dá cnámha leise, ach lean sí uirthi ag tabhairt bainne. Deirtear sa traidisiún freisin gur aimsigh an naomh a bhó a bhí ar iarraidh toisc gur fhág sí lorg a

crúb sna carraigeacha agus go gcoimeádtaí ceann de na carraigeacha áit a bhfeictear lorg crúb na bó ag an scoil áitiúil."

Creideann muintir na háite freisin go bhfuil cumhachtaí leighis ag baint le Tobar Naomh Manchán ar gnách go dtugtar cuairt air an 24 Eanáir agus go bhfuil sé in ann galair a chosc. Tá crann taobh leis an tobar maisithe le ribíní agus paidríní agus earraí a d'fhág oilithrigh eile as lár na tíre.

(Curtha in oiriúint ó The Irish Times 4 Márta 1999)

Ceisteanna – Tobar Beannaithe Naomh Manchán

a. Cén fáth go leanann muintir Liath Mancháin an seantraidisiún fós? (9 Marc)
b. Cén freagra a thugann daoine ó lasmuigh den cheantar a bhogann isteach ann ar an gcustam? (9 Marc)
c. Cén fáth go dtugann daoine cuairt ar Thobar Beannaithe Naomh Manchán? (9 Marc)
d. Conas a chabhraigh Naomh Manchán leis na daoine ina phobal áitiúil? (9 Marc)
e. Mínigh trí cinn de na focail agus na frásaí seo a leanas: Oilithreach, Scrín, Cráifeacht Tobar Beannaithe, Éarlamh, Paidrín, agus Traidisiún. (9 Marc)

Cuspóirí an tsiollabais:

E.3.1 tuiscint ar thionchar eispéireas na mistéire ar shaol an duine. (Ardleibhéal amháin)
E.1 .1 tuiscint ar an bhfáth go n-éiríonn áiteanna agus uaireanta áirithe tábhachtach.

## RANNÓG 3

10 gcinn de na ceisteanna seo a leanas le freagairt.
(6 mharc an ceann ag Gnáthleibhéal, 5 mharc ag Ardleibhéal)

| | **Cuspóirí an tSiollabais** |
|---|---|
| 1. Is é atá in íocón reiligiúnach ná ______________________________ | 1. tuiscint ar bhrí na siombailí reiligiúnacha (E.4.2.) |
| 2. Is é atá in aondiachas ná creideamh i go leor déithe.<br>Fíor nó Bréag (Cuir ciorcal le ceann amháin acu) | 2. a bheith in ann fianaise ar chreideamh reiligiúnach a aithint (D.4.2.) |
| 3. Cuir ciorcal leis an gceann nach mbaineann - Matha Lúcás Íseáia | 3. a bheith in ann foinsí eolais faoi Íosa a ainmniú (B. 2. 1.) |
| 4. Ainmnigh dhá áit a ndéantar oilithreacht reiligiúnach in Éirinn.<br>_________________ agus ________________ | 4. tuiscint ar an gcaoi a n-éiríonn áiteanna agus Uaireanta áirithe tábhachtach (E.1.1) |
| 5. Is é atá in agnóisí ná duine ______________ | 5. tuiscint ar an raon leathan de thuairimí domhanda i gcultúr an lae inniu (D.5.1) |
| 6. Is foirmeacha de _____________ iad Idirghuí, Machnamh, Achainí agus Moladh | 6. deighilt a dhéanamh idir cineálacha éagsúla Urnaí (E.5.2.) |
| 7. Ag úsáid saighead ceangail an t-ainm ceart leis an reiligiún ceart.<br>Íosa Nazórach — Ioslam<br>Mahamad — Búdachas<br>Siddartha Guatama — An Chríostaíocht | 7. bunaitheoirí na Críostaíochta, Ioslaim agus an Bhúdachais a aithint (A.3.3.) |
| 8. Cén pobal creidimh in Éirinn a bhfuil Robin Eames ina cheannaire air? | 8. grúpaí reiligiúnacha in Éirinn a aithint (A.3.1) |
| 9. Cad é téacs naofa Ioslaim?___________________________ | 9. deighilt a dhéanamh idir doiciméid chreidimh agus doiciméid stairiúla (C.2.2.) |
| 10. Is é atá i ngráin ar dhuine eile mar gheall ar a gcreideamh reiligiúnach ná seicteachas éacúiméineachas iolrachas (Cuir ciorcal le ceann amháin acu) | 10. impleachtaí an tseicteachais a thuiscint (A.4.2) |
| 11. Ainmnigh suíomh aon mhainistreach in Éirinn agus an naomh a bhunaigh.<br>Mainistir: _________________Bunaithe ag:________________ | 11. tuiscint ar an gcaoi a n-éiríonn áiteanna agus Uaireanta áirithe tábhachtach (E.1.1) |
| 12. Ag úsáid saighead meaitseáil an lá naofa leis an reiligiún.<br>Dé Domhnaigh — Ioslam<br>Dé Sathairn — Giúdachas<br>Dé hAoine — An Chríostaíocht | 12. gnéithe den adhradh a aithint (E.2.1) |
| 13. Leanann lucht leanúna cén reiligiúin Hanukkah? | 13. eolas ar an ról atá ag comharthaí agus ag siombailí i dtraidisiúin reiligiúnacha (E.4.1.) |
| 14. Cén naomh ar tharla iompú drámata dó ar an mbóthar go Damascus? | 14. na scéalta faoi bhunaitheoirí/ lucht leanúna tosaigh na Críostaíochta a aithint agus bheith in ann iad a athinsint (A.3.3.) |
| | 15. forbairt na Soiscéal a rianú (B.2.3) |
| | 16. foinsí eolais faoi Íosa a ainmniú (B.2.1.) |
| | 17. tuiscint ar an raon leathan de thuairimí domhanda i gcultúr an lae inniu (D.5.1) |
| | 18. gnéithe den adhradh a aithint (E.2.1) |

| | |
|---|---|
| 15. Ainmnigh na trí shoiscéal sionoptacha sna traidisiúin Chríostaí.<br>16. Ainmnigh aon fhoinse amháin d'fhianaise stairiúil go raibh Íosa Nazórach ann?<br>17. Is é atá in aindiachaí ná duine ________________________________<br>18. Ainmnigh deasghnáth reiligiúnach agus an pobal creidimh a bhfuil sé ceangailte leis<br><br>19. Cad a chiallaíonn an teideal 'Buddha'?<br><br>20. Ainmnigh siombail reiligiúnach a úsáidtear in adhradh ag dhá mhór-reiligiún domhanda ar a laghad. | 19. a bheith in ann gnéithe lárnacha de na creidimh atá ag mór-reiligiúin dhomhanda a aithint (C.3.1)<br>20. tuiscint ar chumhacht siombailí Reiligiúnacha agus ar an mbrí atá leo E.4.2) |

## RANNÓG 4:

Caithfear na cúig cheist seo a leanas a fhreagairt.
(30 marc do gach ceist)

| **Ceist 1**<br>**Pobail agus Pobail Chreidimh.** | **Cuspóirí an tsiollabais** |
|---|---|
| a Liostaigh ceithre thréith i gceannaire maith.<br><br>b I gcás dhá thréith, sonraigh cén fáth go bhfuil siad tábhachtach i gceannaire de phobal creidimh.<br><br>c Íosa Nazórach, Abrahám, Mahamad agus Siddhartha Guatama a bhí ina gceannairí reiligiúnacha. Pioc ceann amháin díobh seo agus -<br>i Ainmnigh an reiligiún ina bhfuil sé mar cheannaire.<br>ii Luaigh dhá thréith a bhí aige a chiallaigh gur ceannaire maith a bhí ann.<br>iii Déan cur síos ar dhá imeacht óna shaol féin, a léiríonn conas a bhain sé leas as na tréithe sin ina shaol agus ina chuid múinteoireachta. | na róil éagsúla laistigh de phobal a aithint, lena n-áirítear ról ceannaireachta (A.2.2)<br><br>na scéalta faoi bhunaitheoirí/ lucht leanúna tosaigh na Críostaíochta a aithint agus a bheith ábalta iad a athinsint Ioslam, Giúdachas, Hiondúchas agus Búdachas (A.3.3) |
| Ceist 2 Freagair A nó B<br><br>**A Bunús an Reiligiúin – An Chríostaíocht** | feasacht ar an bhféiniúlacht atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairt na chéad phobail Chríostaíochta (B.5.1) |
| "Bhí na creidmhigh go léir in aon bhuíon le chéile agus bhí gach ní i bpáirt acu. Dhíolaidís | scéalta a aithint agus a bheith ábalta iad a athinsint do lucht leanúna tosaigh na |

| | |
|---|---|
| a gcuid sealúchais agus a gcuid maoine agus roinnidís a luach ar chách de réir mar a bhíodh aon duine acu ar an gcaolchuid" (Gníomhartha 2: 44- 45<br>An Bíobla Dea-Scéala) * Tabhair faoi deara go gcuirfear trí leagan de théacsanna an scrioptúir ar fáil le linn an scrúdaithe – cuirfear téacsanna an LNCA agus Iarúsailéim san áireamh freisin.<br>a Cad é an dearcadh a bhí ag na Luath-Chríostaithe maidir le cúrsaí rachmais?<br>b An raibh na creidmhigh ag maireachtáil de réir teagaisc Chríost? Mínigh.<br>c Cén fáth a mbeadh duine ina Chríostaí ag an tráth seo?<br>d Conas atá saintréithe sna chéad phobail Chríostaíochta le feiceáil i bpobail chreidimh na Críostaíochta sa lá atá inniu ann? | Críostaíochta (A.3.3)<br><br>comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir pobail chreidimh tosaigh agus pobail chreidimh nua-aimseartha (B.5.2) |
| B Bunús an Reiligiúin – na mór-reiligiúin dhomhanda<br><br>Bíonn scéalta tábhachtacha ag pobail chreidimh is féidir a athinsint ag féilte nó ag amanna áirithe den bhliain. I gcás CEANN AMHÁIN díobh seo:<br>a Tabhair achoimre ghairid ar an scéal.<br>b Ainmnigh an traidisiún reiligiúnach lena bhfuil sé gaolmhar agus an téacs beannaithe ina bhfuil sé le feiceáil (mar is cuí).<br>c Mínigh tábhacht an scéil.<br>d Inis conas a úsáidtear an scéal seo i bhféilte/ceiliúradh/amanna speisialta. | a bheith ábalta buaicphointí a aithint i scéal an mhór-reiligiúin dhomhanda roghnaithe (C.4.1)<br>a bheith ábalta idirdhealú a dhéanamh idir cáipéisí creidimh agus cáipéisí staire (C.2.2)<br>a bheith ábalta gnéithe riachtanacha an chreidimh a aithint a bhaineann leis an mór-reiligiún domhanda roghnaithe (C.3.2) |
| **Ceist 3 Dúshlán na Moráltachta - Foinsí Moráltachta**<br><br>Tá seachchonair pleanáilte don bhaile agus caithfear crainn dharach ársa a leagan i bhforaois in aice láimhe mar chuid de phróiseas tógála an bhóthair nua. Chuaigh grúpa beag agóideoirí ag campáil sa bhforaois agus tá gealltanas tugtha acu go ndéanfaidh siad a ndícheall tógáil an bhóthair a stopadh. Tá dualgas ort agallamh a chur ar thriúr agóideoirí do nuachtlitir na scoile. Is Críostaí duine amháin, Búdaíoch an duine eile agus aindiachaí an tríú duine. | brí agus impleachtaí na físe morálta a thuiscint (F.2.2)<br><br>déan cur síos ar an bhfís atá curtha in iúl trí shraitheanna difriúla rialacha agus cóid mhorálta (F.2.3)<br><br>a bheith eolach gur féidir le físeanna morálta reiligiúnacha tionchar a imirt ar chinntí morálta na gcreidmheach (F.4.2) |

| | |
|---|---|
| Scríobh síos an freagra a bheadh súil agat a fháil ó na hagallaithe ar fad ar an gceist a leanas<br>'Cén fáth a bhfuil an agóid seo ar bun agat?'.<br><br>**Ceist 4 Comhartha agus Siombail**<br>Freagair A agus ceachtar B nó C.<br><br>**A**<br>a Ainmnigh ceithre shiombail a úsáidtear i gceiliúrtha reiligiúnacha.<br><br>b Mínigh conas a úsáidtear ceann de na siombailí sin:<br>(i) sa ghnáthshaol<br>(ii) sa cheiliúradh reiligiúnach.<br><br>**B**<br><br>a Ainmnigh féile reiligiúnach ar bith agus an pobal creidimh ina ndéantar an ócáid a cheiliúradh.<br><br>b Mínigh foinse agus suntas na féile don phobal creidimh.<br><br>c Déan cur síos ar dheasghnátha ar bith atá gaolmhar leis an bhféile agus mínigh brí na deasghnátha sin.<br><br>**C.**<br><br>a Ainmnigh sacraimint atá gaolmhar le traidisiún Críostaí amháin.<br>b Ainmnigh trí shiombail a úsáidtear i gceiliúradh na sacraiminte sin agus mínigh an bhrí a bhaineann leo.<br>c Cén fáth a dhéanann lucht leanúna an traidisiúin sin an sacraimint a cheiliúradh?<br><br>**Ceist 5 Staid an Chreidimh sa Lá atá Inniu Ann**<br><br>a Déan cur síos ar dhá thoisc a mbíonn tionchar acu ar nós agus ar chleachtadh reiligiúnach déagóirí sa lá atá inniu ann<br>b Léigh an 'litir chuig Dia' atá scríofa ag páiste atá seacht mbliana d'aois<br><br>A Dhia | a bheith eolach ar ról comharthaí agus siombailí i saol an duine agus sna traidisiúin reiligiúnacha (E.4.1)<br><br>a bheith ábalta gnéithe riachtanacha an chreidimh agus na siombailí a aithint a bhaineann leis an mór-reiligiún domhanda roghnaithe (C.3.1)<br><br>tuiscint ar chumhacht agus ar bhrí na siombailí reiligiúnacha (E.4.2)<br><br>a bheith ábalta gnéithe den adhradh a aithint (E.2.1) na prionsabail agus siombailí sin a aithint i bhfocail agus gníomhaíochtaí an lucht leanúna san am atá thart agus faoi láthair (C.3.2)<br><br>a bheith eolach ar thuiscint na Críostaíochta ar an sacraimint agus tuiscint mhionsonraithe a bheith agat ar áit na sacraiminte sa dá shainchreideamh Críostaí (E.4.3)<br><br>tosca a aithint a imríonn tionchar ar chreidimh na ndéagóirí (D.1.2)<br><br>idirdhealú a dhéanamh idir creideamh na hóige agus na ndaoine fásta (D.3.3)<br><br>a bheith eolach ar na hathruithe sa chreideamh agus ar chleachtadh reiligiúnach in Éirinn (D.1.1) |

| | |
|---|---|
| Gabhaim buíochas leat go raibh an ghrian ag taitneamh ar mo lá breithe. Bhíomar in ann a bheith ag súgradh ar feadh an lae ar an gcaisleán preabtha. Ghuigh mé go bhfaighinn rothar nua ach fuair mé scútar. Tá sé sin ceart go leor ar chaoi ar bith.<br>Grá ó Shinéad<br><br>Conas a bheadh an creideamh reiligiúnach atá ag déagóir amháin difriúil ón gcineál creidimh atá léirithe ag an leanbh seo?<br>c Tabhair dhá chúis leis an athrú sa dearcadh.<br>d Cuireann an litir seo na téamaí a leanas in iúl: ceiliúradh, altú buíochais, urnaí.<br>Tá scéalta ag mórán pobail chreidimh faoi na téamaí sin. Ainmnigh ceann amháin díobh seo agus ainmnigh an pobal óna dtagann siad. | |

**Ceist 6 Bunús an Reiligiúin - An Chríostaíocht**

a Scríobh an t-ainm cuí sna spásanna ar an léarscáil thíosluaite: Iarúsailéim, Nazarat, Beithil, Abhainn na hIordáine, Muir na Gailíle, Eamáús, Cúige Iúdáia, Cúige na Gailíle, Cúige na Samáire, An Mheánmhuir

b Roghnaigh ceithre cinn as na roghanna thuasluaite agus scríobh alt gearr a dhéanann cur síos ar an mbaint atá ag an áit le saol Íosa.

**Cuspóirí an tsiollabais**

tuiscint ar an gcomhthéacs inar rugadh Íosa (B.1.1)



## RANNÓG 5:

## ARDLEIBHÉAL AMHÁIN

Freagair ceann amháin de na ceisteanna a leanas (50 Marc):

1. Scríobh alt nuachtáin faoi "Creideamh agus Daoine Óga" ina bhfuil na hábhair a leanas san áireamh:

- dearcaí san am atá thart
- dearcaí san am i láthair
- an tionchar atá ag reiligiún ar shaol na linne seo
- forbairt an chreidimh

Cuspóirí an tSiollabais

tosca a aithint a imríonn tionchar ar chreidimh déagóirí (D.1.2)

idirdhealú a dhéanamh idir creideamh an linbh agus creideamh an duine fásta agus tuiscint ar an bhforbairt a tharlaíonn san idirthréimhse (D.3.3)

2. Scríobh scéal na beatha a bhaineann le bunaitheoir reiligiúnach ar bith, a bhfuil staidéar déanta agat orthu, ag tagairt do na hábhair a leanas:

- Beathaisnéis
- Inspioráid
- Freagairtí an lucht leanúna tosaigh
- Freagairtí luch leanúna na linne seo
- Freagairtí na ndaoine lasmuigh de pobal na linne seo

Cuspóirí an tSiollabais

na scéalta faoi bhunaitheoirí/ lucht leanúna tosaigh na Críostaíochta, an Ghiúdachais, an Ioslamachais, an Hiondúchais agus an Bhúdachais a aithint agus a bheith ábalta iad a athinsint; (A.3.3)

an tábhacht a bhaineann le meas a thaispeáint dá gcreidimh féin a aithint mar aon le creidimh agus tuairimí daoine eile. (A.4.1)

3. Déan cur síos ar cheiliúradh nó ar fhéile reiligiúnach a bhfuil freastal déanta agat orthu/atá feicthe agat ag tagairt do na hábhair a leanas:

- Adhradh mar fhreagra ar rúndiamhracht
- Ceiliúrtha eile sa phobal creidimh sin

- Conas a bhain an fhéile le saol na ndaoine a bhí rannpháirteach?

Cuspóirí an tSiollabais

gnéithe den adhradh a aithint (E.2.1)

4. Cad é 'an riail órga' i bplé faoi chúrsaí moráltachta? I gcás dhá thraidisiún reiligiúnacha, léirigh conas mar a chuirtear an 'riail órga' in iúl i gcód morálta an traidisiúin reiligiúnaigh, agus conas mar a fheidhmíonn sé i stíl mhaireachtála lucht leanúna an traidisiúin sin.

Cuspóirí an tSiollabais

tuiscint a fháil ar bhrí agus ar impleachtaí na físe morálta (F.2.3)

a bheith eolach gur féidir le físeanna morálta reiligiúnacha tionchar a imirt ar chinntí morálta na gcreidmheach (F.4.2)

5. Scríobh aiste ar an topaic "Is daoine siombalacha muid" ag tagairt do na hábhair a leanas:

- Tábhacht na siombailí i gcleachtadh an reiligiúin
- Cén fáth a n-úsáidtear siombailí?
- Cuntas ar úsáid na siombailí i bpobal creidimh amháin mar a bhaineann le hadhradh nó éide.

Cuspóirí an tSiollabais

a bheith ábalta gnéithe riachtanacha an chreidimh agus na siombailí a aithint a bhaineann leis an mór-reiligiún domhanda roghnaithe (C.3.1)

na prionsabail agus siombailí sin a aithint i bhfocail agus gníomhaíochtaí an lucht leanúna san am atá thart agus faoi láthair (C.3.2)

tuiscint ar thionchar eispéiris na rúndiamhaire i saol an duine (E.3.1)

rannpháirtíocht in adhradh a aithint mar fhreagra ar an eispéireas sin (E.3.2)

## CRITÉIR MHEASÚNAITHE DO DHRÉACHT-CHEISTEANNA SAMPLACHA

### RANNÓG 1

Marcanna:

Pictiúr A

| | | |
|---|---|---|
| 5/4 | a | Traidisiún reiligiúnach an Ghiúdachais a aithint |
| 5/4 | b | Eolas ar thábhacht an Bhalla Naofa in Iarúsailéim. |
| 5/4 | c | Ceannteideal don phictiúr agus míniú a chuireann feasacht agus tuiscint in iúl maidir le heilimintí an phictiúir agus an bhrí a bhaineann leo. |

Iomlán A = 15/12

Pictiúr B

| | | |
|---|---|---|
| 5/4 | a | An pictiúr a shainaithint mar leathanach ó Leabhar Cheanannais |
| 5/4 | b | Eolas ar shaothar scríobhaithe na mainistreach. |
| 5/4 | c | Tuiscint ar chreideamh agus ar shaothar scríobhaithe na mainistreach. |

Iomlán B = 15/12

Pictiúr D

| | | |
|---|---|---|
| 5/4 | a | An pictiúr a aithint mar íocón |
| 5/4 | b | Eolas ar bhrí/thábhacht na n-íocón |
| 5/4 | c | Ceannteideal don phictiúr agus míniú a chuireann feasacht agus tuiscint in iúl maidir le heilimintí an phictiúir agus an bhrí a bhaineann leo. |

C Iomlán = 15/12

Pictiúr D

| | | |
|---|---|---|
| 5/4 | a | Déan an Pápa Eoin Pól II a shainaithint leis an bpríosúnaí (Ali Agca a rinne iarracht an Pápa a dhúnmharú in 1982) sa phictiúr. |
| 5/4 | b | Eolas ar an ról atá acu in athbhunú an chaidrimh eatarthu. |
| 5/4 | c | Ceannteideal don phictiúr agus míniú a chuireann feasacht agus tuiscint in iúl maidir le heilimintí an phictiúir agus an bhrí a bhaineann leo. |

D Iomlán = 15/12 **IOMLÁN 3 PHICTIÚR = 45 MARC (G.L.)**

**36 MARC (A.L.)**

## RANNÓG 2

**Marcanna:**

| | | |
|---|---|---|
| 4 | a | Eolas agus tuiscint ar imeachtaí a bhí mar bhunús an traidisiúin |
| 5 | | tuiscint ar ómós do chuimhne an naoimh nó ar an eagla roimh iarmhairtí féideartha nuair nach ndéantar beart de réir an traidisiúin |
| 4 | b | Eolas agus tuiscint ar chinniúint thuairiscithe an strainséara nár lean an traidisiún |
| 5 | | tuiscint ar thionchar an teagmhais sin ar dhaoine áitiúla |
| 9 | c | Eolas agus tuiscint ar thábhacht na dTobar Beannaithe |
| 9 | d | Eolas agus tuiscint ar ról na gceannairí reiligiúnach laistigh den phobal |
| 3 x 3 | e | Paidrín – Urnaí, treoir, siombailí, deasghnáth/athrá |
| | | Oilithreach – Aistear, breithiúnas aithrí, áit leighis bheannaithe |
| | | Tobar Beannaithe – Naomh áitiúil, leigheas, oilithreacht, pátrún/patrún |
| | | Traidisiún – Sean, oidhreacht, creideamh, gníomh/beart |
| | | Éarlamh – Fear/bean naofa, míorúilt, deabhóid, solaoid |
| | | Scrín – Áit bheannaithe, naomh, solaoid, oilithreacht |
| | | Deabhóid – Naomh, áit bheannaithe, míorúilt, urnaí |

**IOMLÁN = 45 MARC**

**RANNÓG 3**

Marcanna:

| | | |
|---|---|---|
| 6/5 | 1 | Tuiscint ar bhrí na siombailí reiligiúnacha (E.4.2) |
| 6/5 | 2 | A bheith ábalta fianaise an chreidimh reiligiúnaigh a aithint. (D.4.2) |
| 6/5 | 3 | A bheith ábalta foinsí eolais faoi Íosa a ainmniú (B. 2. 1) |
| 6/5 | 4 | Tuiscint ar an tábhacht a bhíonn le háiteanna agus uaireanta áirithe.(E.1.1) |
| 6/5 | 5 | Tuiscint ar thuairimí domhanda éagsúla i gcultúr na linne seo (D.5.1) |
| 6/5 | 6 | Deighilt a dhéanamh idir cineálacha éagsúla urnaí. (E.5.2) |
| 6/5 | 7 | Bunaitheoirí na Críostaíochta, an Ghiúdachais agus an Bhúdachais a aithint (A.3.3) |
| 6/5 | 8 | Grúpaí reiligiúnacha atá le fáil in Éirinn a ainmniú. (A.3.1) |
| 6/5 | 9 | Idirdhealú a dhéanamh idir cáipéisí creidimh agus cáipéisí staire (C.2.2) |
| 6/5 | 10 | Tuiscint ar impleachtaí an tseicteachais (A.4.2) |
| 6/5 | 11 | Tuiscint ar an tábhacht a bhíonn le háiteanna agus uaireanta áirithe.(E.1.1) |
| 6/5 | 12 | Eilimintí den adhradh a aithint. (E.4.2) |
| 6/5 | 13 | Tuiscint ar ról comharthaí agus siombailí sna traidisiúin reiligiúnacha (E.4.1) |
| 6/5 | 14 | Na scéalta faoi bhunaitheoirí/lucht leanúna tosaigh na Críostaíochta a aithint agus a athinsint. (A.3.3) |
| 6/5 | 15 | Forbairt na Soiscéalta a rianú (B.2.4) |
| 6/5 | 16 | Foinsí eolais faoi Íosa a ainmniú (B.2.1) |
| 6/5 | 17 | Tuiscint ar thuairimí domhanda éagsúla i gcultúr na linne seo (D.5.1) |
| 6/5 | 18 | Gnéithe den adhradh a aithint (E.2.1) |
| 6/5 | 19 | A bheith ábalta gnéithe riachtanacha an chreidimh a bhaineann le mór-reiligiún domhanda a aithint (C.3.1) |
| 6/5 | 20 | Tuiscint ar bhrí agus ar chumhacht na siombailí reiligiúnacha (E.4.2) |

**60 (G.L)**

**50 (A.L.)**

## RANNÓG 4:

**Ceist a hAon**

**Marcanna**

| | | |
|---|---|---|
| 5 | a | Róil cheannaireachta laistigh dá bpobal féin a aithint. |
| 10 | b | Na tréithe a bhaineann le ceannaire maith a aithint |
| 5 | c | Ceannairí reiligiúnacha na Críostaíochta, an Ghiúdachais agus an Bhúdachais a aithint. |
| 5 | d | A gcuid tréithe ceannaireachta a aithint. |
| 5 | e | Imeachtaí óna saol féin a athinsint |

**30**

### Ceist a Dó A

**Marcanna**

| | | |
|---|---|---|
| 7 | a | Tuiscint ar an bhféiniúlacht atá ag teacht chun cinn maidir leis na chéad phobail Chríostaíochta |
| 8 | b | Tuiscint ar an bhforbairt mar a bhaineann sé leis na chéad phobail Chríostaíochta |
| 8 | c | Na scéalta a bhaineann le lucht leanúna tosaigh na Críostaíochta a aithint agus a bheith ábalta iad a athinsint |
| 7 | d | Comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir pobail chreidimh tosaigh agus pobail chreidimh nua-aimseartha. |

**30**

### Ceist a Dó B

| | | |
|---|---|---|
| 10 | a | A bheith ábalta scéalta an mhór-reiligiúin dhomhanda roghnaithe a athinsint |
| 5 | b | A bheith ábalta imeachtaí tábhachtacha i scéal an mhór-reiligiúin dhomhanda a aithint |
| 7 | c | A bheith ábalta idirdhealú a dhéanamh idir cáipéisí creidimh agus cáipéisí staire |
| 8 | d | A bheith ábalta gnéithe riachtanacha an chreidimh a aithint a bhaineann leis an mór-reiligiún domhanda roghnaithe |

**30**

## Ceist a Trí

| | | |
|---|---|---|
| 10 | a | Foinsí na moráltachta a aithint, go háirithe foinsí na moráltachta ina saol féin |
| 10 | b | Tuiscint a fháil ar bhrí agus ar impleachtaí na físe morálta |
| 10 | c | Déan cur síos ar an bhfís atá curtha in iúl inár saol féin |

**30**

## Ceist a Ceathair A

| | | |
|---|---|---|
| 4 | a | tuiscint ar ról na siombailí sna traidisiúin reiligiúnacha |
| 3 | b | tuiscint ar ról na siombailí i saol an duine |
| 3 | c | a bheith ábalta gnéithe riachtanacha an chreidimh agus na siombailí a aithint a bhaineann leis an mór-reiligiún domhanda roghnaithe |

**10**

## Ceist a Ceathair B

| | | |
|---|---|---|
| 2 | a | Ainmnigh áit agus am áirithe atá tábhachtach mar fhéile reiligiúnach |
| 9 | b | Tuiscint ar chumhacht agus ar bhrí na siombailí reiligiúnacha |
| 9 | c | Na creidimh agus siombailí san fhéile reiligiúnach a aithint |

**20**

## Ceist a Ceathair C

| | | |
|---|---|---|
| 2 | a | Eolach ar thuiscint Chríostaí ar shacraimintí |
| 9 | b | Tuiscint ar áit na sacraiminte san sainchreideamh Críostaí |
| 9 | c | Tuiscint ar áit na siombailí san sainchreideamh Críostaí |

**20**

## Ceist a Cúig

| | | |
|---|---|---|
| 5 | a | A bheith eolach ar na hathruithe sa chreideamh agus ar chleachtadh reiligiúnach in Éirinn.<br>tuiscint ar thuairimí domhanda éagsúla i gcultúr na linne seo |
| 5 | b | Tuiscint ar na dúshláin a chruthaíonn cuid de na tuairimí seo faoin gcreideamh reiligiúnach; pointí coimhlinte agus teagmhála a aithint idir cruinneshamhail reiligiúnach agus eolaíoch ar chruthú an domhain |
| 10 | c | Na tosca a imríonn tionchar ar chreidimh reiligiúnacha déagóirí a ainmniú agus a aithint |
| 10 | d | Fianaise den chreideamh reiligiúnach a aithint i scéalta ón dá thraidisiún reiligiúnach |
| **30** | | |

## Ceist a Sé

| | | |
|---|---|---|
| 10 | a | 10 n-áit ar léarscáil na Tíre Beannaithe |
| (4x5) | b | Déan cur síos ar cheithre áit a bhaineann le saol Íosa |
| **30** | | |

## RANNÓG 5:

| | | |
|---|---|---|
| 50 | 1 | Íomhánna de Dhia a chur in iúl agus a gcuid foinsí a aithint<br>Idirdhealú a dhéanamh idir creideamh an linbh agus creideamh an duine fásta agus tuiscint ar an bhforbairt a tharlaíonn san idirthréimhse |
| 50 | 2 | Na scéalta faoi bhunaitheoirí/lucht leanúna tosaigh na Críostaíochta, an Ghiúdachais, an Ioslamachais, an Hiondúchais agus an Bhúdachais a aithint agus a athinsint.<br>An tábhacht a bhaineann le meas a thaispeáint dá gcreidimh féin a aithint mar aon le creidimh agus tuairimí daoine eile. |
| 50 | 3 | Eilimintí den adhradh a aithint |
| 50 | 4 | Tuiscint ar phróiseas na cinnteoireachta morálta |
| 50 | 5 | Gnéithe riachtanacha an chreidimh agus na siombailí a bhaineann leis an mór-reiligiún domhanda roghnaithe a aithint; Na prionsabail agus siombailí sin a aithint i bhfocail agus gníomhaíochtaí an lucht leanúna san am atá thart agus faoi |

láthair; Tuiscint ar thionchar eispéiris na rúndiamhaire i saol an duine agus rannpháirtíocht in adhradh a aithint mar fhreagra ar an eispéireas sin

**FREAGRAÍ SAMPLACHA**

In ullmhúchán na dtreoirlínte sin, rinne roinnt scoileanna na ceisteanna samplacha a réamhthástáil. Thug an réamhthástáil na freagraí samplacha thíosluaite. In iarracht an bealach a eascraíonn na ceisteanna agus an scéim mharcála ó chuspóirí an tsiollabais a léiriú, rinneadh na freagraí a mharcáil agus léirítear torthaí an phróisis marcála thíos. Déanfar breis samplaí a bhailiú le linn an phróisis forfheidhmithe, agus déanfar iad a mharcáil le haghaidh plé agus treorach do mhúinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí. Baineann na samplaí thíosluaite leis na ceisteanna i rannóg a dó.

Dalta a hAon

a. Leanann siad an traidisiún mar creideann siad mura leantar an traidisiún go dtarlóidh rud éigin do na ba mura gcreideann siad m.sh. ba le cloigne caorach

b. Ní chreideann siad, ní leanann siad an traidisiún.

c. Faigheann siad uisce ón tobar

d.

e. Oilithreach:. Mórán daoine ag siúl mórthimpeall ar chonair naofa, cosúil le hoilithreach go Loch Dearg
Scrín: ionad naofa le dealbh de Mhuire nó naomh eile
Deabhóid: ná nuair atá tú tiomanta do dhuine nó rud
Tobar Beannaithe: tobar le huisce coisricthe

Dalta a Dó

a. Leanann na daoine an seantraidisiún i Liath Mancháin. Creideann siad gur easpa ómóis a bheadh ann dá naomh áitiúil, Naomh Manchán dá mbrisfidís leis an traidisiún staonadh ó bhainne na bó a dhíol.

b. Tá ómós ag strainséirí don traidisiún anois. Tar éis na heachtra tromchúisí a tharla sna 1940idí tráth a ndeachthas i bhfeidhm go mór ar thréad strainséara amháin.

c. Paidreacha a rá agus leigheas a fháil.

d.

e. Oilithreacht: rachadh duine chuig ionad adhartha chun urnaí a dhéanamh Scrín: ionad adhartha, atá gaolmhar go minic le taispeánadh (Cnoc Mhuire) nó naomh áirithe (Naomh Caoimhín - Gleann dá Loch) Paidrín: a úsáidtear chun daoine a threorú nuair atá an Paidrín á rá. Tá cloch phaidrín amháin ann do gach paidir. Tá 59/60 cloch ar fad ar an bpaidrín.

# Iris an oideachais reiligiúin

## AG TABHAIRT FAOI OBAIR IRISE

### RÉAMHRÁ

Tabharfar sraith teideal irise (dhá cheann ó gach rannóg) do gach bliain de scrúdú an Teastais Shóisearaigh, chomh maith le treoirlínte maidir le hullmhúchán, cur i gcrích agus cur isteach na hirise. Ag gnáthleibhéal, moltar go mbeidh 25% de na marcanna curtha ar fáil don iris. Ag ardleibhéal, moltar go mbeidh 20% i gceist.

### RÉASÚNAÍOCHT DON OBAIR IRISE

Baineann an cleachtadh maidir le hiris a choinneáil le mórán traidisiúin reiligiúnacha. Eascraíonn an réasúnaíocht maidir le hobair irise a chuimsiú mar chuid de mheasúnú an oideachais reiligiúin i scrúdú an Teastais Shóisearaigh ó aidhmeanna siollabais an oideachais reiligiúin, go háirithe an bhéim ar dhaltaí a thabhairt i dteagmháil le reiligiún mar réadúlacht bheo ina bpobal féin. Lena chois sin, ba chóir don oideachas reiligiúnach deis machnaimh a thabhairt do dhaltaí, maidir le scéalta agus insintí atá mar chuid de thraidisiún, agus am chun dul i ngleic níos faide le téama nó topaic.

Cé go n-eascraíonn an iris ó nádúr an oideachais reiligiúin, baineann an ghné mheastóireachta freisin le hábhar is cúram do nósanna imeachta meastóireachta cothromasacha a thagann le haidhmeanna an tsiollabais lena bhfuil siad deartha a mheasúnú. Tugann cuimsiú na hirise mar ghné mheastóireachta deis do dhaltaí a théann níos faide ná páipéar scrúdaithe scríofa ceann cúrsa, leis an raon is leithne eolais a léiriú, agus scileanna agus dearcaí a thuiscint. Tugann sé aitheantas don riachtanas maidir le stíleanna difriúla foghlama a chur in iúl i meastóireacht an tsiollabais agus an riachtanas maidir le raon deiseanna gnóthachtála a chur ar fáil. Ceadaíonn an iris don phróiseas foghlama a bheith taifeadta agus luach saothair a bhaint amach, chomh maith leis an táirge féin. Tá aidhmeanna na hirise bunaithe ar an réasúnaíocht sin.

### AIDHMEANNA NA hOIBRE IRISE

- deis a thabhairt do dhaltaí dul i dteagmháil le réadúlacht bheo reiligiúin na linne seo
- fiosrú ar ábhar nó imní is cás le duine a éascú
- deis machnaimh a chur ar fáil maidir leis an teagmháil agus fiosrú sin
- tacú le forbairt scileanna maidir le machnamh, teagmháil, anailís agus aithint an ghnímh sa todhchaí

## TOPAICÍ DON OBAIR IRISE

Cé go mbíonn na topaicí éagsúil ó bhliain go bliain, léiríonn an sampla thíos an cineál agus raon topaicí is dócha a bheidh ar fáil. Beidh an tsraith topaicí chéanna ar fáil do dhaltaí gnáthleibhéil agus ardleibhéil. Bíonn topaicí samplacha liostaithe mar aon leis an rannóg siollabais ábhartha.

| **Rannóg an tSiollabais** | **Topaicí Samplacha na hIrise** |
|---|---|
| Pobail Chreidimh | Traidisiúin Reiligiúnacha Ag Obair le Chéile i Mo Phobal Féin Próifíl ar Eagraíocht Reiligiúnach – áitiúil, náisiúnta nó domhanda |
| Bunús an Reiligiúin: An Chríostaíocht | An Phalaistín in aimsir Íosa<br>Íosa i Soiscéal Mharcais |
| Bunús an Reiligiúin: Na Mór-Reiligiúin Dhomhanda | Próifíl ar Mhór-Reiligiún Domhanda in Éirinn na Linne Seo<br>Creideamh agus Saol ball de Mhór-Reiligiún Domhanda |
| Ceist an Chreidimh | Suirbhé Creidimh<br>Ceisteanna an tSaoil: Freagairtí Neamhghoilliúnacha |
| Ceiliúradh an Chreidimh | Ceiliúradh na Nollag<br>Áit Bheannaithe |
| Dúshlán na Moráltachta | Coinsias ag Feidhmiú<br>Peirspictíochtaí Reiligiúnacha an Athmhuintearais |

## TOPAIC A ROGHNÚ

I roghnú teidil don obair irise, ba chóir go bhfaigheadh daltaí treoir ó na nithe a leanas;

- spéis phearsanta
  Ba chóir do dhaltaí teideal a roghnú a ghineann spéis nó díograis phearsanta iontu nó ábhar faoina bhfuil imní áirithe orthu.

- indéantacht

  Ba chóir don roghnú teidil don obair irise ionchais réadúla a chur in iúl agus feasacht ar imeachtaí agus ar thosaíochtaí na scoile agus an phobail.

- treoir an mhúinteora

  Ba chóir do dhaltaí seiceáil lena múinteoirí faoi imeachtaí scoile atá ag teacht aníos, a bheadh mar fhócas don obair irise.

## OBAIR IRISE AR BHONN GRÚPA/AONAIR

Nuair atá obair irise á cur i gcrích, b'fhéidir gur mhaith le daltaí oibriú i ngrúpaí nó cuairt nó fiosrú a dhéanamh mar rang iomlán. I gcásanna mar sin, ba chóir meabhrú do gach dalta go mbeidh dualgas orthu iris aonair a chomhlánú agus a chur isteach.

## TRÁTHÚLACHT NA hOIBRE IRISE

Is féidir an obair irise a chur i gcrích ag am ar bith le linn trí bliana an Teastais Shóisearaigh. Moltar duit an obair irise a bheith scríofa mar dhréacht faoin dara téarma den tríú bliain, agus le críochnú sula gcuirtear isteach í.

Bainfidh ullmhúchán na hirise le raon leathan eolais, tuisceana, scileanna agus dearcaí atá aitheanta sa siollabas. Go háirithe, ba chóir don obair tarraingt ar na scileanna a leanas agus iad a fhorbairt:

| **Scileanna** | **Samplaí na Forbartha** |
|---|---|
| Scileanna fiosrúcháin | Fiosrú a dhéanamh maidir le míreanna, táirgí, daoine, eagraíochtaí agus gnéithe den chomhshaol. |
| Scileanna breathnóireachta | Spreagtar do dhaltaí an méid a fheiceann siad a bhreathnú, a léirmhíniú, a léiriú agus a thaifeadadh. |
| Scileanna fadhbréitigh | Tugann daltaí faoi thascanna nó gníomhaíochtaí ina n-aithníonn siad riachtanais nó bacainní riachtanacha agus déanann siad cinneadh faoi réitigh chuí na faidhbe. |
| Scileanna taighde | Cuirtear daltaí ar an eolas agus déantar iad a threorú ar bhealaí chun ábhar taighde cuí a aimsiú, a thaifeadadh, a anailísiú agus a úsáid. |
| Scileanna machnaimh | Spreagtar do dhaltaí machnamh a dhéanamh faoina dtorthaí nó breathnuithe. |
| Scileanna eagrúcháin | Trína gcuid ama agus iarrachtaí a eagrú, cuirtear ar chumas daltaí a dtascanna a phleanáil, a bhainistiú agus a chur i gcrích. |
| Scileanna meastóireachta criticiúla | Déantar daltaí a threorú maidir le meastóireacht chriticiúil, chruthaitheach agus chuiditheach na dtorthaí, na mbreathnuithe agus réitigh. |

(arna oiriúint ó Design in Education, Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha /An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 1998.)

**IRIS DON OIDEACHAS REILIGIÚIN**

**DRÉACHT**
**ARDLEIBHÉAL AGUS GNÁTHLEIBHÉAL**

Rannóg 1: Réamhrá

**MARCANNA DON TOPAIC/TEIDEAL**

| | |
|---|---|
| Cén topaic a roghnaigh tú don obair irise? | (G.L. agus A.L.) (1 mharc) |
| Cén fáth a roghnaigh tú an topaic seo? | (2 mharc) |
| Cén teideal a thabharfá don obair irise? | (1 mharc) |

**GRÚPA/DUINE AONAIR**

| | |
|---|---|
| Ar oibrigh tú leat féin nó mar chuid de ghrúpa? | (1 mharc) |
| Cad a cheap tú a bheadh i gceist maidir le comhlánú na hoibre irise? | (3 mharc) |

**AM**

| | |
|---|---|
| Cé chomh fada a thóg sé an obair a chur i gcrích? | (1 mharc) |

**TÚS**

| | |
|---|---|
| Cad a bhí súil agat a bhaint amach leis an obair irise? | (3 mharc) |

## Rannóg a dó: Ag Tosú Amach

**ULLMHÚCHÁN**

Cén ullmhúchán a rinne tú maidir leis an obair irise?

Cén taighde a rinne tú?

Cén daoine lena raibh tú i dteagmháil?

Cén socruithe a rinne tú maidir le cuairteanna nó imeachtaí sa scoil?

(12/10 marc)

## Rannóg 3: Obair

**CUR SÍOS**

Cén obair atá déanta agat chun d'iris a chur i gcrích?

Má rinne tú an obair irise mar chuid de ghrúpa, cuimhnigh ar chuntas a thabhairt ar obair ar bith atá déanta agat, chomh maith leis an obair atá déanta ag an gcuid eile den ghrúpa. (8/6 mharc)

**IMEACHTAÍ/GNÍOMHAÍOCHTAÍ**

Cén imeachtaí/gníomhaíochtaí a eagraíodh nó a ndearnadh freastal orthu mar chuid den obair irise?

(5/3 mharc)

Cén fáth a raibh na himeachtaí/gníomhaíochtaí sin mar chuid den obair irise?

(5/3 mharc)

**D'FHREAGAIRT**

Cad a bhí mar fhreagairt agat ar na himeachtaí/gníomhaíochtaí sin?

Más amhlaidh go raibh obair ghrúpa déanta agat, cén fhreagairt a bhí ag an ngrúpa ar na himeachtaí/gníomhaíochtaí sin? (8/6 mharc)

Sula gcríochnaíonn tú an rannóg seo, seiceáil go bhfuil gach rud curtha san áireamh agat. Má tá breis spáis ag teastáil uait, úsáid na leathanaigh eile atá ar chúl an leabhráin.

## Rannóg a Ceathair: Fionnachtana

**D'FHOGHLAIM MÉ...**

Cad atá foghlamtha agat ón topaic, téama, nó imeacht ar a raibh tú ag obair don obair irise?

(9/7 marc)

**MAR THORADH AR AN MÉID ATÁ FOGHLAMTHA AGAM DÉANFAIDH MÉ**...

An raibh tionchar ag an obair irise ort?

An bhfuil breis faisnéise agat?

An bhfuil dearcadh difriúil agat? (9/7 marc)

**SCILEANNA**

Cén scileanna a úsáideadh nuair a bhí an obair irise á pleanáil agus á cur i gcrích? (9/7 marc)

**NAISC**

Cén topaicí/téamaí a bhfuil staidéar déanta orthu ar do chúrsa Oideachais Reiligiúin le trí bliana anuas a bhaineann leis an méid atá faighte amach agat san obair irise? (9/7 marc)

## Rannóg a cúig: Comhairle

**AG TOSÚ AMACH ARÍS**

Samhlaigh go bhfuil duine sa scoil ag tosú ar obair irise agus an teideal céanna acu is atá roghnaithe agatsa. Cén chomhairle a thabharfá dóibh? (14/12 mharc)

**DRÉACHT-SCÉIM MHARCÁLA AGUS FREAGRAÍ SAMPLACHA NA hIRISE**

Bronnfar marcanna ar na nithe a leanas

- aidhmeanna an dalta maidir le hobair irise
- raon leathan de na scileanna cuí a úsáid mar atá leagtha amach i ndoiciméad an tsiollabais
- fianaise maidir le teagmháil, taighde agus machnamh
- teacht ar thátail

**SCÉIM MHARCÁLA SHAMPLACH**

**Marcanna: Topaic/Teideal**

**RANNÓG A hAON RÉAMHRÁ**

1 An topaic roghnaithe a ainmniú

2 Na cúiseanna gur roghnaíodh an topaic

1 An teideal roghnaithe a ainmniú

1 Sonraigh cibé ar oibrigh an dalta leis féin nó mar chuid de ghrúpa.

3 A gcuid ionchais a leagan amach maidir leis an obair a bhaineann lena n-iris a chur i gcrích.

1 Cuntas faoin méid ama a thóg sé an obair a chur i gcrích.

3 Sonrú cad a bhí súil acu a bhaint amach trí obair irise a dhéanamh.

**RANNÓG A DÓ AG TOSÚ AMACH**

12/10 Cuntas a thabhairt ar an ullmhúchán don obair irise/taighde, daoine a ndeachthas i dteagmháil leo agus socruithe a rinneadh maidir le cuairteanna agus imeachtaí.

**RANNÓG A TRÍ OBAIR**

8/6 An obair a rinneadh i ndáiríre dá n-iris a shonrú

5/3 Cuntas a thabhairt ar imeachtaí/gníomhaíochtaí a eagraíodh nó a freastalaíodh orthu mar chuid den obair irise

5/3 Na cúiseanna a cuimsíodh na himeachtaí/gníomhaíochtaí sin mar chuid den obair irise

8/6 Cuntas a thabhairt ar fhreagairtí na n-imeachtaí/ngníomhaíochtaí sin

**RANNÓG A CEATHAIR FIONNACHTANA**

9/7 An t-eolas agus an tuiscint atá faighte ón obair irise a shonrú.

9/7 Na hathruithe mothaitheacha a leagan amach atá tarlaithe de bharr na hoibre irise.

9/7 Na scileanna a úsáideadh san obair irise a shonrú.

9/7 Na topaicí/téamaí sa chúrsa Oideachais Reiligiúin a leagan amach, a bhaineann le do chuid oibre irise.

**RANNÓG A CÚIG COMHAIRLE**

14/12 Comhairle a shonrú/a thabhairt ar roghnú an teidil, nó comhairle a thabhairt don obair irise.

**Iomlán = 100/80 Marc**

Tá dhá iris shamplacha san áireamh thíos, agus iad scríofa de dheasca na hoibre irise céanna. Rinneadh an dhá cheann a mharcáil ag baint leasa as an scéim mharcála thuasluaite.

## SAMPLA A hAON

## RANNÓG A hAON RÉAMHRÁ

**Eispéireas na Cásca**

Roghnaigh mé an teideal seo mar ba é buaicphointe an chúrsa OR ná scéal na Cásca a léiriú mar dhráma - úsáideadh an scéal chun seó a chur ar stáitse le grúpa cailíní ó rang a cúig. Is cinnte nach ndéanfaidh mé dearmad go deo ar an eispéireas. Bhí an rang iomlán rannpháirteach san ócáid. Bhí bainisteoirí stáitse, bainisteoirí feistis, teagascóirí ceoil agus rince, comhordaitheoirí aisteoireachta agus tráchtairí ag obair linn. Bhí mé féin i bhfeighil na bhfeisteas le beirt chailíní eile. B'éigean dúinn dul chuig vardrús na scoile le linn cleachtaidh chun cultacha a eagrú do na cailíní ar fad i rang a cúig. Bhí an oiread sin cultacha difriúla le heagrú againn. An chuid ba dheacra ná cultacha a fháil a bhí in oiriúint dóibh!

Thóg an dráma thart ar 6 seachtaine de ranganna reiligiúin ar an iomlán. Thosaíomar ag eagrú an dráma an 15 Márta agus cuireadh an dráma ar stáitse ag deireadh mhí Márta. Tríd an dráma seo a léiriú, bhí súil againn nasc agus comparáid a dhéanamh le dearcaí na ndaltaí i rang a cúig agus céimeanna na forbartha creidimh a raibh staidéar déanta orthu roimh ré.

## RANNÓG A DÓ AG TOSÚ AMACH

Bhí go leor socruithe le déanamh sular cuireadh tús leis an obair ar an dráma. Rinneamar cinneadh faoin script agus na hiomainn i dtús báire, agus dáileadh na poist ar dhaoine éagsúla ina dhiaidh sin. An chuid ba dheacra a bhain leis na socruithe ná amanna cleachtaidh a eagrú a bhí oiriúnach don rang agus do thráthchlár Scoil Naomh Bríd freisin. Rinneamar roinnt seisiún a phleanáil nár oibrigh amach dúinn. Chuamar ar thuras leis an gcuid eile den bhliain lá amháin agus bhí cleachtaí an chóineartaithe ar siúl sa bhunscoil lá eile. Chiallaigh sé seo gur chailleamar amach ar dhá chleachtadh.

## RANNÓG A TRÍ OBAIR

Cuireadh na cailíní lena mbeimis ag obair in aithne dúinn ar an gcéad chuairt chuig Scoil Naomh Bríd agus léamar an script leo agus thugamar cúnamh dóibh leis na codanna a thug an múinteoir dóibh. Bhí mé ag obair le cailín darb ainm Máire. Ba shaighdiúir a bhí inti sa dráma. Bhí siad ar bís agus bhí sé deacair smacht a choinneáil orthu uaireanta. B'éigean dom féin agus Grace na cultacha a eagrú roimh an gcéad chuairt eile ar Scoil Naomh Bríd. Chuamar chuig an vardrús agus thóg sé trí huaire an chloig orainn cultacha a aimsiú do na cailíní ar fad. Tharla an dara cruinniú leis an rang i halla na scoile. Bhí réamhléiriú feistithe againn ar stáitse. Bhí sé sin ceart go leor ach bhí na cailíní níos óige neirbhíseach agus ar bís. Thugamar cuairt eile ar an vardrús mar bhí níos mó cailíní ann ná mar a bhí súil againn. Fuarthas amach nach mbeadh na cailíní ábalta a gcuid línte a fhoghlaim toisc brú ama, agus ceapadh léitheoirí scripte dá réir.

Léigh siad an script ó na cliatháin nuair a bhí na cailíní i mbun míme ar stáitse. Bhí an réamhléiriú feistithe deiridh thar cionn. Ba léir go raibh na cailíní ag cleachtadh sa bhaile agus lena múinteoir. Tháinig lá an dráma ar an Aoine 26 Bealtaine. Leagadh amach na cathaoireacha, cleachtadh an ceol agus d'éirigh go maith le gach rud. Níor cuireadh isteach orainn ach uair

amháin nuair a tháinig cailíní ó rang a sé isteach chun an dráma a fheiceáil agus b'éigean iad a thabhairt isteach ar chúl le linn an dráma. D'éirigh thar cionn leis an dráma agus bhain gach duine taitneamh as an ócáid. Bhí tuismitheoirí, daltaí, agus múinteoirí ar fad rannpháirteach sa léiriú.

## RANNÓG A CEATHAIR FIONNACHTANA

Fuair mé amach i dtús báire go bhfuil sé i bhfad níos deacra oibriú le leanaí óga ná mar a shíl mé. Bíonn siad an-phointeáilte faoi shonraí. Mar shampla, chuir beirt chailíní go leor anró orthu féin chun fáil amach cé a bhí mar chailín searbhónta a haon agus cailín searbhónta a dó. Lena chois sin, bhí smaointe fíorchinnte acu faoin gcuma a bhí ar Íosa. Chaith an cailín a raibh páirt Íosa aici cuaráin chun na scoile ar lá an dráma. D'éirigh liom mórán taithí a fháil le linn an tionscadail. Chuir an obair le leanaí mo chreideamh féin i gcuimhne dom mar a bhí sé ag an tráth sin agus mar atá forbairt tarlaithe ó shin i leith.

B'éigean dúinn ár scileanna eagrúcháin a úsáid go hiomlán agus airím gur thugamar ar fad faoin dúshlán go díograiseach. Thug an taithí léargas dom go bhfuil glanfhoirm an chreidimh ag leanaí agus gur chóir aire a thabhairt dó agus é a chothú chun forbartha.

As na hábhair ar fad atá clúdaithe, is í forbairt an chreidimh is mó a bhí ceangailte. Creideamh taithíoch, Creideamh comhcheangailte, Creideamh coinbhinsiúnach , Creideamh pearsanta, Creideamh pobail

Seo iad na céimeanna a d'aimsigh Fowler.

Bhí na leanaí a rabhamar ag obair leo i gcéim an chreidimh chomhcheangailte. Bíonn a gcreideamh féin acu ó 7-12 bliana d'aois. Baineann siad a gciall féin as creidimh, riail agus dearcaí. Bíonn níos mó bá ag leanbh lena dtuismitheoirí ná lena bpiaraí. Fuaireamar amach go raibh sé seo fíor nuair a chuireamar ceisteanna orthu. Dúirt siad gurbh í an chuimhne is luaithe atá acu faoi scéal na cásca ná nuair a d'inis a dtuismitheoirí agus múinteoir an scéal dóibh.

## RANNÓG A CÚIG COMHAIRLE

## SAMPLA A DÓ

## RANNÓG A HAON RÉAMHRÁ

### Forbairt an Chreidimh

Rinneamar cinneadh dráma na Cásca a léiriú le grúpaí daltaí i rang a cúig ó Bhunscoil Naomh Bríd. Bhí mé féin i bhfeighil an charachtair Íosa. Thóg sé trí seachtaine an dráma a eagrú. Chaitheamar an chéad sheachtain sa rang ag socrú na ról éagsúla agus caitheadh an dara agus tríú seachtain le daltaí Scoil Naomh Bríd ag eagrú an dráma. Bhí súil againn go mbeadh bród ar dhaoine nuair a chuirfí an dráma ar stáitse agus go mothóimis go raibh rud éigin bainte amach againn.

### Rannóg a Dó Ag Tosú Amach

In ullmhúchán an dráma, b’éigean dúinn cultacha, an halla agus an stáitse a eagrú. B'éigean dúinn cúnamh a lorg ó Nollaig mar bhí sé riachtanach na soilse stáitse a chur ag obair.

### Rannóg a Trí Obair

An ról a bhí agam ná aire a thabhairt do chailín darb ainm Rachel a raibh páirt Íosa aici sa dráma. B’éigean dom a chinntiú go ndearna sí gach rud i gceart agus go raibh na cultacha cuí uirthi agus go raibh sí sna háiteanna cearta le linn an dráma. Shíl mé gur éirigh go maith leis an dráma, ach go raibh breis ama ag teastáil uainn.

### Rannóg a Ceathair Fionnachtana

D’fhoghlaim mé gur thug dráma na Cásca léargas i bhfad níos fearr faoin dráma do rang 5 ná mar a bhí léite acu sna leabhair reiligiúin. Beidh dearcadh difriúil agam faoi leanaí amach anseo mar chonaic mé cad atá indéanta nuair a bhíonn foighne ag duine leo

B’éigean dúinn ár scileanna eagrúcháin agus pleanála a úsáid chun tús a chur leis an dráma. Ina dhiaidh sin, b’éigean dúinn foghlaim conas a bheith níos foighní le leanaí le linn an dráma Tá roinnt oibre déanta againn ar fhorbairt an chreidimh le trí bliana anuas

### Rannóg a Cúig Comhairle

Leabharliosta

## ACMHAINNÍ ÚSÁIDEACHA

D'fhéadfadh na hacmhainní atá liostaithe anseo a bheith úsáideach do mhúinteoirí agus do scoileanna. Ní moladh atá iontu toisc go bhfuil siad ar an liosta; le linn réamhrá an tsiollabais nua, cuirfidh na múinteoirí féin breis ábhar leis an liosta.

## RANNÓG A

## POBAIL CHREIDIMH

### TÉACSANNA:

The Catechism of the Catholic Church, (Veritas, ISBN 1853902497)

Celtic Fire, (R.Van de Weyer, Veritas, ISBN 02351772x)

Christian Unity: An ecumenical second spring (M. Hurley sj, Veritas ISBN 185390354x)

### FÍSEÁN:

- IRISH MARTYRS - Veritas
- VIEWPOINTS - ON BEING A CATHOLIC - Veritas
- VIEWPOINTS - ON BEING A MEMBER OF THE CHURCH OF IRELAND - Veritas
- VIEWPOINTS - ON BEING A METHODIST - Veritas
- VIEWPOINTS - ON BEING A PRESBYTERIAN - Veritas
- CATACOMBS - Veritas
- IMAGES OF THE CHURCH – Veritas

## RANNÓG B

## BUNÚS AN REILIGIÚIN –

## AN CHRÍOSTAÍOCHT

### TÉACSANNA:

Bible Stories (D. Kossoff, W.Collins & Son, ISBN 0006281028)

Dictionary of the Bible, (J. McKenzie, Geoffrey Chapman, ISBN 0225295430)

Dictionary of the Biblical Theology, (L.Dufour, ISBN 0225663287)

Encyclopedia of the Bible (Lion Publication, ISBN 0745939228)

These Stones Will Shout & Seventh Trumpet, (M.Link, Argus Communications, ISBN 0895051176)
John: Spiritual Theologian (W. J. Harrington op., Columba, ISBN 1856072681)
Luke: Gracious Theologian (W. J. Harrington op., Columba, ISBN 1856072061)
Mark: Realistic Theologian (W. J. Harrington op., Columba, ISBN 1856071693)
Matthew: Sage Theologian (W. J. Harrington op., Columba, ISBN 1856072472)
How to read the Old Testament (E. Charpentier ISBN 0334020565)
How to read the New Testament (E. Charpentier ISBN 0334020573)

**FÍSEÁN**

- DISCOVERING THE NEW TESTAMENT - VERITAS
- VISIONS OF HOLY LAND - VERITAS
- ONE LAND THREE RELIGIONS - VERITAS
- JESUS OF NAZARETH - ITC
- TESTAMENT TALES - VERITAS

## RANNÓG C

## BUNÚS AN REILIGIÚIN

## – NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

Moral Issues in Six World Religions (Owen Cole ed, ISBN 043530299x)
Our Muslim Neighbours (Burridge, W., ISBN 0851837190)
New Religious Movements (CTS, 0851836755)
The Immense Journey, (Eiseley, L. ISBN 0394701577)
Return to the Centre, (Griffiths, B. ISBN 0006278426)
The Quu'an, (Maqsood, R. ISBN 043530352x)
Sikhism, (Penney, S. ISBN 0431066477)
Spirit of the Age, (Verney, S.)
Great Religions of the World, (Sr. Loretta Pastva, St. Mary’s Press, ISBN 0884891755)
Great Religions of the World - Teacher's Manual (Sr. Loretta Pastva, St. Mary’s Press, ISBN 0884891763)

Worlds of Difference (T. Nelson and Sons, ISBN 017428022x)

The Jewish World (Macdonald Children's books, ISBN 0750025565)

Stories from the Hindu/Christian/ Muslim/ Silk/ Jewish World (Macdonald & Co. Ltd)

**FÍSEÁN**

• FOUR RELIGIONS -VERITAS

**CLOSTÉIPEANNA**

- New Age - VERITAS

**RANNÓG D CEIST AN CHREIDIMH**

Understanding Catholic Christianity, (T. Zanzig, St Mary's Press, ISBN 0884893723)

Understanding Catholic Christianity - Teacher's Manual (St Mary's Press, ISBN SO 0884893731)

Mere Christianity, (C.S.Lewis, Collins, ISBN 0006280544)

Jesus of History, Christ of Faith, (T. Zanzig, St Mary's Press, ISBN 0884892735)

Celebrating Sacraments, (J. Stoutzenberger, St Mary's Press, ISBN S0884892794)

Celebrating Sacraments - Teacher's Manual (St Mary's Press, ISBN S0884892808)

Integral Spirituality, (Donal Dorr, ISBN 0883496588)

Awareness, (A. de Mello, Doubleday, New York, ISBN 0006275192)

Man's Search for Meaning, (V. Frankl, Clarion, ISBN 0671023373)

Audacity to Believe, (S. Cassidy, Collins, ISBN 023519890)

A Reason to Live A Reason to Die (J. Powell, Argus Communications, ISBN 0913592617)

Where is your God ? (M.P.Gallagher, Veritas, ISBN 0232519196)

Irish Values and Attitudes: The Irish Report of the European Value Systems Study, (Fogarty, M. Ryan,L. Lee, J. Dominican Publications, ISBN 0907271359)

Secularism & The New Europe, (D. Murray, Veritas, ISBN 1853901865)

How to Understand God ( D. Morin, ISBN 082451047x)

Spiritual Journeys (ed. S. Kennedy, Veritas, ISBN V1853903027)

**FÍSEÁN**

• GOD'S STORY : GENESIS - VERITAS

## RANNÓG E

## CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

From Passage to Pasch (M. Drumm, Columba, ISBN 1856071766)

The Meaning of Ritual (L. Mitchell. Paulist Press, ISBN 0819214515)

The Liturgical Year (A. Adam, Pueblo, ISBN 0814660479)

The Origins of the Liturgical Year (T. Talley, Pueblo, ISBN 0814660754)

The Shaping of Sunday: Sunday and Eucharist in the Irish Tradition (V. Ryan, Veritas, ISBN 1853903523)

Understanding the Sacraments Today (M. Lawrence, Collegeville Liturgical Press, ISBN 0814615678)

Christian Celebration: Understanding the Sacraments (J. D. Crichton, Chapman, ISBN 0225666707)

How to Understand the Sacraments (P. Beguerie & C. Duchesnequ, SCM Press, ISBN 0334024536)

## RANNÓG F

## DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

Making Peace (G. Mitchell, Oxfam, NCDE)

It's not fair (Trócaire)

Everybody Fights (ICJP)

Contempory Moral Issues, (Jenkins, J. ISBN 0435303112)

Introducing Moral Issues, (Jenkins, J. ISBN 0435302973)

Growing in Christian Morality, (J. Ahlers, B. Allaire, C. Koch St. Mary's Press, ISBN SO 0884893871).

Growing in Christian Morality - Teacher's Manual (St. Mary's Press, ISBN SO 088489388x).

Values and Visions - conflict in the classroom. (Manchester DEP/Christian Aid, NCDE)

Colonialism, Conflict and Community (DEC Birmingham/Trocaire)
Yes You Do Count (ICJP/ICC 1995, ISBN 0905911202)

Who Cares (Crosscare)

Worlds of Choice (WWF/Collins Educational, NCDE)

Fair Shares (An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine 1998, ISBN 187164318x)

Telling It Like It Is (An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine 1994, ISBN 1871643252)

Food Issues (An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, NCDE)

## LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN

**http://www.taize.fr**

Is pobal éacúiméineach idirnáisiúnta iad atá lonnaithe i Taizé na Fraince. Dóibh siúd gur spéis leo spioradáltacht na Críostaíochta, cuireann an láithreán gréasáin acmhainn ar fáil chun cruinnithe a eagrú, machnamh laethúil, urnaí agus amhrán, chomh maith le heolas úsáideach faoi bhunaitheoir an phobail agus conas cuairt a thabhairt ar Taizé.

**http://www.iona.org.uk**

Is grúpa éacúiméineach Críostaí iad Pobal Í a oibríonn le daoine i réimsí an cheartais shóisialta, saincheisteanna síochána, na hadhartha agus na spioradáltachta. Tá an grúpa tiomanta bealaí nua a chuardach chun maireachtáil de réir an tSoiscéil sa lá atá inniu ann, is é sin: "an saol comónta a atógáil, obair agus adhradh, urnaí agus polaitíocht, an rud beannaithe agus saolta.” Tríd an láithreán gréasáin seo, is féidir le cuairteoirí rochtain a fháil ar ghnéithe difriúla de shaol agus obair an phobail. Is féidir le duine leas a bhaint as a gcuid acmhainní nó foilseacháin agus baint a bheith acu lena ngníomhaíochtaí óige, nó cuairt a eagrú ar na hionaid atá acu.

**http://www.sikhnet.com**

Le hurraíocht curtha ar fáil ag an bhfondúireacht Amar Infinity, tá mórán seirbhísí ar an láithreán gréasáin deartha chun freastal a dhéanamh ar riachtanais an phobail Saícigh (siopadóireacht, nuacht, poist, pósadh srl.). Lena chois sin, tugann an láithreán gréasáin deis don chuairteoir ghéarchúiseach léargas a fháil ar Shaíceachas, agus bunús agus traidisiún an tSaícigh. Beidh an cuairteoir ábalta Hukamnama a fheiceáil dóibh féin agus a chloisteáil (focail na gaoise don lá ón nGúrú) ón Teampall Órga in Amritsar na hIndia.

http://www.jesus2000.com

Tugann an fiontar tráchtála seo, atá faoi úinéireacht Venture Capital Technology Organization Holdings A.G., pictiúir agus tráchtaireacht don chuairteoir ar ionaid spéisiúla sa Tír Bheannaithe. Maidir le gach ionad spéisiúil, tugann an láithreán gréasáin eolas faoin stair, léarscáil, láithreacha Naofa agus eaglaisí. Mar sin, is láithreán gréasáin é seo atá bunaithe go láidir ar chúrsaí tráchtála agus go leor tagairtí d’earraí cuimhneacháin, taisteal srl.

**http://www.buddhanet.net**

Seo eagraíocht atá cleamhnaithe leis an Buddha Dharma Education Association Inc, a dhéanann iarracht ríomh-ionad cruinnithe a chur ar fáil do dhaoine ar fud an domhain atá tiomanta do theagasc agus stíl mhaireachtála an Bhúda. Tugann an láithreán gréasáin eolas mionsonraithe ar mhórán traidisiún Búdaíoch, idir eolas ar an mBúdachas luath, na láithreacha naofa, teagaisc, scrioptúir, modhanna machnaimh, seimineáir agus ceardlanna. Lena chois sin, cuirtear eolairí ar láithreáin ghréasáin na mBúdaíoch san áireamh agus faoi eagraíochtaí san Astráil, san Áise agus sa Nua-Shéalainn.

**http://www.theresite.org.uk**

Faigheann "The REsite" tacaíocht ó eagraíochtaí Anglacánacha agus cuirtear innéacs taighde speisialta ar fáil don OR ar an láithreán gréasáin. Tugann sé bealach gasta don mhúinteoir chun rochtain a fháil ar na haoisghrúpaí uile maidir le Búdachas, Críostaíocht, Hiondúchas, Ioslamachas, Giúdachas nó Saíceachas. Ceadaíonn an láithreán gréasáin don chuairteoir eolas a chuardach ar topaic ar bith nó faoi aon eagraíocht a bhaineann leis an OR.

**http://www.ort.org**

Bunaíodh an eagraíocht i dtús ama chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna phobail na nGiúdach, ach leathnaíonn an saineolas go poiblí ar bhonn domhanda anois. Soláthraítear buaicphointí míosúla maidir le cúrsaí nuachta, an Bíobla, tionscadail um chomhoibriú idirnáisiúnta, grúpaí pobail srl. Tá rannóg iontach ar an láithreán gréasáin maidir leis an mBíobla a leanúint, a thugann eolas maidir le Léarscáil, Gluais agus Ginealas an Bhíobla, mar aon le rochtain ar théacsanna Eabhraise le tráchtaireacht. Lena chois sin, is fiú cuairt a thabhairt ar an rannóg faoi Dhomhan na nGiúdach, a thugann léargas don chuairteoir ar shlí mhaireachtála na nGiúdach.

**http://www.re-xs.ucsm.ac.uk**

Is tionscnamh é an tSeirbhís Mhalartaithe um Oideachas Reiligiúnach ó Roinn an Léinn Reiligiúnaigh agus Eiticí Sóisialta ag Coláiste Naomh Máirtín, a bhunaigh Eaglais Shasana. Cuireann an láithreán gréasáin eolas ar fáil do gach leibhéal oideachais, ar os cionn scór reiligiún agus córas creidimh. Tá rannóg ann freisin a thabharfaidh acmhainní don mhúinteoir do mhórcheisteanna morálta na linne seo, idir chearta ainmhithe agus eotanáis. Lena chois sin, tugann an láithreán gréasáin tacaíocht agus seirbhís nuachta ar fáil do mhúinteoirí OR agus is féidir iad a úsáid chun nasc a dhéanamh le pobail chreidimh eile mórthimpeall an domhain.

**http://www.christian-aid.org.uk**

Oibríonn Christian Aid le daoine chun cuidiú leo a saol a fheabhsú agus cúiseanna na bochtaineachta agus na héagóra a chomhrac. Cuireann an láithreán gréasáin eolas ar fáil faoin eagraíocht i dtéarmaí nuachta, tuairiscí, nuashonruithe ar thionscadail agus smaointe maidir le hadhradh agus gníomhaíochtaí. Tá an t-ábhar úsáideach go háirithe maidir le rochtain a fháil ar chás-staidéir i ndáil le saincheisteanna an Cheartais agus na Síochána sa Tríú Domhain. Ábhar

eile atá cuiditheach ná an t-ábhar a fhoilsítear trí huaire in aghaidh na bliana le haghaidh eagarthóirí irise na heaglaise.

**http://www.mcgill.pvt.k12.al.us/jerryd/cathmob.htm**

Is éard é an 'Catholic Mobile' ná eolaire ar eolairí Idirlín na gCaitliceach. Soláthraítear 4,800 nasc agus is bealach gasta atá ann chun rochtain a fháil ar gach gné de smaoineamh agus chleachtadh na gCaitliceach.

**http://www.oneworld.net**

Cuireann an láithreán gréasáin seo eolas ar fáil faoin eagraíocht forbraíochta One World. I measc na míreanna atá clúdaithe faoin gcéad ghlúin eile de scoileanna: tá cás-staidéir fíorúsáideacha, mar aon le gníomhaíochtaí ranga agus cluichí oideachasúla.

**http://www.islamicity.org/mosque/pillars.htm**

Déantar gach ceann de chúig cholún Ioslaim a mhíniú go soiléir ar an láithreán gréasáin seo agus iad léirithe ar bhealach a fheabhsaíonn eolas agus tuiscint an dalta ar an traidisiún Ioslamach.

**http://www.jajz-ed.org.il/psruen05.html**

Leagann an láithreán gréasáin seo cuspóirí, ullmhúchán agus nósanna imeachta amach maidir le cluiche ionsamhlúcháin atá deartha ar Eacsadas agus na fadhbanna a bhí le sárú ag Maois agus Pobal Iosrael. Glacann na rannpháirtithe sa chluiche róil laistigh de chúig theaghlach Giúdach, agus clár oibre difriúil ag gach ceann díobh. Tá rólchártaí agus bileoga oibre iniata.

**http://www.jajz-ed.org.il/pstoen05.html**

Déanann an láithreán gréasáin cur síos ar chluiche agus ar cheacht trédhearcachta maidir le Plláta Seder. Déantar an bia ar fad i bpláta Seder na nGiúdach a liostáil agus tugtar míniú mar chuid den chluiche agus den cheacht trédhearcachta.

**http://www.jajz-ed.org.il/year.html**

Cuireann an láithreán gréasáin tráth na gceist pictiúrtha faoi fhéile na nGiúdach ar fáil don chuairteoir. Féadfaidh rannpháirtithe a gcuid freagraí a sheoladh trí ríomhphost chuig an Ionad Oideolaíochta sa Roinn Oideachais do Ghníomhaireacht Ghiúdach Iosrael.

**http://www.christmas.com/html/worldview.html**

Cuireann an láithreán gréasáin eolas ar fáil faoi cheiliúradh séasúrach na Nollag do Chríostaithe agus neamh-Chríostaithe in os cionn 200 tír mórthimpeall an domhain.

**http://ezra.mts.jhu.edu/~rabbiars/synagogue/**

Tugann an láithreán gréasáin turas fíorúil de shionagóg don chuairteoir chomh maith le heolas ar stair, dearadh, deasghnátha agus an saol oibre ginearálta. Lena chois sin, cuirtear gluais ar théarmaí Eabhraise san áireamh agus an bhrí a bhaineann leo i mBéarla.
**http://www.scoilnet.ie**

Déileálann an réimse ábhair ar Oideachas Reiligiúnach sa láithreán seo le raon topaicí agus ábhair acmhainní - cuid acu a bhaineann le rannóga an tsiollabais.

**http://www.interfaithcalendar.org/**

Ag baint leasa as féilire idirchreidimh, breathnaíonn an láithreán gréasáin seo ar an mbealach a thugann ceiliúradh na féile agus deasghnátha sollúnta na dtraidisiún spioradálta maidir leis na mór-reiligiúin dhomhanda léargas faoina dtuiscintí ar bhrí na beatha.

**http://www.vatican.va/phome_en.htm**

Tugann láithreán gréasáin na Vatacáine léargas ginearálta ar ghnéithe éagsúla an tsaoil sa Suí Naofa. Is féidir leis an gcuairteoir eolas a fháil maidir leis an Roman Curia, Seirbhís Nuachta na Vatacáine, Leabharlann na Vatacáine, Cartlanna agus Músaeim, imeachtaí Iubhaile agus léargas ar an saol i Stát Chathair na Vatacáine.

**http://www.ireland.anglican.org**

Lán le heolas ar Eaglais na hÉireann - seo an láithreán gréasáin oifigiúil faoin gcomaoineach Anglacánach in Éirinn. Tá neart acmhainní agus faisnéise ar fáil anseo.

## LÁITHREÁIN ÚSÁIDEACHA EILE:

www. logos.ie

www. presbyterianireland.org

www. jesuit.ie/prayer

www. oremus.org

www. faithinschool.org

Creidiúintí - Buíochas le POPPERFOTO, Londain as ucht úsáid an ghrianghraif ar leathanach 61. Tagairt – croitheadh lámh leis an bPápa.